NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

# Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: Iniúchadh Curaclaim Idirnáisiúnta

## Tuarascáil ar phríomhthorthaí

Samhain 2021

**Sharon O'Donnell & Catherine Higginson**
**Sharon O'Donnell Taighde deasc oideachais don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

# An Clár Ábhar


## 03

Achoimre Fheidhmeach

## 08

1. **Réamhrá agus comhthéacs**
   Ceithre phríomhcheist taighde 08
   Sé dhlínse 08
   Modheolaíocht 09
   Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe 09

## 10

2. **Sainmhínithe ar OFI**

## 13

3. **Físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI**
   Snáitheanna coiteanna agus miondifríochtaí sna sainmhínithe, físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI 18

## 21

4. **Áit OFI sa churaclam**
   OFI i bhfís, luachanna agus aidhmeanna an churaclaim 26
   OFI ina thosaíocht thraschuraclaim 27
   Leanúnachas agus dul chun cinn 29

## 30

5. **Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim le haghaidh OFI**
   Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim sna luathbhlianta 30
   Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim i gcuraclam na bunscoile agus na meánscoile 35
   Snáitheanna agus miondifríochtaí coitianta maidir le hábhar an chúrsa, le scileanna agus le hinniúlachtaí OFI 45

## 47

6. **Príomháisitheoirí do theagasc agus d'fhoghlaim an OFI**
   Oideolaíocht agus dea-chleachtas a mholtar 55

## 58

7. **Leasuithe a rinneadh le déanaí**

## 60

8. **Ceisteanna conclúide**
   Aguisín 1: Ceisteanna taighde 63
   Gluais na dtéarmaí agus na ngiorrúchán 64
   Tagairtí 67

# Achoimre Fheidhmeach

Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an t-iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta seo ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) i samhradh 2021 chun bonn eolais a chur faoin treoir straitéiseach le haghaidh OFI i gcuraclam na hÉireann. Déantar scrúdú léirbhreithniú deisce ar an tslí ina gcomhtháthaíonn sé dhlínse teagasc agus foghlaim OFI laistigh dá gcuraclaim (leibhéal luathóige, bunscoile agus iar-bhunscoile), agus cuireann sé léargais ar fáil maidir leis an tslí a léirmhíníonn agus a láimhseálann na dlínsí roghnaithe (Albain, an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin agus an tSualainn) fís Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA) le haghaidh OFI. Díríonn an fhís seo ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 (SDG 4) ar Oideachas Ardchaighdeáin, agus ar aidhm 4.7 go sonrach (EOECNA, 2020, lch. 14):

> **"Cinntigh go bhfaigheann gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn faoi 2030, lena n-áirítear, oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cur chun cinn na síochána agus neamhfhoréigin, saoránacht dhomhanda agus léirthuiscint d'éagsúlacht chultúrtha agus tionchar an chultúir ar fhorbairt inbhuanaithe.**

Ghlac an staidéar deisce, atá bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, lena n-áirítear doiciméid idirnáisiúnta stiúrtha, straitéisí nó beartais náisiúnta le haghaidh OFI, agus creatchuraclam nó doiciméid threoracha, le modheolaíocht a mbaineann dhá chéim léi. Rinneadh 'Tábla Tíre' mionsonraithe le haghaidh gach dlínse i gcéim a haon agus aird á tabhairt ar cheithre phríomhcheist taighde. Tháinig príomhthorthaí na tuarascála seo i ndiaidh anailís ar na Táblaí i gcéim a dó. Tá sé neamhspleách ach cuireann na Táblaí bonn eolais faoi agus tá siad ar fáil i ndoiciméad eile.

Leagann an achoimre feidhmiúcháin seo béim ar phríomhthorthaí an staidéir seo agus aird á tabhairt ar cheithre cheist taighde.

1. Cad é an aidhm nó an cuspóir atá léirithe le haghaidh OFI sa straitéis OFI, nó sa bheartas curaclaim/sa chreatchuraclam d'oideachas na luathbhlianta, na bunscoile nó na meánscoile?

2. Cén áit a bhfuil OFI sna creatchuraclaim/doiciméid bheartais agus conas a chomhtháthaítear é sa churaclam?

3. Cén fhaisnéis ábhair OFI a chomhtháthaítear s(n)a c(h)reatchuracla(i)m/doiciméid bheartais, agus céard é an bhéim ar fhaisnéis ábhair OFI, inniúlachtaí agus scileanna sna doiciméid seo?

4. Conas a spreagtar agus a thacaítear le OFI sa churaclam; cad iad na príomháisitheoirí a thacaíonn le OFI sa churaclam?

**Aidhmeanna agus cuspóirí le haghaidh OFI:** Tá snáitheanna a nascann na príomhphrionsabail atá mar bhonn faoi na sainmhínithe, físeanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI le chéile in Albain, san Astráil, sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn. Ina measc seo tá prionsabal Brundtland maidir le forbairt inbhuanaithe mar fhorbairt a chomhlíonann riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá fós le teacht a riachtanais siúd a chomhlíonadh (na Náisiúin Aontaithe, 1987). Dírítear i gcoiteann ar OFI ag comhtháthú trí phríomhbhunchloch na Náisiún Aontaithe maidir le forbairt inbhuanaithe – bunchloch an chomhshaoil, an bunchloch gheilleagrach agus an bhunchloch shóisialta (áirítear leis an gceann deiridh peirspictíocht chultúrtha agus pholaitiúil). Is príomh-aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI ar fud na ndlínsí iad prionsabail na saoránachta áitiúla, náisiúnta agus domhanda, chomh maith le fócas ar OFI mar ní claochlaitheach atá treoraithe ag an todhchaí agus gníomhartha. Is gá inniúlachtaí, chun athruithe a aithint agus dul in oiriúint dóibh, a fhorbairt chomh maith leis an mbealach a maireann agus a n-oibrímid a athdhearadh le teagasc agus foghlaim a chumasaíonn daoine óga bearta feasacha a dhéanamh.

Is iondúil go gcomhtháthaíonn aidhmeanna agus cuspóirí le haghaidh OFI gnéithe maidir le cúram, meas, comhbhá, agus freagracht as an gcomhshaol agus an daonnacht agus, san Astráil, áit a bhfuil OFI nasctha go dlúth leis an straitéis náisiúnta um dhúlra, cuirtear béim faoi leith ar chothroime agus ar cheartas sóisialta. Is prionsabail thábhachtacha iad na nithe deireanacha sin in Albain freisin, áit atá uathúil toisc go bhfuil gach foghlaimeoir i dteideal OFI. Tá forbairt na ceannaireachta chun sochaí inbhuanaithe a thógáil i gcroílár na físe le haghaidh OFI sa tSeapáin, ach cuireann straitéis náisiúnta na Nua-Shéalainne béim ar pheirspictíocht uathúil na tíre agus í ina hoileán, chomh maith le náisiún na Maorach in mbíonn daoine aonair agus pobail ina gcaomhnóirí (*kaitiaki*) comhshaoil.

**Comhtháthú OFI mar chuid den churaclam:** Comhtháthaíonn gach ceann de na sé dhlínse OFI mar chuid den churaclam ar chúpla bealach agus ar fud na gcéimeanna (leibhéal na luathbhlianta, na bunscoile agus na meánscoile). Féadfaidh sé bheith ina théama, thosaíocht nó ábhar traschuraclaim, agus tá sé beartaithe go gcotháthófar é i dteagasc agus foghlaim gach ábhair (Albain, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, an tSualainn), agus tá sé leabaithe sna sé dhlínse in ábhar lárnach agus riachtanais faisnéise nó spriocanna gnóthachtála le haghaidh ábhar aonair/réimsí foghlama. Féadfar OFI a theagasc i dtopaicí nó téamaí idirdhisciplíneacha (m.sh. sa Danmhairg agus sa tSeapáin); a chomhtháthú i gcur chuige maidir le hinbhuanaitheacht a chuimsíonn an scoil ar fad (Albain, an

Nua-Shéalainn, an tSeapáin); bheith mar bhonn faoi aidhm nó prionsabal curaclaim (Albain, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn agus an tSualainn); nó a chomhtháthú i sonraíocht cáilíochta[1] (Albain, an Astráil, an Nua-Shéalainn).

I gcás ina mbeadh OFI ina théama, tosaíocht nó ábhar traschuraclaim, d'fhéadfadh sé a bheith ann i dteannta cinn eile, lena n-áirítear tuiscint idirnáisiúnta, oideachas faisnéise agus sláinte agus folláine sa tSeapáin. In Albain agus san Astráil, áiteanna ina bhfuil an fhreagracht ag múinteoirí as OFI a theagasc, bíonn sé le fáil i dteannta le litearthacht, uimhearthacht, sláinte agus folláine, agus litearthacht dhigiteach (Albain), agus Stair agus Cultúir na mBundúchasach agus Oileánaigh Zenadh Kes, agus Rannpháirtíocht na hÁise agus na hAstráile leis an Áise (an Astráil). D'fhéadfaí go bhfuil neamhaird á tabhairt ar an teagasc sin san Astráil, áfach toisc go bhfuil an iomarca sa churaclam agus an iomarca gníomhaíochtaí seach-churaclaim ['overcrowded curriculum and excessive extra-curricular activities'] (EOECNA, 2021c, lch. 27). D'fhéadfadh sé seo a mhíniú an fáth a bhfuil sé ina phríomhaidhm de chuid an athbhreithnithe leanúnaigh ar an gcuraclam ábhar curaclaim reatha a bheachtú, a ailíniú arís agus a laghdú, chomh maith leis an ngaol idir na tosaíochtaí traschuraclaim agus ábhar na réimsí foghlama aonair a fheabhsú.

D'fhéadfaí OFI a chomhtháthú sa tsonraíocht cháilíochta le haghaidh na n-ábhar aonair a d'fhéadfadh scoláirí a roghnú le staidéar a dhéanamh orthu chun cur leis an ardteistiméireacht shinsearach dara leibhéil san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Ceanglaítear ar Scottish Qualifications Authority [Údarás Cáilíochtaí na hAlban] agus Education Scotland [Oideachas na hAlban] in Albain machnamh a dhéanamh ar chuimsiú ábhar a bhaineann le OFI nuair a dhéantar athbhreithniú ar cháilíochtaí. An aidhm atá ann ná ardán a sholáthar chun topaicí a bhaineann le OFI a chur ar fáil mar phríomhghné de chleachtas teagaisc agus foghlama.

Is aidhm ghinearálta ar fud na ndlínsí é leanúnachas agus dul chun cinn curaclaim a chinntiú, m.sh. agus eagrúchán agus struchtúr comhchosúil a chinntiú thar na trí dhoiciméad curaclaim le haghaidh na trí chéim faoi leith sa tSualainn, nó riachtanais churaclaim a chur ar fáil go sonrach mar dhul chun cinn foghlama mar atá sa Churaclam um Fheabhas in Albain. D'fhéadfaí go mbeadh baint ag na haidhmeanna le haghaidh leanúnachas curaclaim le OFI. Tá na bunluachanna agus aidhmeanna, tascanna agus spriocanna foriomlána le haghaidh forbairt inbhuanaithe sa tSualainn (mar a leagtar amach sna trí dhoiciméad curaclaim[2]) cosúil lena chéile ar fud na gcéimeanna, agus é i gceist tacú le leanúnachas agus le dul chun cinn. Déanann an tSeapáin iarracht leanúnachas i dteagasc agus foghlaim OFI a chinntiú, agus úsáid na n-oideolaíochtaí céanna i ngach céim den oideachas a mholadh go háirithe.

**Faisnéis ábhair, scileanna agus inniúlachtaí OFI:** Tugtar rud difriúil ar OFI i gcuraclam na hAlban, na hAstráile agus na Nua-Shéalainne. Tugtar 'Inbhuanaitheacht' (nó 'Oideachas don

---

[1] Leagann sonraíocht cháilíochta amach na príomhscileanna, tuiscint agus eolas a mbeifí ag súil go mbeidh ag an scoláire faoi dheireadh an chúrsa. Tugtar siollabas cáilíochta air seo uaireanta. Tá gnéithe a bhaineann le OFI i sonraíocht cháilíochta i roinnt dlínsí (m.sh. eolaíocht mhuirí, domhaneolaíocht agus eolaíocht imshaoil, dearadh agus teicneolaíocht).

[2] Don Réamhscoil (Lpfö 18), Compulsory School, Preschool Class and School-age Educare [Scoil Éigeantach, Rang Réamhscoile agus Oide-chúram Aois-scoile], agus Upper Secondary School [Meánscoil Shinsearach]

Inbhuanaitheacht') air san Astráil, agus Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI) i straitéis náisiúnta na Nua-Shéalainne agus in *Te Whāriki* – curaclam na luathóige. Úsáidtear an téarma Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) i gCuraclam na Nua-Shéalainne (aois 5-18), agus Foghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) in Albain.

D'fhéadfadh an téarmeolaíocht agus an t-eagrúchán a úsáidtear don churaclam OFI bheith difriúil ar fud na ndlínsí, ach tá snáitheanna iontu ar fad a cheanglaíonn faisnéis ábhair an churaclaim, scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh OFI le chéile. Áirítear leo sin ábhar a dhíríonn ar thionchar daoine ar an gcomhshaol; idirspleáchas na ndaoine agus an chomhshaoil, chomh maith le hidirspleáchas chórais an Domhain agus na gcóras sóisialta, eacnamaíoch, éiceolaíoch, cultúrtha agus polaitiúil; agus tábhacht an chúraim, an mheasa agus na freagrachta don gcomhshaol. Cuireann scileanna agus inniúlachtaí béim ar fhorbairtí na gcumas a bhaineann le freagairt don athrú agus inbhuanaitheacht, dul in oiriúint dó agus dearadh dó le scileanna a bhaineann le smaointeoireacht chriticiúil, fiosrúchán agus cur i bhfeidhm; chun cearta agus freagrachtaí, srianta agus teorainneacha a aithint; agus chun rannpháirtíocht ghníomhach fheasach, freagracht shóisialta agus saoránacht áitiúil, náisiúnta agus domhanda a léiriú.

**Príomháisitheoirí le haghaidh OFI sa churaclam:** Níl aon ábhar curaclaim lárnach éigeantach don OFI thar na dlínsí, seachas aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar chuid d'ábhar aonair nó de shonraíochtaí cáilíochta. Mar sin de, is faoina scoileanna atá an cinneadh maidir le treoracha curaclaim agus treoir OFI a léirmhíniú agus a thabhairt isteach sa chleachtas laethúil.

I measc na bpríomhchóras tacaíochta atá ann chun coinníollacha fabhracha do theagasc agus foghlaim OFI tá OFI a leabú laistigh de chaighdeáin ghairmiúla do mhúinteoirí (Albain, an Nua-Shéalainn); tacaíocht ghairmiúil forbartha a sholáthar; cur chuige maidir le OFI a leabú ar fud na scoile; tacú le rannpháirtíocht i líonraí, tionscnaimh agus cláir oifigiúla OFI náisiúnta agus idirnáisiúnta; treoir ar líne a sholáthar. D'fhéadfaí a áireamh le treoir ar líne samplaí cleachtais, acmhainní nasctha ar líne, agus comhairle faoi oideolaíocht mholta.

Aithníonn moltaí oideolaíochta na príomháisitheoirí le haghaidh teagasc agus foghlaim éifeachtach don OFI mar fhiosrúchán arna threorú ag scoláirí; tascanna comhoibríocha, obair i ngrúpaí, agus piarfhoghlaim; rannpháirtíocht fhiúntach i gcinnteoireacht maidir le saol na scoile agus an phobail; cur chuige réiteach fadhbanna bunaithe ar fhiosrúcháin; aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna san fhíorshaol agus úsáid á baint as an méid atá foghlamtha; tuismitheoirí agus an mórphobal a thabhairt isteach; agus dul chun cinn áitiúil go domhanda a úsáid agus/nó nascadh le scoileanna i dtíortha eile chun idircheangailteacht an domhain a fhiosrú. Is féidir leis an bhfoghlaim allamuigh/ teagmháil leis an dúlra a bheith tábhachtach le haghaidh OFI éifeachtach, ag úsáid oideachas sa chomhshaol chun tacú le hoideachas maidir leis an gcomhshaol agus oideachas don chomhshaol.

Sonraítear i moltaí na hAstráile ar fhorbairt ghairmiúil um dhea-chleachtas in OFI le haghaidh múinteoirí, gur cheart go gcuirfí taithí ón bhfíorshaol san áireamh amhail turais allamuigh; go

dtacófaí leis an gcreatchuraclam agus go mbeadh sé ábhartha don chomhthéacs múinte; líonrú le cleachtóirí eile laistigh agus lasmuigh den earnáil scoile; agus scoláirí a chuimsiú nuair is cuí.

Tabharfaidh na léargais a thug an t-iniúchadh ar na socruithe don teagasc agus don fhoghlaim OFI in Albain, san Astráil, sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn túsphointe do phlé CNCM agus machnamh ar roinnt príomhcheisteanna chun bonn eolais a chur faoin treo straitéiseach sa churaclam go dtí 2030. Beidh na ceisteanna agus léargais seo tábhachtach chomh maith do lucht déanta beartas agus do lucht deartha curaclaim atá freagrach as forbairt OFI sa churaclam in áiteanna eile.

Tá an curaclam á athdhearadh faoi láthair ar fud 11 bhliainghrúpa sa réimse oideachais (bunscoil agus sraith shinsearach) in Éirinn. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ar churaclam na bunscoile, athfhorbairt na sraithe sinsearaí, nuashonrú ar chreatchuraclam na luathbhlianta, agus tacaíocht leanúnach do chur chun feidhme na sraithe sóisearaí. Is féidir le torthaí an iniúchta eolas díreach a thabhairt don obair agus don phlé tacaíochta seo, do dhíospóireacht agus do chinnteoireacht maidir leis an mbealach ar féidir tacú níos fearr le OFI mar chuid d’fhoghlaim na bpáistí agus na ndaoine óga agus, sa deireadh, a smaointeoireacht agus a ngníomhartha i dtaca leis an inbhuanaitheacht, mar shaoránaigh a mbeidh fíor-éifeacht acu ar an domhan a mhúnlú sna blianta romhainn.

# 1. Réamhrá agus comhthéacs

Choimisiúnaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta i samhradh 2021 i gcomhthéacs fhorbairt an dara straitéis náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) in Éirinn go dtí 2030. Rachaidh sé seo in áit na straitéise le haghaidh 2014-2020 (ROS, 2014).

Aidhm an athbhreithnithe deisce seo ná bonn eolais a chur faoin treo athraitheach le haghaidh OFI i gcuraclam agus obair mheasúnachta CNCM go dtí 2030, agus scrúdú á dhéanamh ar an mbealach a gcomhtháthaíonn sé dhlínse idirnáisiúnta teagasc agus foghlaim ina gcuraclaim (luathóige, bunscoil agus iar-bhunscoil). Bhí sé i gceist aige freisin léargais a chur ar fáil maidir leis an tslí a léirmhíníonn agus a láimhseálann na dlínsí roghnaithe (Albain, an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin agus an tSualainn) fís EOECNA le haghaidh OFI (féach lch 10 thíos).

Tugann an tuarascáil seo anailís agus achoimre ar phríomhthorthaí an iniúchta.

## CEITHRE PHRÍOMHCHEIST TAIGHDE

Dhírigh an staidéar ar cheithre phríomhcheist taighde:

1. What Cad é an aidhm nó an cuspóir atá léirithe le haghaidh OFI sa straitéis OFI, nó sa bheartas curaclaim/sa chreatchuraclam d'oideachas na luathbhlianta, na bunscoile nó na meánscoile?
2. Cén áit a bhfuil OFI sna creatchuraclaim/doiciméid bheartais agus conas a chomhtháthaítear é sa churaclam?
3. Cén fhaisnéis ábhair OFI a chomhtháthaítear s(n)a c(h)reatchuracla(i)m/doiciméid bheartais, agus céard é an bhéim ar fhaisnéis ábhair OFI, inniúlachtaí agus scileanna sna doiciméid seo?
4. Conas a spreagtar agus a thacaítear le OFI sa churaclam; cad iad na príomháisitheoirí a thacaíonn le OFI sa churaclam?

Tá na ceisteanna taighde mionsonraithe agus na príomhábhair mhachnaimh le fáil ina n-iomláine in Aguisín 1. Bhí sé d'aidhm acu a bheith sonrach go leor chun faisnéis ábhartha ar OFI i gcuraclam na ndlínsí idirnáisiúnta a fháil agus comparáid a dhéanamh eatarthu, fad is a thuigfí go raibh difríochtaí áirithe eatarthu maidir leis an gcur chuige.

## SÉ DHLÍNSE

Roghnaíodh na sé dhlínse – Albain, an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin agus an tSualainn – chun léargas a thabhairt ar réimse leathan cur chuige i leith OFI sa churaclam. Roghnaíodh iad chun leibhéil éagsúla rialachais, lárúcháin, treorach agus solúbthachta a léiriú, chomh maith le réimse modhanna a thacaíonn le forfheidhmiú. Roghnaíodh freisin iad chun léargas a thabhairt ar an mbealach a gcomhtháthaítear OFI ar fud chéimeanna an oideachais agus ar aon athbhreithniú a rinneadh ar sholáthar nó nuálaíocht OFI le déanaí. Bhí sé beartaithe go léireodh an rogha dlínsí ina gcomhtháthaítear OFI sa churaclam go feiceálach, mar ghné nó riachtanas traschuraclaim, nó rud cosúil leis sin, agus na dlínsí sin ina bhfuil tionchar láidir ag líonraí nó tionscnaimh OFI ar an áit atá aige sa churaclam.

## MODHEOLAÍOCHT

Bhí modheolaíocht dhá chéim ag baint leis an staidéar deisce: rinneadh 'Tábla Tíre' do gach dlínse leis an bhfaisnéis a bailíodh i gcéim a haon. Bhain sé seo leis na ceisteanna taighde agus na príomhábhair mhachnaimh. Rinneadh anailís ar na Táblaí Tíre i gcéim a dó agus tá an tuarascáil seo ar phríomhthorthaí ina toradh air sin. Tá sé neamhspleách ach cuireann na táblaí mionsonraithe, atá ar fáil ina n-aonar, bonn eolais faoi.

Tháinig an fhaisnéis ar fad don staidéar deisce ó fhoinsí Béarla a bhí ar fáil go poiblí, foinsí a d'fhoilsigh gníomhaireachtaí náisiúnta, mar shampla, amhail aireachtaí oideachais, eagraíochtaí curaclaim/cáilíochtaí, nó lárionaid saineolais ar ábhar, mar shampla, nó eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail na Náisiún Aontaithe agus EOECNA. I measc na bhfoinsí bhí doiciméid idirnáisiúnta stiúrtha, straitéisí nó beartais náisiúnta le haghaidh OFI, agus creatchuraclam nó doiciméid threoracha. Déantar tagairt do gach foinse ag deireadh na tuarascála, agus tá naisc url sa téacs do phríomhdhoiciméid ar fud na tuarascála, más ábhartha.

# Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

Ba é World Commission on Environment and Development [an Coimisiún Domhanda um Chomhshaol agus Forbairt] a d'fhorbair na prionsabail threoracha le haghaidh forbairt inbhuanaithe, mar a thuigtear é sa lá atá inniu ann, in 1987, sa tuarascáil *Our Common Future* (the 'Brundtland Report') (na Náisiúin Aontaithe, 1987). Ina measc seo bhí an prionsabal gur forbairt í forbairt inbhuanaithe a chomhlíonann riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na glúnta atá fós le teacht a riachtanais siúd a chomhlíonadh. Chuir na Náisiúin Aontaithe an coincheap chun cinn agus ghlac sé le Decade of Education for Sustainable Development (UN-DESD) [Deich mBliana an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe] (2005-2014) (EOECNA, 2021a) don phobal idirnáisiúnta tar éis an Chruinnithe Mullaigh ar Fhorbairt Inbhuanaithe in 2002, nuair a beartaíodh coincheap an Oideachais don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) Aidhm fhoriomlán UN-DESD ná prionsabail, luachanna agus cleachtais na forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú i ngach gné den oideachas agus den fhoghlaim. D'aithin sé OFI mar phríomhghné den oideachas ardchaighdeáin agus cumasóir ríthábhachtach le haghaidh forbairt inbhuanaithe, á shonrú mar an próiseas oideachais chun forbairt daonna a bhaint amach, rud a chuimsíonn na trí bhunchloch – fás geilleagrach, forbairt shóisialta, agus cosaint chomhshaoil, ar bhealach cuimsitheach cothrom cobhsaí.

Tógann Roadmap for Education for Sustainable Development [Treoir don Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe] (UNESCO, 2020), an creat domhanda le haghaidh chur chun feidhme straitéis EOECNA le haghaidh OFI 2020-2030, ar an gClár Gníomhaíochta Domhanda ar OFI (GAP 2015-2019) (UNESCO, 2021b), agus leagann sé béim ar bhaint an oideachais le gnóthachtáil na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe. Seo iad na 17 sprioc ag croílár Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030, ar ghlac gach Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe leo in 2015. Aithníonn na spriocanna nach mór go mbeadh deireadh a chur le bochtanas agus ganntanas eile ag forbairt le straitéisí a fheabhsaíonn sláinte agus oideachas, a laghdaíonn éagothroime, agus a ghríosaíonn fás geilleagrach, fad is a thugtar aghaidh ar an athrú aeráide agus obair á déanamh chun an comhshaol nádúrtha a chaomhnú.

# 2. Sainmhínithe ar OFI

Deir Roadmap for Education for Sustainable Development EOECNA go ndéanann Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe na nithe a leanas:

> ... empowers learners with knowledge, skills, values and attitudes to take informed decisions and make responsible actions for environmental integrity, economic viability and a just society empowering people of all genders, for present and future generations, while respecting cultural diversity. [cumasaíonn sé foghlaimeoirí le heolas, scileanna, luachanna agus dearcthaí chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus bearta freagracha a ghlacadh le haghaidh iontaofacht chomhshaoil, inmharthanacht gheilleagrach agus sochaí chóir a chumasaíonn gach duine, sna glúnta reatha agus i nglúnta amach anseo, fad is a léirítear meas ar éagsúlacht chultúrtha]
>
> ... is a lifelong learning process and an integral part of quality education that enhances cognitive, social and emotional and behavioural dimensions of learning. [is próiseas foghlama ar feadh an tsaoil é agus dlúthchuid den oideachas ardchaighdeáin a fheabhsaíonn gnéithe cognaíocha, sóisialta agus mothúchánacha agus iompair foghlama]
>
> ... is holistic and transformational and encompasses learning content and outcomes, pedagogy and the learning environment itself. [tá sé iomlánaíoch agus athraitheach agus cuimsíonn sé ábhar agus torthaí foghlama, oideolaíocht agus an an timpeallacht foghlama é féin]
>
> ... is recognised as a key enabler of all SDGs and achieves its purpose by transforming society [aithnítear é mar phríomhháisitheoir gach SDG agus baineann sé an cuspóir amach agus an tsochaí á hathrú] (EOECNA, 2020, lch. 8.).

As na sé dhlínse a ndéantar scrúdú orthu sa taighde seo, tá sainmhíniú faoi leith de OFI i ndoiciméad straitéise, doiciméad curaclaim, plean gníomhaíochta, nó ráiteas beartais le haghaidh OFI de chuid na hAlban, na hAstráile, na Nua-Shéalainne agus na Seapáine. Déanann Tábla 1 achoimre ar na sainmhínithe seo agus na doiciméid as a dtagann siad.

## Tábla 1: Sainmhínithe ar OFI. Céard is Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe ann?

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| An Astráil | Ráiteas forléargais le haghaidh thosaíocht thraschuraclaim na hInbhuanaitheachta faoi Churaclam leasaithe na hAstráile, le tabhairt isteach in 2022 (ACARA, 2021b, lch. 3) | Tugann inbhuanaitheacht aghaidh ar acmhainn an Domhain tacú leis an mbeatha. Déanann pátrúin inbhuanaithe iarracht riachtanais na glúine reatha a chomhlíonadh gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht a gcuid riachtanas féin a shásamh. D'fhéadfaí gníomhartha chun inbhuanaitheacht a fheabhsú a dhéanamh go haonarach nó ar bhealach comhoibríoch thar phobail áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda. Éilíonn siad cur chuige tomhaiste maidir leis an mbealach a n-idirghníomhaíonn daoine lena chéile agus leis an gcomhshaol; ba cheart dóibh luachanna a bhaineann le cúram, meas agus freagracht a léiriú, agus a iarradh ar dhaoine aonair agus ar phobail athruithe a aithint, dul in oiriúint agus iad a láimhseáil. |
| An tSeapáin | Leathanach gréasáin na hAireachta Oideachais, Cultúir, Spóirt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (MEXT), Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe | Sainmhíníonn MEXT OFI mar oideachas a chothaíonn tógálaithe sochaí inbhuanaithe ('education that fosters the builders of a sustainable society'). Cuimsítear leis gníomhaíochtaí foghlama agus oideachais a fhorbraíonn luachanna malartacha agus gníomhartha claochlaitheacha chun sochaí inbhuanaithe a bhaint amach agus chun a chinntiú gur féidir leis an domhan mór saol flúirseach a chinntiú do na glúnta atá le teacht. |
| An Nua-Shéalainn | Environmental Education for Sustainability Strategy and Action Plan 2017-2021 [Oideachas Comhshaoil do Straitéis Inbhuanaitheachta agus Plean Gníomhaíochta 2017-2021] (New Zealand Department of Conservation, 2017, lch. 3) | Sainmhínítear Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI) mar ní a dhéanann níos mó ná faisnéis faoin gcomhshaol a chur in iúl, agus bealaí a bhfuil sé i mbaol mar gheall ar ghníomhaíocht na ndaoine. Cabhraíonn OCdI le daoine agus pobail a gcuid tuisceana, scileanna agus spreagadh a fhás chun bheith ag obair le chéile agus ag forbairt réiteach, bheith ina gcaomhnóirí don chomhshaol, agus comhshaol agus sochaí shláintiúil a chur chun cinn. Cumasaíonn sé daoine agus pobail chun cinntí a bhaineann leosan a dhéanamh agus is cur chuige iomlánaíoch é chun náisiún lán le daoine nuálacha spreagtha a smaoiníonn agus a ghníomhaíonn go hinbhuanaithe a chruthú.<br><br>Anuas ar scileanna praiticiúla agus tuiscint eolaíoch a chruthú, comhtháthaíonn OCdI gné láidir dhaonna, lena n-áirítear meas ar réimse peirspictíochtaí, éagothroime a laghdú agus iarracht chomhoibríoch a chur chun cinn. |

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| An Nua-Shéalainn (Ar lean) | Na treoirlínte don Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI) in *Te Whāriki* (an curaclam luathóige, 0-5) | Sainmhínítear OCdI mar ní a théann níos faide ná aire a thabhairt don chomhshaol agus díríonn sé ar fholláine shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach dhomhanda gach duine agus an domhain, agus an bhithéagsúlacht a bhraitheann air. Cuimsíonn sé maitrís a mbaineann saoránacht dhomhanda, daonlathas agus an comhshaol léi. |
| | Curaclam na Nua-Shéalainne ar líne (5-18) | Sainmhínítear Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) mar fhoghlaim chun smaoineamh agus gníomhú ar bhealaí a shábhálfaidh folláine na ndaoine agus an domhain amach anseo. |
| Albain | How Good is Our School? (Education Scotland, 2015, lch. 59) | Sa chreat seo le haghaidh féinmheasúnacht scoile, sainmhíníonn Education Scotland Foghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) mar mheon i leith na beatha agus na foghlama a chumasaíonn foghlaimeoirí, oideachasóirí, scoileanna agus na pobail níos leithne chun sochaí inbhuanaithe chothrom a bhfuil cearta sóisialta inti a thógáil. Nascann cur chuige a chuimsíonn an scoil agus an pobal iomlán i leith FdI an saoránacht dhomhanda, an t-oideachas um fhorbairt inbhuanaithe agus an fhoghlaim allamuigh le chéile, chun taithí foghlama atá ciallmhar, tairbheach agus claochlaitheach a chruthú. |
| | Learning for Sustainability Action Plan [An Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht] (Education Scotland, 2019b, lch. 1) | Sainmhínítear FdI mar chur chuige traschuraclaim chun taithí foghlama ciallmhara, tairbheacha agus claochlaitheacha a chruthú, agus foghlaimeoirí, oideachasóirí, scoileanna agus á gcuid pobal níos leithne a chumasú chun sochaí ina bhfuil cearta sóisialta agus atá idir inbhuanaithe agus chothrom a chruthú. |

Cé nach leagtar amach aon sainmhíniú faoi leith maidir le OFI i ndoiciméid beartais ná i straitéis sa tSualainn, tagann coincheap na forbartha inbhuanaithe ó na prionsabail threoracha i dtuarascáil Brundtland (na Náisiúin Aontaithe, 1987), a shainmhíníonn forbairt inbhuanaithe mar fhorbairt a chomhlíonann riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na glúnta atá fós le teacht a riachtanais siúd a chomhlíonadh. Baineann coincheap na Sualainne i leith OFI le Clár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 agus trí bhunchloch na forbartha inbhuanaithe – an bhunchloch gheilleagrach, an bhunchloch shóisialta agus an bhunchloch chomhshaoil.

# 3. Físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI

Díríonn Roadmap for Education for Sustainable Development [Treoir don Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe] (an straitéis le haghaidh OFI 2020-2030) ó EOECNA ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 (SDG 4) ar Oideachas Ardchaighdeáin, agus ar aidhm 4.7 go sonrach:

> **Cinntigh go bhfaigheann gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn faoi 2030, lena n-áirítear, oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cur chun cinn na síochána agus neamhfhoréigin, saoránacht dhomhanda agus léirthuiscint d'éagsúlacht chultúrtha agus tionchar an chultúir ar fhorbairt inbhuanaithe.**
>
> **EOECNA, 2020, lch 14**

Sprioc na Treorach ná domhan níos córa inbhuanaithe a chruthú agus OFI á neartú agus cur le baint amach na 17 SDG. Na spriocanna atá aige ná:

> Integrate ESD and the 17 SDGs into policies, learning environments, capacity building of educators, the empowerment and mobilisation of young people, and local level action. [OFI agus na 17 SDG a chomhtháthú i mbeartais, timpeallachtaí foghlama, forbairt acmhainne oideachasóirí, cumasú agus spreagadh daoine óga agus gníomh ag an leibhéal áitiúil]
>
> Promote the integration of sustainable development and the SDGs into education and learning, as well as ensuring the integration of education and learning into all activities that promote sustainable development and the SDGs. [Comhtháthú na forbartha inbhuanaithe agus na SDGanna a chur chun cinn san oideachas agus foghlaim, chomh maith lena chinntiú go gcomhtháthaítear an t-oideachas agus an fhoghlaim inbhuanaithe i ngach gníomhaíocht a chuireann forbairt inbhuanaithe agus na SDGanna chun cinn]
>
> UNESCO, 2020, pp.14-15.

Léiríonn na sé dhlínse atá sa staidéar seo sprioc SDG 4.7 agus sprioc agus cuspóirí Threoir EOECNA ar réimse bealaí sna straitéisí náisiúnta agus pleananna gníomhaíochta le haghaidh forbairt inbhuanaithe. Tugann Tábla 2 achoimre ar na físeanna, na spriocanna, na haidhmeanna agus na tosaíochtaí le haghaidh OFI mar a leagtar amach sna doiciméid seo. Chun críche comparáide, áirítear leis an gcuspóir atá sa Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020 (ROS, 2014). Tá athbhreithniú á dhéanamh air seo faoi láthair mar chuid den obair ar straitéis náisiúnta eile.

## Tábla 2: Físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Físeanna, spriocanna agus aidhmeanna |
|---|---|---|
| Éire | An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (ROS, 2014) | Tá sé d'aidhm ag an Straitéis Náisiúnta a chinntiú go gcuireann an t-oideachas leis an bhforbairt inbhuanaithe tríd an eolas ('céard') ábhartha a thabhairt don fhoghlaimeoir, na príomh-mheonta agus scileanna ('cén chaoi') agus na luachanna ('cén fáth') a spreagfaidh agus a chumhachtóidh é ar feadh a shaoil chun bheith ina shaoránach eolach gníomhach a rachaidh i mbun gnímh ar mhaithe le todhchaí níos inbhuanaithe (lch. 3). |
| An Astráil | Strategy for Nature 2019-2030 [An Straitéis don Dúlra 2019-2030] (Australia's Nature Hub, 2019) | Comhtháthaíonn sé fís na hAstráile don dúlra, sa lá atá inniu ann agus amach anseo, go mbeidh sé sláintiúil agus láidir in aghaidh bagairtí, go dtuigfí é, agus go mbeidh meas air mar rud ann féin agus mar chuid riachtanach de shláinte, folláine, rath agus cáilíocht na beatha (lch. 2). Is ionann trí sprioc náisiúnta na straitéise agus 1) gach Astrálach a nascadh leis an dúlra, 2) cúram a thabhairt don dúlra agus an éagsúlacht ar fad, 3) eolas a roinnt agus a fhorbairt. |
| | Ráiteas forléargais le haghaidh thosaíocht thraschuraclaim na hInbhuanaitheachta faoi Churaclam Leasaithe na hAstráile, le tabhairt isteach in 2022 (ACARA, 2021b) | Is é is aidhm leis an tosaíocht traschuraclaim Inbhuanaitheachta ná an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an dearcadh atá againn ar chúrsaí an tsaoil a theastaíonn a fhorbairt ionas go nglacfaidh daoine bearta ar bhealaí a chuireann le todhchaí inbhuanaithe. Chun réitigh agus gníomhartha le haghaidh todhchaí inbhuanaithe a dhearadh, teastaíonn tuiscint ar na bealaí a n-idirghníomhaíonn córais chomhshaoil, shóisialta agus gheilleagracha, agus an cumas breithiúnais thomhaiste a dhéanamh bunaithe ar thionchair reatha agus tionchair amach anseo. Tá sé dírithe ar an todhchaí, tá sé mar aidhm aige scoláirí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an mbealach a léirmhíníonn siad agus a mbíonn siad rannpháirteach leis an domhan agus chun tacú leo gníomh eolasach a dhéanamh chun domhan atá níos córa ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de a chruthú. |
| An Danmhairg | Strategy for Education for Sustainable Development [An Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe]<br><br>(Aireacht Oideachais na Danmhairge, 2009) | Is é is aidhm leis ná go mbeadh páistí, daoine óga agus daoine fásta feasach maidir le coincheap na forbartha inbhuanaithe agus go bhfoghlaimeoidh siad conas gníomhú go cumasach le heolas agus scileanna. Socraigh sprioc chun forbairt inbhuanaithe a thabhairt isteach i ngach curaclam ábhartha sa bhunoideachas, oideachas óige agus oiliúint múinteoirí chun nasc a chruthú idir eolaíochtaí nádúrtha agus sóisialta agus na dána (lch. 3).<br><br>Is é is aidhm leis ná a chinntiú go scaiptear eolas le haghaidh OFI agus go n-úsáidtear é ar gach leibhéal oideachais sa chóras oideachais fhoirmiúil, agus i dtimpeallachtaí foghlama neamhfhoirmiúla agus foirmiúla, chun tuiscint, rannpháirtíocht agus eolas na ndaoine maidir le coincheap na forbartha inbhuanaithe a neartú ar shlí a gcomhtháthaíonn an t-idirchaidreamh idir gnéithe geilleagracha, sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha (lch. 11). |

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Físeanna, spriocanna agus aidhmeanna |
|---|---|---|
| An tSeapáin | Third Basic Plan for the Promotion of Education [An Tríú Plean Bunúsach le haghaidh Chur Chun Cinn an Oideachais] (MEXT, 2018) | Is é is aidhm leis ná tacaíocht níos fearr a thabhairt do dheiseanna do gach duine leis an oideachas agus socraíonn sé spriocanna chun cabhrú le scoláirí scileanna a fhorbairt chun barr a gcumais a bhaint amach agus forbairt inbhuanaithe na sochaí a threorú.<br><br>Tá forbairt inbhuanaithe ar fud chúig thosaíocht an phlean don tréimhse 2018-2023. Tá sé mar aidhm ag an bplean cumais éagsúla a chothú chun forbairt inbhuanaithe na sochaí a threorú agus i measc na spriocanna atá le baint amach sna cúig bliana ó 2018 ar aghaidh tá daoine ar féidir leo bearta domhanda a ghlacadh a fhorbairt, agus foghlaim a chur chun cinn chun saolta daoine a fheabhsú, chomh maith le forbairt inbhuanaithe na sochaí.<br><br>Leagann an Aireacht Oideachais, Cultúir, Spóirt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (MEXT) sprioc a deir go bhforbróidh OFI tógálaithe sochaí inbhuanaithe, agus gníomhaíochtaí foghlama agus oideachais a fhorbróidh luachanna malartacha agus gníomhartha claochlaitheacha chun fadhbanna a réiteach agus sochaí inbhuanaithe a bhaint amach á gcur san áireamh, chomh maith le daoine óga a smaoiníonn go domhanda agus a ghníomhaíonn go háitiúil a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir leis an domhan mór saol flúirseach a chinntiú do na glúnta atá le teacht. |
| | Guide to Promoting Education for Sustainable Development [Treoir um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn] (MEXT, 2016) | Deir treoir na hAireachta gurb é is aidhm leis an OFI saincheisteanna domhanda a réiteach, agus go bhfuil sé mar aidhm ag an bhfoghlaim i seomraí ranga sna scoileanna tacú le forbairt inbhuanaithe a chomhlíonann riachtanais an ama i láthair gan cumas na nglúnta atá le teacht chun a gcuid riachtanas féin a shásamh a chur i mbaol. Cuirtear síos ar OFI mar ní a chuimsíonn foghlaim agus gníomhaíochtaí atá bunaithe ar chur chuige a bhaineann le bheith ag smaoineamh go domhanda agus ag gníomhú go háitiúil, agus é mar aidhm aige luachanna agus iompar nua a fhorbairt a chruthóidh réitigh ar na saincheisteanna atá roimh an tsochaí chomhaimseartha, agus sochaí inbhuanaithe a chruthú mar gheall air sin.<br><br>Is é is aidhm le OFI comhbhá a chothú leis an gcomhshaol, le daoine eile, agus leis an tsochaí ar fad. Cumasaítear foghlaimeoirí leanúint leo chun sochaí inbhuanaithe a fhorbairt, agus is é is aidhm leis na luachanna agus an cumas a theastaíonn chun bearta a ghlacadh a fhorbairt. |

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Físeanna, spriocanna agus aidhmeanna |
|---|---|---|
| An Nua-Shéalainn | Environmental Education for Sustainability Strategy and Action Plan 2017-2021 [Oideachas Comhshaoil do Straitéis Inbhuanaitheachta agus Plean Gníomhaíochta 2017-2021] (New Zealand Department of Conservation, 2017) | Tá sé mar fhís aige go mbeidh meas ag gach duine sa Nua-Shéalainn ar an nasc atá acu leis an gcomhshaol agus iad ag obair le chéile go gníomhach chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú (lch. 7). Is é is aidhm leis ná a chinntiú go bhfuil an tuiscint, na scileanna agus an spreagadh ag daoine óga chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na Nua-Shéalainne i dtaobh an chomhshaoil, agus chun cabhrú le gach duine sa Nua-Shéalainn eolas a fháil maidir leis an mbealach ar féidir leo bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin inbhuanaitheachta atá rompu go háitiúil agus go domhanda.<br><br>Sainaithníonn sé an ról ríthábhachtach atá ag an oideachas in Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI) mar ní a neartaíonn cumas na ndaoine agus na bpobal tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol agus an tsochaí; bonn eolais a chur faoi roghanna, bearta agus nuálaíocht chun daoine a chumasú cur le hathdhearadh a dhéanamh ar an mbealach a mairimid agus a n-oibrímid, agus geilleagar atá bunaithe ar inbhuanaitheacht agus comhshaol rathúil a fhorbairt; agus é a chur ar chumas glúnta nua na Nua-Shéalainne saincheisteanna comhshaoil a thuiscint agus a bheith ag cur go gníomhach le todhchaí shláintiúil inbhuanaithe dhearfach do chách. Léiríonn sé an gá atá ann foghlaim conas a bheith ag maireachtáil ar bhealach níos cliste chun an tionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun folláine na nglúnta reatha, agus na glúnta atá le teacht, a chinntiú. Tá sé bunaithe ar chúig phrionsabal threoracha - scileanna eolais agus tuiscint a fhás; luachanna a roinnt; comhbheart a dhéanamh; smaoineamh chun tosaigh; peirspictíocht uathúil Nua-Shéalannach a ghlacadh.<br><br>Leagann sé gníomhartha tosaíochta amach do ghníomhaireachtaí rialtais agus an sprioc ann go mbeidh meas ag gach duine sa Nua-Shéalainn ar an nasc atá acu leis an gcomhshaol agus iad ag obair le chéile go gníomhach chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú, agus tá sé mar aidhm aige tacú le soláthar ardchaighdeáin OCdI ar fud na Nua-Shéalainne. Díríonn sé ar na trí réimse tosaíochta chun iarrachtaí an rialtais a threorú idir 2017 agus 2027: ag cumas chomhordú OCdI, cumas agus acmhainn sholáthar OCdI a fhás, agus conairí i gcleachtas inbhuanaithe a neartú. |

| An Dlínse | Doiciméid foinse | Físeanna, spriocanna agus aidhmeanna |
|---|---|---|
| Albain | Learning for Sustainability Action Plan [An Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht] (Education Scotland, 2019b) | Deimhníonn sé an fhís le haghaidh an Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) in Albain[3] lena chinntítear go bhfuil gach foghlaimeoir i dteideal FdI, trí cur chuige straitéiseach náisiúnta chun tacú le FdI; go léiríonn gach cleachtóir FdI ina gcleachtais; go bhfuil cur chuige FdI a chuimsíonn an scoil ar fad ag gach scoil; agus go dtacaíonn gach foirgneamh, talamh agus beartas scoile le FdI. |
| An tSualainn | Sweden's environmental objectives [Cuspóirí comhshaoil na Sualainne]<br><br>(Swedish Environmental Protection Agency [An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tSualainn], 2018) | Sprioc fhoriomlán an bheartais chomhshaoil a shocrú agus é mar aidhm aige sochaí a thabhairt don chéad ghlúin eile agus saincheisteanna móra comhshaoil réitithe, gan fadhbanna comhshaoil agus sláinte lasmuigh de theorainneacha na Sualainne a mhéadú. Is sprioc é seo a bhaineann le glúin faoi leith chun gníomh comhshaoil a threorú sa tSualainn. Díríonn sé ar iarrachtaí comhshaoil maidir le téarnamh éiceachóras, bithéagsúlacht agus an comhshaol nádúrtha agus cultúrtha a chaomhnú, sláinte mhaith na ndaoine, cúrsáil éifeachtach ábhair gan ábhar dainséarach, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, úsáid éifeachtach fuinnimh agus pátrúin inbhuanaithe ídithe. |
| | Vision for Education for Sustainable Development [An Fhís um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe]<br><br>(Government Offices of Sweden [Oifigí Rialtais na Sualainne], 2021) | Deir fís Aireacht Oideachais agus Taighde na Sualainne le haghaidh OFI (mar a leagtar amach i mbileog eolais a léiríonn tosaíochtaí Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030) nach mór go mbeadh OFI ina chuid ríthábhachtach den oideachas foirmiúil, neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúil chun foghlaim ar feadh an tsaoil le haghaidh forbairt inbhuanaithe a chinntiú, agus aistriú chuig sochaí inbhuanaithe a bhaint amach.<br><br>An fhís atá aige ná go socróidh OFI an bunús le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach sa saol sibhialta agus míniú á thabhairt maidir leis an tslí ar féidir le feidhmeanna éagsúla na sochaí agus slí mhaireachtála na ndaoine athrú chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. |

[3] Eascraíonn an fhís seo as na moltaí straitéiseacha ó Learning for Sustainability Report [An Tuarascáil um Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht] (2012) agus leagtar amach é i dtuarascáil Vision 2030+ (Education Scotland, 2016).

I gcásanna nach bhfuil plean nó straitéis náisiúnta ag dlínsí i leith OFI (an Astráil, an tSeapáin, an tSualainn), bíonn níos mó ná creat nó doiciméad treorach barrleibhéil amháin ann chun léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na físe, na n-aidhmeanna agus na dtosaíochtaí le haghaidh forbairt inbhuanaithe ag an leibhéal áitiúil/scoile a éascú. San Astráil, mar shampla, nascann an straitéis leathan náisiúnta um dhúlra leis an oideachas le riachtanas curaclaim le haghaidh chuimsiú na hInbhuanaitheachta mar thosaíocht thraschuraclaim (le haghaidh páistí idir 5 agus 16 bliana d'aois), agus doiciméad treorach curaclam tacaíochta. Sa tSeapáin, "aistrítear" na haidhmeanna agus tosaíochtaí barrleibhéil le haghaidh OFI, mar a leagtar amach in 'Basic Plan for the Promotion of Education' [an Plean Bunúsach le haghaidh Chur Chun Cinn an Oideachais], le 'Guide to Promoting ESD for Schools' [an Treoir chun OFI a chur chun cinn i Scoileanna], arna fhoilsiú chun OFI a éascú greim níos daingne a fháil ar sheomraí ranga i scoileanna (MEXT, 2016, lch. 2).

## Snáitheanna coiteanna agus miondifríochtaí sna sainmhínithe, físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI

Leagann Fíor 1 agus Fíor 2 thíos béim ar na snáitheanna coiteanna (Fíor 1) agus roinnt de na miondifríochtaí (Fíor 2) atá mar bhonn faoi na prionsabail le haghaidh OFI sna sé dhlínse, mar a léirítear sna sainmhínithe, físeanna, spriocanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI.

### Fíor 1: Snáitheanna coiteanna sna bunphrionsabail le haghaidh OFI

**OFI...**

- Is ionann OFI agus riachtanais na glúine reatha a chomhlíonadh gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá le teacht a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh (m.sh. an Astráil, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, an tSualainn)
- Tá OFI idirdhisciplíneach agus iomlánaíoch agus is comhiarracht é de chuid daoine aonair agus pobal (m.sh. an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, an tSualainn)
- Cuimsíonn OFI ceartas sóisialta, agus cúram, meas, comhbhá agus freagracht as an gcomhshaol agus an daonnacht (m.sh. Albain, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin)
- Tá OFI claochlaitheach agus tá sé dírithe ar an todhchaí agus ar ghníomhartha. Baineann sé le hathdhearadh a dhéanamh ar an mbealach a mairimid agus a n-oibrímid, agus athruithe a aithint agus ag dul i ngleic leis na hathruithe seo (an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, an tSualainn)
- Baineann OFI le saoránacht agus daonlathas áitiúil, náisiúnta agus domhanda (m.sh. Albain, an Astráil, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin)
- Cuimsíonn OFI gnéithe comhshaoil, sóisialta (sochpholaitiúla), cultúrtha agus geilleagracha (an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, an tSualainn)

### Fíor 2: Na príomh-mhiondifríochtaí sna prionsabail le haghaidh OFI

**An Astráil**

Nascann OFI leis an straitéis fhoriomlán um dhúlra, agus an fhís atá ann go mbeidh dúlra na hAstráile sláintiúil, láidir i gcoinne bagairtí, go dtuigfí é agus go mbeidh meas air mar rud ann féin agus mar chuid riachtanach de shláinte, d'fholláine, de rath agus de cháilíocht na beatha.

**An tSeapáin**

Cothaíonn OFI an cheannaireacht a theastaíonn chun sochaí inbhuanaithe a fhorbairt agus cuimsíonn sé gníomhaíochtaí a bhaineann le síocháin agus le cearta daonna.

**An Nua-Shéalainn**

Cabhraíonn OFI le daoine aonair agus le pobail a bheith ina gcaomhnóirí (*kaitiaki*) don chomhshaol. Glacann a phrionsabail threoracha peirspictíocht atá fíor-Nua-Shéalannach.

**Albain**

Tógann OFI sochaí ina bhfuil ceartas sóisialta, sochaí atá inbhuanaithe, cothrom agus síochánta, ag tabhairt saoránacht dhomhanda, oideachas um fhorbairt inbhuanaithe agus foghlaim allamuigh le chéile.

Tá gach foghlaimeoir i dteideal OFI. Táthar ag súil go léireoidh gach cleachtóir é sna cuir chuige atá acu i leith agus táthar ag súil go mbeidh cur chuige a chuimsíonn an scoil ar fad ag gach scoil.

Is príomhthéama é prionsabal Brundtland (na Náisiúin Aontaithe, 1987) – maidir le forbairt inbhuanaithe mar fhorbairt a chomhlíonann riachtanais an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta atá fós le teacht a riachtanais siúd a chomhlíonadh – sna sainmhínithe, físeanna, aidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn. Dírítear freisin ar OFI a chomhtháthú i dtrí bhunchloch na Náisiún Aontaithe um fhorbairt inbhuanaithe – an bhunchloch gheilleagrach, an bhunchloch shóisialta agus bunchloch an chomhshaoil san Astráil, sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn, tá tábhacht na peirspictíochta cultúrtha sna bunchlocha seo ina gné láidir sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn.

Tá tábhacht na saoránachta agus an daonlathais áitiúil, náisiúnta agus dhomhanda mar chuid de na físeanna agus prionsabail seo le haghaidh OFI in Albain, san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa tSeapáin. Tá béim ar an OFI mar ní a bheidh dírithe ar an todhchaí agus gníomhartha san Astráil,

sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn, sa tSeapáin agus sa tSualainn, ionas go gcumasóidh teagaisc agus foghlaim daoine óga bearta eolasacha a dhéanamh agus an sprioc a leagtar amach i dTreoir EOECNA a bhaint amach lena slógadh agus cumasú.

San Astráil, áit a bhfuil OFI nasctha go dlúth leis an straitéis náisiúnta um dhúlra, cuirtear béim faoi leith ar chothroime agus ar cheartas sóisialta sna haidhmeanna agus tosaíochtaí le haghaidh OFI. Is prionsabail thábhachtacha iad seo in Albain freisin, áit atá uathúil toisc go bhfuil gach foghlaimeoir i dteideal OFI. Tá forbairt na ceannaireachta chun sochaí inbhuanaithe a thógáil i gcroílár na físe le haghaidh OFI sa tSeapáin, ach cuireann straitéis náisiúnta na Nua-Shéalainne béim ar pheirspictíocht uathúil na tíre agus í ina hoileán, chomh maith le náisiún na Maorach in mbíonn daoine aonair agus pobail ina gcaomhnóirí comhshaoil (*kaitiaki*).

# 4. Áit OFI sa churaclam

Cuimsítear Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe sna creatchuraclaim ar bhealaí éagsúla sna sé dhlínse. Is féidir leis a bheith ina théama nó ina thosaíocht thraschuraclaim, mar shampla, ceann atá beartaithe a chomhtháthú i ngach ábhar; ina riachtanas sonrach laistigh de spriocanna gnóthachtála, nó laistigh de riachtanais lárnacha ábhair agus eolais le haghaidh ábhair churaclaim nó cáilíochtaí; topaic nó téama idirdhisciplíneach; aidhm nó prionsabal atá mar bhonn faoin gcuraclam; nó cuid de chur chuige i leith inbhuanaitheachta a chuimsíonn an scoil ar fad.

Tugann Tábla 3 achoimre ar an mbealach a gcomhtháthaítear OFI sa churaclam. Idirdhealaíonn an dathchódú/scáthú na cineálacha éagsúla socrúcháin agus feictear go bhfuil níos mó ná bealach amháin ann chun OFI a chomhtháthú in aon cheann de na dlínsí.

Is í Albain an t-aon cheann de na sé dhlínse a deir go bhfuil gach foghlaimeoir i dteideal OFI.

## Gluais don scáthú

| | |
|---|---|
| Gorm | Tá OFI leabaithe i riachtanais ábhair aonair/réimse foghlama |
| Glas | Is téama/tosaíocht thraschuraclaim é OFI, agus tá sé beartaithe go gcomhtháthófar é i dteagasc gach ábhair |
| Bándearg | Tá OFI mar chuid de shonraíocht cáilíochtaí |
| Ór | Tá OFI mar bhonn faoi aidhm an churaclaim |
| Oráiste | Múintear OFI le téamaí idirdhisciplíneacha |
| Corcra | Tá OFI mar chuid de chur chuige i leith na hinbhuanaitheachta a chuimsíonn an scoil ar fad |
| Bán | Tá gach foghlaimeoir i dteideal OFI |

## Tábla 3: Áit OFI sa churaclam

| An Dlínse | Doiciméad/Creat an Churaclaim | Áit OFI sa churaclam |
|---|---|---|
| An Astráil | Early Years Learning Framework [Creat Foghlama na Luathbhlianta] (aois 0-5) | Tá inbhuanaitheacht leabaithe i dToradh 2 as 5 Thoradh: Nasctar páistí leis an domhan agus cuireann siad leis. |
| | F-10 Australian Curriculum [Curaclam F-10 na hAstráile] (Curaclam ón mBunrang go Bliain 10, aois 5-16) | Tá inbhuanaitheacht ar cheann de thrí thosaíocht thraschuraclaim[4] a dtabharfar aghaidh orthu i ngach ceann de 8 réimse foghlama aonair[5] i gCuraclam F-10. |
| | Senior secondary curriculum [Curaclam na meánscoile sinsearaí] (aois 16-18) | Tá inbhuanaitheacht mar chuid den chur síos ar na hábhair do 15 ábhar meánscoile sinsearaí (ar fud an Bhéarla, na matamaitice, na heolaíochta, na staire agus na tíreolaíochta), arb iad an bonn coiteann le haghaidh fhorbairt na gcúrsaí meánscoile sinsearaí. |
| | Cáilíochtaí meánscoile sinsearaí (aois 16-18) | D'fhéadfaí inbhuanaitheacht a chomhtháthú sa tsonraíocht (siollabais) le haghaidh ábhair aonair a d'fhéadfadh scoláirí a roghnú le staidéar a dhéanamh orthu chun cur leis an ardteistiméireacht shinsearach dara leibhéil (m.sh. Queensland Certificate of Education (QCE) [Teastas Oideachais Queensland], the Victorian Certificate of Education (VCE) [Teastas Oideachais Victoria], or the Higher School Certificate, HSC [Teastas na hArdscoile]. In Queensland, mar shampla, tá an t-athrú aeráide ina phríomhchuid den siollabas sinsearach le haghaidh Domhaneolaíochta agus Eolaíocht Chomhshaoil, ábhair ar féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh orthu chun cur leis an QCE. |

[4] Na cinn eile ná Stair agus Cultúir na mBundúchasach agus Oileánaigh Zenadh Kes, agus Rannpháirtíocht na hÁise agus na hAstráile leis an Áise.

[5] Béarla; matamaitic; eolaíocht; na dána agus eolaíochtaí sóisialta; na healaíona; teicneolaíochtaí; oideachas sláinte agus corpoideachas; teangacha.

| An Dlínse | Doiciméad/ Creat an Churaclaim | Áit OFI sa churaclam |
|---|---|---|
| An Danmhairg[6] | Curriculum framework for ECEC settings [Creatchuraclam le haghaidh suíomhanna ECEC] (aois 0-6) | Tá OFI comhtháite mar chuid de théama 5 de na 6 théama curaclaim sa Strengthened Pedagogical Curriculum [Curaclam Neartaithe Oideolaíochta] le haghaidh suíomhanna ECEC: dúlra, an saol lasmuigh agus feiniméin nádúrtha/eolaíocht. |
| | Na *Fælles mål* (spriocanna coiteanna) le haghaidh na n-ábhar aonair sa bhunoideachas agus meánoideachas éigeantach (aois 6-16), agus riachtanais na n-ábhar/gcúrsaí aonair sa churaclam meánscoile sinsearaí (aois 16-18/19) | Comhtháthaítear OFI mar chuid de na riachtanais le haghaidh ábhair aonair, lena n-áirítear staidéar sóisialta, eolaíochtaí, dúlra/teicneolaíocht, agus tíreolaíocht san oideachas éigeantach, agus eolaíochtaí, staidéar sóisialta agus tíreolaíocht i gcéim na meánscoile sinsearaí. |
| | | Tá OFI mar bhonn faoi aidhm an churaclaim. Tá sé beartaithe go dtabharfaí an teagasc tuiscint do scoláirí ar chultúr agus ar stair na Danmhairge, tuiscint ar thíortha agus cultúir eile, agus go gcuirfidh sé lena gcuid tuisceana ar an dúlra agus an bealach a n-idirghníomhaímid leis. |
| | | Tá sé beartaithe go mbeidh an deis ag scoláirí an deis a fháil a gcuid eolais agus scileanna a fhorbairt mar gheall ar theagasc ábhair nó téamaí idirdhisciplíneacha, agus d'fhéadfadh OFI bheith ar cheann acu sin. |
| An tSeapáin | Course of study for kindergarten[7] [Cúrsa staidéir le haghaidh naíscoile] (aois 3-6) | Tá an comhshaol ar cheann de 5 riachtanas ábhair ghaolmhara (sláinte, caidrimh dhaonna, comhshaol, teanga, léiriú). |
| | Courses of study [Cúrsaí staidéir] le haghaidh na bunscoile (aois 6-12), na hardscoile sóisearaí: (aois 12-15), agus na hardscoile sinsearaí (aois 15-18) | Comhtháthaítear OFI mar chuid de na riachtanais le haghaidh ábhair éigeantacha aonair (m.sh. staidéar an chomhshaoil bheo, aois 6-8; eolaíocht, aois 8+; staidéar sóisialta). |
| | | Tá sé beartaithe go gcomhtháthófar OFI mar chuid de theagasc gach ábhair. |
| | | Múintear OFI le cur chuige trasdisciplíneach/téamach, m.sh. sa tréimhse le haghaidh staidéar comhtháite. |
| | | Tá OFI mar chuid de chur chuige i leith na hinbhuanaitheachta a chuimsíonn an scoil ar fad. |

[6] Is moltaí iad na treoirlínte curaclaim agus níl siad éigeantach d'údaráis oideachas áitiúil, scoileanna ná suíomhanna ECEC (Oideachas agus Cúram na Luath-Óige). Baineann formhór na scoileanna úsáid as na treoirlínte curaclaim arna n-eisiúint ag an Aireacht agus a gcuraclaim á bhforbairt acu, áfach.

[7] Níl an cúrsa leasaithe staidéir (2017), ar tosaíodh ar a chur i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh, ar fáil i mBéarla go fóill. Tá sé ar fáil i Seapáinis anseo: https://www.mext.go.jp/a_menu/shotou/new-cs/1384661.htm

| An Dlínse | Doiciméad/ Creat an Churaclaim | Áit OFI sa churaclam |
|---|---|---|
| An Nua-Shéalainn | *Te Whāriki* – an Curaclam Luath-Óige (aois 0-5) | Tá Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI) ina chuid lárnach de cheann de na 5 shnáithe ghaolmhara curaclaim, an ceann a bhaineann le Muintearas (*Mana whenua*). |
| | | Tá OCdI lárnach sna 4 phrionsabal *Te Whāriki* (cumasú, forbairt iomlánaíoch, teaghlach agus pobal, caidrimh). |
| | The New Zealand Curriculum [Curaclam na Nua-Shéalainne] (aois 5-18) | Tá Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) ina chuid lárnach den fhís, de na prionsabail, luachanna agus príomhinniúlachtaí atá mar bhonn faoi Churaclam na Nua-Shéalainne. |
| | | Tá sé beartaithe go múinfear OdI ar fud na n-ábhar nó go gcomhtháthófar OdI mar chuid de theagasc gach ábhair agus go múinfidh gach múinteoir go comhoibríoch é. |
| | | Is riachtanas sonrach é freisin chun cuspóirí i roinnt réimsí curaclaim a ghnóthachtáil, m.sh. na heolaíochtaí sóisialta, eolaíochtaí, oideachas sláinte agus corpoideachas (HPE), agus teicneolaíocht. (Is féidir le réimsí curaclaim eile, m.sh. matamaitic agus staitisticí, téamaí agus comhthéacsanna ábhartha a chur ar fáil don fhoghlaim in OFI.) |
| | | Tá OdI mar chuid de chur chuige i leith na hinbhuanaitheachta a chuimsíonn an scoil ar fad. |
| | National Certificate of Educational Achievement (NCEA) [An Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais] (aois 15-18) | Socraíonn conairí na scoláirí i dtreo an Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais, an ardcháilíocht meánscoile uachtaraí, na hábhair a ndéanann scoláirí staidéar orthu san oideachas meánscoile uachtararaí Tá réimse caighdeán gnóthachtála le haghaidh OdI a bhaineann leis an Teastas Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais. |
| Albain | Curriculum for Excellence (CfE) [Curaclam um Fheabhas] (aois 3-18) | Tá gach foghlaimeoir i dteideal Foghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI). |
| | | Tá sé mar chuid de chur chuige i leith na hinbhuanaitheachta a chuimsíonn an scoil ar fad freisin. |
| | | Is téama traschuraclaim é FdI, agus tá sé beartaithe go bhforbrófar agus go gcomhtháthófar é tríd an bhfoghlaim. |
| | | Tá FdI ríthábhachtach do na ceithre inniúlacht a bhaineann leis an gCuraclam um Fheabhas (foghlaimeoirí rathúla, daoine muiníneacha, saoránaigh fhreagracha, rannpháirtithe éifeachtacha). |
| | | D'fhéadfadh sé a bheith ina riachtanas laistigh den Taithí agus de na Torthaí[8] do roinnt de na 8 réimse curaclaim aonair (m.sh. sláinte agus folláine, eolaíocht, staidéar sóisialta, teicneolaíochtaí). |
| | Cáilíochtaí Náisiúnta (aois 15-18) | Déanann scoláire Cáilíochtaí Náisiúnta in ábhair aonair i gcéim na meánscoile sinsearaí. Comhtháthaíonn roinnt acu riachtanais shonracha le haghaidh FdI, m.sh. cáilíochtaí in eolaíocht chomhshaoil, agus dearadh agus teicneolaíocht. |

[8] Is sraith ráiteas é an Taithí agus na Torthaí (E&O) ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn na bpáistí i ngach réimse curaclaim, thar na leibhéil CfE ó aois 3 go 15.

| An Dlínse | Doiciméad/Creat an Churaclaim | Áit OFI sa churaclam |
|---|---|---|
| An tSualainn[9] | Curriculum for the Preschool [Curaclam don Naíscoil (aois 0-6)<br><br>Curriculum for the Compulsory School, Preschool Class and School-age Educare [Curaclam le haghaidh Oide-chúram Scoil Éigeantach, Rang Réamhscoile agus Aois-scoile] (aois 6-16)<br><br>Curriculum for the Upper Secondary School [Curaclam don Mheánscoil Shinsearach] (aois 16-19) | Comhtháthaítear OFI mar chuid de na bunluachanna agus tascanna do naíscoileanna agus scoileanna, agus laistigh de na spriocanna agus aidhmeanna foriomlána a leagtar amach sna creatchuraclaim do thrí chéim an oideachais.<br><br>Sa rang réamhscoile éigeantach (aois 6-7), tá OFI leabaithe i 2 cheann de 5 réimse ábhar lárnach (dúlra, teicneolaíocht agus sochaí; cluichí, gníomhaíochtaí coirp agus turais allamuigh).<br><br>Is riachtanas ábhar lárnach agus eolais i roinnt ábhair aonair é OFI sna Blianta 1-9, aois 7-16 (m.sh. staidéar tís agus tomhaltais, na heolaíochtaí, staidéar sóisialta, saoránaíocht).<br><br>Tá sé beartaithe go gcomhtháthófar OFI ar fud theagasc gach ábhair.<br><br>Ag leibhéal na meánscoile sinsearaí, aois 16-19, bíonn OFI mar chuid de na riachtanais d'ábhair aonair i roinnt de na 18 gclár náisiúnta (m.sh. eolaíochtaí sóisialta, eolaíochtaí nádúrtha, teicneolaíocht, tógáil agus foirgníocht, bainistíocht dúlra, feithiclí agus iompar) (glacann scoláirí ceann de na 18 gclár). |

Bíonn OFI leabaithe i gceann amháin, ar a laghad, de na torthaí, téamaí, riachtanais ábhair nó snáitheanna gaolmhara den churaclam, san Astráil, sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn agus sa tSeapáin sna luathbhlianta. Tá sé beartaithe go mbeidh sé ina ardán le haghaidh eolas trasréimse sa mhatamaitic, sa litearthacht agus san eolaíocht sa Nua-Shéalainn freisin. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, trí ghníomhaíochtaí amhail páistí naíscoile ag dearadh agus ag tógáil róbait le hábhair athchúrsáilte, nó páistí ag tosú le tuiscint eolaíoch a fhorbairt ar bhealaí chun acmhainní nádúrtha an Domhain a chosaint.

[9] Tá go leor saoirse ag scoileanna chun an curaclam a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm, cosúil leis an Danmhairg.

## OFI i bhfís, luachanna agus aidhmeanna an churaclaim

I gcásanna ina mbíonn OFI faoi bhonn bhunfhís, aidhmeanna, luachanna, phrionsabail nó phríomhinniúlachtaí an churaclaim (in Albain, sa Danmhairg, sa Nua-Shéalainn agus sa tSualainn), d'fhéadfaí é a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Sa Nua-Shéalainn, mar shampla, cuimsíonn an fhís le haghaidh Churaclam na Nua-Shéalainne daoine óga a chumasú chun todhchaí inbhuanaithe sóisialta, cultúrtha, geilleagrach agus comhshaoil a chinntiú don Nua-Shéalainn; a abheith in ann daoine eile a thuiscint, nascadh leis an talamh agus leis an gcomhshaol, agus bheith ina mbaill phobail; agus páirt a ghlacadh i réimse comhthéacsanna saoil agus cur le folláine na Nua-Shéalainne – go sóisialta, cultúrtha, geilleagrach agus ó thaobh an chomhshaoil de. Tá 'fócas ar an todhchaí' ar cheann de na hocht bprionsabal i gCuraclam na Nua-Shéalainne, atá mar bhonn faoin gcinnteoireacht le haghaidh an churaclaim i scoileanna. Éilíonn sé seo ar scoileanna curaclam a fhiosraíonn saincheisteanna a dhíríonn ar an todhchaí, lena n-áirítear inbhuanaitheacht, saoránacht, fiontar agus oideachas, a chur ar fáil, curaclam a spreagann scoláirí a aithint go bhfuil tábhacht ag baint leis an todhchaí dóibh agus go bhfuil ról agus freagracht acu é a mhúnlú.

Is ionann na ceithre inniúlacht a bhaineann leis an gCuraclam um Fheabhas (CfE) (aois 3-18) - foghlaimeoirí rathúla, daoine muiníneacha, saoránaigh fhreagracha agus rannpháirtithe éifeachtacha - agus na hacmhainní a bhfuil sé mar aidhm ag CfE iad a fhorbairt i bpáistí agus daoine óga in Albain. Tá OFI leabaithe iontu. Mar shampla, bíonn meas ag saoránaigh fhreagracha ar dhaoine eile agus geallann siad a bheith rannpháirteach go freagrach sa saol polaitiúil, geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha; bíonn siad in ann eolas agus tuiscint ar an domhan, agus an áit atá ag Albain, a fhorbairt; tuigeann siad creidimh agus chultúir éagsúla; déanann siad roghanna agus cinntí eolasachaa; measann siad saincheisteanna comhshaoil, eolaíocha agus teicneolaíochtaí; agus forbraíonn siad dearcthaí eiticiúla ar shaincheisteanna casta. Luíonn na ceithre inniúlacht laistigh de na réimsí curaclaim a bhaineann le CfE[10]. Forbraíonn teicneolaíochtaí saoránaigh fhreagracha, mar shampla, trí dhaoine a chur ar an eolas maidir le ról na dteicneolaíochtaí in athrú na sochaí, agus an tionchar a imríonn sí uirthi, agus páistí agus daoine óga a chumasú le bheith rannpháirteach le ceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, le forbairt inbhuanaithe agus le heitic. Forbraíonn staidéar sóisialta rannpháirtithe éifeachtacha agus smaointeoireacht iniúchta, chruthaitheach agus chriticiúil na scoláirí a fhorbairt; iad a chumasú le tuiscint a fháil ar ról na hAlban i ngeilleagar inbhuanaithe domhanda; agus dúshláin a thabhairt dóibh smaoineamh ar an mbealach ar féidir leo cur le folláine na sochaí mar rannpháirtithe gníomhacha i sochaí shibhialta.

[10] Tá ocht gcinn ann: ealaíona léiritheacha, sláinte agus folláine, teangacha, matamaitic, oideachas reiligiúnach agus morálta, eolaíocht, staidéar sóisialta, agus teicneolaíochtaí.

## OFI ina thosaíocht thraschuraclaim

Deirtear gur téama nó cur chuige traschuraclaim é OFI (Foghlaim don Inbhuanaitheacht, FdI) in Albain, i dteannta le litearthacht, uimhearthacht, sláinte agus folláine, agus litearthacht dhigiteach. Is iad sin na téamaí traschuraclaim a bhfuil freagracht ag gach múinteoir astu. Táthar ag súil go bhforbrófaí téamaí, lena n-áirítear fiontar, saoránacht, oideachas idirnáisiúnta agus cruthaitheacht laistigh de chomhthéacsanna curaclaim in Albain chomh maith. Sa tSeapáin, áit ina gcuimsíonn ábhair thraschuraclaim OFI (an comhshaol/oideachas comhshaoil), tuiscint idirnáisiúnta, oideachas faisnéise, agus sláinte agus folláine, tá sé beartaithe, mar atá sa Nua-Shéalainn agus sa tSualainn chomh maith, go gcomhtháthófaí OFI ar fud theagasc gach ábhair.

Léiríonn Fíor 3 (thíos) conas a luíonn OFI (Inbhuanaitheacht) mar thosaíocht thraschuraclaim san Astráil, áit a bhfuil sé ar cheann de thrí thosaíocht, i dteannta Stair agus Cultúir na mBundúchasach agus Oileánaigh Zenadh Kes, agus Rannpháirtíocht na hÁise agus na hAstráile leis an Áise. Dírítear aird ar dheiseanna chun an Inbhuanaitheacht agus na tosaíochtaí traschuraclaim eile a fhorbairt laistigh de réimsí curaclaim aonair Churaclam F-10 na hAstráile (aois 5-16) sna cáipéisí curaclaim ar líne. Aithnítear tosaíocht thraschuraclaim na 'hInbhuanaitheachta' le deilbhín de dhuilleog sna cuntais ar ábhar curaclaim, agus sna míniúcháin ábhair (atá beartaithe chun smaointe a thabhairt do mhúinteoirí maidir leis an mbealach a bhféadfaidís an t-ábhar a theagasc).

Tugann an taighde le fios, áfach, go bhfuil an seans ann nach mbeadh mórán tionchair ag comhtháthú na hInbhuanaitheachta mar thosaíocht thraschuraclaim laistigh de réimsí curaclaim aonair Churaclam F-10 na hAstráile ar an gcleachtas. Feictear nach gcuirtear san áireamh é sna réimsí ábhair lárnaigh, Béarla, stair, matamaitic agus eolaíocht, mar shampla (EOECNA, 2021c, lch. 22), agus cuirtear síos air mar ní nach dtugtar aird air, toisc go bhfuil an iomarca sa churaclam agus an iomarca gníomhaíochtaí seach-churaclaim, go háirithe ['overcrowded curriculum and excessive extra-curricular activities'] (lch. 27). Ceann de na haidhmeanna de chuid an athbhreithnithe reatha ar Churaclam F-10 ná an curaclam a ghlanadh amach, .i. é a bheachtú, a ath-ailíniú agus a laghdú chun é a fheabhsú. Cuimsíonn sé seo feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na tosaíochtaí traschuraclaim agus ábhar na réimsí curaclaim aonair, ionas go mbeidh múinteoirí in ann díriú ar bhunábhar a theagasc, m.sh. trí léirithe barántúla amháin a chur sna cáipéisí curaclaim maidir le conas a d'fhéadfadh tosaíochtaí traschuraclaim tacú le hinneachar na réimse curaclaim a theagasc agus a fhoghlaim.

**Fíor 3: Inbhuanaitheacht mar thosaíocht thraschuraclaim san Astráil**



## Leanúnachas agus dul chun cinn

Is aidhm ghinearálta sna sé dhlínse atá san iniúchadh seo é leanúnachas agus dul chun cinn foghlama a chinntiú, m.sh. agus eagrúchán agus struchtúr comhchosúil a chinntiú thar na trí dhoiciméad curaclaim le haghaidh na trí chéim faoi leith sa tSualainn, nó riachtanais churaclaim a chur ar fáil go sonrach mar dhul chun cinn foghlama mar atá i dTaithí agus Torthaí (E&O) agus i dTagarmharcanna an Churaclaim um Fheabhas in Albain. Tá samplaí ann chomh maith a léiríonn go bhfuil sé beartaithe go gcinnteofar go mbainfidh na haidhmeanna ginearálta seo le haghaidh leanúnachas an churaclaim le OFI go sonrach.

Mar shampla, tá na bunluachanna agus aidhmeanna, tascanna, agus spriocanna agus treoirlínte foriomlána maidir le forbairt inbhuanaithe don bhunscoil, don rang réamhscoile éigeantaí, don scoil éigeantach, agus don mheánscoil shinsearach sa tSualainn (mar a leagtar amach sna trí dhoiciméad curaclaim[11]) cosúil lena chéile agus é i gceist tacú le leanúnachas agus le dul chun cinn.

Déanann an tSeapáin iarracht leanúnachas i dteagasc agus foghlaim OFI a chinntiú, agus úsáid na n-oideolaíochtaí céanna i ngach céim den oideachas a mholadh go háirithe. Áirítear leo sin foghlaim ghníomhach agus trialach agus foghlaim arna tosú ag an scoláire, agus fócas ar réiteach fadhbanna chun fiosracht, meas don saol, freagracht shóisialta agus meon fiosrach a fhorbairt. Baineann tábhacht na hoideolaíochta bunaithe ar inniúlacht gníomhartha agus páistí agus daoine óga ag glacadh páirt i bhfoghlaim iniúchta/thrialach le gach céim den oideachas sa Nua-Shéalainn, chomh maith le fócas ar na trí phríomhghné OFI (comhshaol, soch-chultúrtha/sochpholaitiúil, geilleagrach).

Chomh maith leis sin, tá tábla (*Development of the Key Competencies Through Experiences in Education for Sustainability*) [Forbairt na bPríomhinniúlachtaí le Taithí ar Oideachas don Inbhuanaitheacht], atá ar fáil ag bun an leathanaigh gréasáin, forbartha ag Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne. Léiríonn sé seo an bealach ar féidir príomhinniúlachtaí Churaclam na Nua-Shéalainne a fhorbairt le taithí in OFI thar chontanam ón luath-óige (aois 0-5), go Blianta 1-13 (aois 5-18), go dtí an t-oideachas tríú leibhéal. Tá cuspóirí foghlama le haghaidh Oideachas don Inbhuanaitheacht forbartha ag an Aireacht freisin, agus tá sé beartaithe go léireoidh siad seo an dul chun cinn san fhoghlaim, a bhféadfadh múinteoirí bheith ag súil leis thar Leibhéal 7 agus Leibhéal 8 den churaclam (aois 15 go 18). Tá sé beartaithe go soláthródh caighdeáin ghnóthachtála agus cáilíochtaí an Teastais Náisiúnta um Ghnóthachtáil Oideachais in Oideachas don Inbhuanaitheacht comhleanúnachas chun foghlaim a nascadh leis an aistriú ón oideachas bunscoile go dtí an t-oideachas meánscoile agus tuilleadh foghlama.

[11] Don Réamhscoil (Lpfö 18), Compulsory School, Preschool Class and School-age Educare [Scoil Éigeantach, Rang Réamhscoile agus Oide-chúram Aois-scoile], agus Upper Secondary School [Meánscoil Shinsearach]

# 5. Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim le haghaidh OFI

Baintear úsáid as Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI) i gcuraclam na Danmhairge, na Seapáine agus na Sualainne chomh maith. Úsáidtear téarmaíocht dhifriúil in Albain, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn (Fíor 4). Is é Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht an téarma a úsáidtear sa Nua-Shéalainn (OCdI) sa straitéis uileghabhálach agus sa phlean gníomhaíochta (New Zealand Department of Conservation, 2017) agus in *Te Whāriki* – an curaclam luath-óige. Is é Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) an téarma a úsáidtear i gCuraclam na Nua-Shéalainne (aois 5-18). Tugtar 'Inbhuanaitheacht' ar OFI san Astráil den chuid is mó ach tugtar 'Oideachas don Inbhuanaitheacht' air uaireanta.

**Fíor 4: Tuairisceoirí curaclaim le haghaidh OFI**

**An Danmhairg:** Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)

**An tSeapáin:** Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)

**An tSualainn:** Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI)

**An Astráil:** Inbhuanaitheacht (Oideachas don Inbhuanaitheacht)

**An Nua-Shéalainn:** Oideachas Comhshaoil don Inbhuanaitheacht (OCdI)/Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI)

**Albain:** An Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI)

## Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim sna luathbhlianta

Sna luathbhlianta, tá sé beartaithe go gcomhtháthófar ábhar curaclaim sna cúig dhlínse, a bhfuil creatchuraclam luathbhlianta acu, (an Astráil, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn, an tSeapáin, agus an tSualainn) ionas nach smaoineoidh páiste óg gur ábhar nó téama scoilte é. Mar atá sé i dTábla 3 thíos, comhtháthaítear OFI laistigh de thorthaí foghlama (an Astráil), téamaí (an Danmhairg), riachtanais ábhair (an tSeapáin), snáitheanna (an Nua-Shéalainn) agus bunluachanna, tascanna agus spriocanna foghlama (an tSualainn) na gcreataí. Níl aon chreatchuraclam luathbhlianta faoi leith in Albain, áit a bhfuil an curaclam le haghaidh na luathfhoghlama agus cúram leanaí mar chuid den Churaclam um Fheabhas (aois 3-18).

Sonraítear torthaí foghlama Early Years Learning Framework [Creat Foghlama na Luathbhlianta] mar na scileanna, eolas nó na meonta ar féidir le hoideachasóirí iad a chur chun cinn dóibh siúd idir 0 agus 5 bliana d'aois san Astráil agus tá sé beartaithe go mbeadh an creat ina threoir, ag tabhairt spriocanna ginearálta nó torthaí le haghaidh fhoghlaim páistí óga agus an tslí a bhféadfaidís iad a bhaint amach. Tá sé beartaithe go mbeadh an creat ina chrann taca chun cabhrú le suíomhanna luath-óige chun a gcuid curaclam níos mionsonraithe féin a chruthú. Toradh foghlama 2: baineann 'children are connected with and contribute to their world' [tá páistí nasctha leis an domhan agus cuireann siad leis] le páistí óga agus iad ag forbairt muintearais le grúpaí agus pobail; tuiscint ar na cearta agus freagrachtaí cómhalartacha atá ag teastáil le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach pobail agus éagsúlacht, meas agus cothromaíocht; agus tuiscint ar fhreagracht shóisialta agus meas don chomhshaol.

Sa tSeapáin, áit ina gcuimsíonn cúrsa staidéir don naíscoil[12] an comhshaol mar cheann de chúig riachtanas gaolmhar ábhair, tá sé beartaithe go gcothódh eolas cumas na bpáistí an comhshaol a thuiscint agus iad fiosrach, agus chun é seo a chur san áireamh sa saol laethúil. Sa tSualainn, tugadh coincheap na forbartha inbhuanaithe isteach sa Churaclam Réamhscoile athbhreithnithe (2018), a cuireadh i bhfeidhm in 2019, mar gheall ar a thábhacht don todhchaí. Cuirtear san áireamh é i mbunluachanna an churaclaim don naíscoil, i dtasc uileghabhálach an churaclaim, agus i spriocanna curaclaim na naíscoile.

Tugann Tábla 4 achoimre ar an ábhar, na scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh OFI sna creataí éagsúla luathbhlianta. Cé go léirítear é go difriúil ar fud na ndlínsí éagsúla, cuireann sé béim, le dathchódú, roinnt de na cosúlachtaí in ábhar an churaclam sa chéim seo. Áirítear leo sin ábhar a bhaineann le **tionchar daoine** ar an gcomhshaol; **an t-idirghaol idir/idirspleáchas na** ndaoine agus an chomhshaoil; agus tábhacht an **chúraim agus an mheasa** don chomhshaol. Cuireann sé béim chomh maith ar na cosúlachtaí sna scileanna agus inniúlachtaí in OFI, a sealbhaíonn páistí óga iad le linn na céime seo. Ina measc seo tá an cumas **athruithe** a aithint agus freagairt dóibh; forbairt **meon fiosrach** (rud a shonraítear níos beaichte san Astráil mar iniúchadh, tuiscint, tuar agus hipitéis a thabhairt); aithint **rialacha agus cóid/cearta agus freagrachtaí/srianta agus teorainneacha**; agus tuiscint a fháil ar thábhacht na **rannpháirtíochta gníomhaí** sa tsochaí agus **freagracht shóisialta** agus **saoránacht**.

Cuireann OCdI béim ar inbhuanaitheacht, athrú aeráide, smaointeoireacht chriticiúil, féiniúlacht, agus pobal sa Nua-Shéalainn, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le páistí óga agus tuiscint á forbairt acu ar phrionsabal Maorach na caomhnóireachta, cosanta agus caomhantais (*kaitiakitanga*), agus na dearcthaí agus meonta a theastaíonn chun a bheith ina gcaomhnóirí comhshaoil. Tá an t-oideachas réamhscoile sa tSualainn beartaithe a bheith ina dhóchas dearfach don todhchaí; bíonn an Danmhairg ag súil go gclúdóidh an fhoghlaim faoin inbhuanaitheacht le linn na céime seo béim ar athchúrsáil (tógáil, athúsáid agus deisiúchán); agus sa tSeapáin tá fócas faoi leith ar cheangal agus iontas na bpáistí óga a fhorbairt maidir le galántacht, áilleacht agus **iontas** an chomhshaoil.

[12] Níl an cúrsa leasaithe staidéir (2017), ar tosaíodh ar a chur i bhfeidhm ó 2018 ar aghaidh, ar fáil i mBéarla go fóill. Tá sé ar fáil i Seapáinis anseo: https://www.mext.go.jp/a_menu/shotou/new-cs/1384661.htm

## Tábla 4: Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim sna luathbhlianta

| | | |
|---|---|---|
| **An Astráil** | Toradh Foghlama 2 as 5<br><br>Nasctar páistí leis an domhan agus cuireann siad leis | 4 chuid:<br><br>1. Forbraíonn páistí óga muintearas le grúpaí agus pobail agus tuiscint ar na **cearta agus freagrachtaí** cómhalartacha atá ag teastáil le haghaidh **rannpháirtíocht ghníomhach pobail**.<br>2. Freagraíonn páistí don éagsúlacht le **meas**.<br>3. Bíonn páistí feasach ar chothroime.<br>4. Bíonn páistí **freagrach go sóisialta** agus léiríonn siad **meas** ar an gcomhshaol.<br><br>Forbraíonn páistí príomhchuid 4 ar na bealaí seo a leanas:<br><br>• eolas agus **meas** méadaithe ar thimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha<br>• **fiosrú, tuiscint, tuar agus hipitéis a thabhairt** chun tuiscint mhéadaithe **ar idirspleáchas** idir an talamh, daoine, plandaí agus ainmhithe a fhorbairt<br>• **léirthuiscint** agus **cúram** méadaithe le haghaidh timpeallachtaí nádúrtha agus tógtha a léiriú<br>• caidrimh le nithe beo agus marbha eile a fhiosrú agus **athruithe** a fheiceáil, a thabhairt faoi deara agus freagairt dóibh<br>• feasacht ar **thionchar gníomhaíocht dhaonna** ar thimpeallachtaí agus **idirspleáchas** nithe beo a fhorbairt. |
| **An Danmhairg** | Téama 5 as 6<br><br>Dúlra, an saol lasmuigh agus eolaíocht bheatha | Baineann eolas maidir leis an dúlra le **tionchar daoine** ar an dúlra agus an bealach a n-idirghníomhaíonn siad leis, m.sh. saincheisteanna comhshaoil agus saincheisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus leas a bhaint as acmhainní an dúlra.<br><br>Ba cheart go soláthródh an timpeallacht foghlama deis do pháistí smaoineamh faoina gcuid idirghníomhaíochtaí féin leis an dúlra agus na hacmhainní, agus chun foghlaim go mbaineann an inbhuanaitheacht le tógáil, le hathúsáid agus le deisiúchán chomh maith, ag baint úsáid as uirlisí, teicnící agus ábhair, nádúrtha nó saorga.<br><br>Is cuspóir de chuid an chreatchuraclaim do ECEC é go dtacódh an timpeallacht foghlama le páistí chun taithí a fháil ar an dúlra a spreagann a gcuid **fiosrachta** agus an mian atá acu an dúlra a fhiosrú; go gcumasódh sé iad chun taithí a fháil ar **nascacht** dhaonna leis an dúlra; agus go soláthródh sé tuiscint luathchéime dóibh ar thábhacht na forbartha inbhuanaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| **An tSeapáin** | Tá an comhshaol ar cheann de 5 riachtanas ábhair ghaolmhara | Tá sé mar aidhm ag eolas ábhair a bhaineann leis an 'gcomhshaol' tacú le páistí spéis agus **fiosracht** a fhorbairt maidir le nithe agus le heispéiris thart timpeall orthu, agus aithne á cur acu ar an timpeallacht thart timpeall orthu agus teagmháil leis an dúlra; idirghníomhú a thosú leis an timpeallacht agus sult a bhaint as **rudaí nua a dhéanamh agus a aimsiú** agus iad a chur san áireamh ina saolta féin; agus chun a gcuid tuisceana ar rudaí a fheabhsú. Áirítear leis seo taithí a chuireann ar chumas páistí óga:<br>• a bheith ag maireachtáil gar don dúlra, a bheith feasach maidir lena ghalántacht, a áilleacht agus **a iontas**<br>• a bheith feasach ar **athruithe** sa dúlra agus i saolta daoine i gcomhréir leis na séasúir<br>• aitheantas a thabhairt do thábhacht na beatha, agus léirthuiscint agus **meas** a thabhairt dó agus aithne á cur ar ainmhithe agus plandaí atá sa cheantar máguaird<br>• caitheamh leis an timpeallacht go **cúramach**.<br><br>Moltar do mhúinteoirí tábhacht a chur ar phróisis teagaisc agus foghlama a chuireann ar chumas páistí foghlaim conas cinntí a dhéanamh dóibh féin, **fiosracht** faoin timpeallacht a fhorbairt, **rialacha agus cóid** a aithint, agus **smaointe nua a chruthú**; agus taithí teagaisc agus foghlama a chumasaíonn páistí an caidreamh atá acu leis an dúlra a neartú a chomhtháthú, chomh maith le **nasc agus iontas**, **meas** don bheatha, freagracht shóisialta, agus **meon fhiosrach** a fhorbairt. |
| **An Nua-Shéalainn** | Snáithe 2 as 5 Muintearas / *Mana whenua* | Na spriocanna do Mhuintearas ná go bhfaigheann páistí agus a dteaghlaigh taithí ar chomhshaol ina ndearbhaítear agus a leathnaítear naisc leis an teaghlach agus an domhan mór; tuigeann siad go bhfuil áit acu ann; mothaíonn siad compordach le gnáthaimh, custaim agus imeachtaí rialta; agus tuigeann siad **srianta agus teorainneacha** iompar cuí. Torthaí an Mhuintearais ná go n-éireoidh na páistí níos cumasaí maidir leis na nithe seo a leanas:<br>• **naisc a dhéanamh** idir daoine, áiteanna agus rudaí sa domhan<br>• páirt a ghlacadh in **aire a thabhairt** don áit seo<br>• tuiscint a fháil maidir leis an mbealach a n-oibríonn rudaí anseo agus oiriúnú **d'athruithe**<br>• **meas** a léiriú ar **luachanna/prionsabail, rialacha agus cearta daoine eile**. |

| | | |
|---|---|---|
| **An Nua-Shéalainn**<br><br>**(Ar lean)** | | Tá sé beartaithe go gcuirfidh ábhar OCdI in *Te Whāriki* ar chumas páistí óga tús a chur le forbairt na scileanna a leanas:<br>• **inniúlacht gnímh** – le réiteach fadhbanna agus bearta a dhéanamh agus fís chomhroinnte acu le haghaidh fheabhsú an chomhshaoil<br>• féiniúlacht – féiniúlacht chomhshaol nó éiceolaíoch chun a chinntiú an dóigh a gcuireann siad féin in oiriúint don saol thart timpeall orthu<br>• **neamhspleáchas** – an tuiscint gur féidir leo **difear dearfach** a dhéanamh agus go bhfuil tábhacht ag a smaointe agus a dtuairimí<br>• **fiosracht** agus **iontas** – arna chumasú ag castacht shaincheisteanna na hinbhuanaitheachta comhshaoil<br>• **saoránacht**<br>Tá sé beartaithe chomh maith go gcumasófaí iad tús a chur le tuiscint ar *kaitiakitanga* (caomhnóireacht, cosaint agus caomhantas) a fhorbairt, chomh maith leis na dearcthaí agus meonta a theastaíonn chun a bheith ina gcaomhnóirí comhshaoil. |
| **An tSualainn** | Coincheap na forbartha inbhuanaithe sna bunluachanna, tasc na réamhscoile agus spriocanna churaclam na réamhscoile | Tasc na réamhscoile ná oideachas a chur ar fáil lena bhfuil dóchas don todhchaí; oideachas a thugann an deis do pháistí cur chuige éiceolaíoch agus **comhbhách** a shealbhú maidir leis an timpeallacht thart timpeall orthu agus an dúlra agus sochaí; agus oideachas a thugann an deis dóibh eolas a fhorbairt maidir leis an mbealach **ar féidir leis na roghanna difriúla a dhéanann daoine cur le forbairt inbhuanaithe** – ní hamháin roghanna geilleagracha, ach roghanna sóisialta agus comhshaoil chomh maith. Faoi spriocanna churaclam na réamhscoile, ba cheart go gcuirfeadh an curaclam ar chumas na bpáistí na nithe seo a leanas a fhorbairt:<br>• freagracht mhéadaithe agus **spéis** san fhorbairt inbhuanaithe agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí<br>• tuiscint ar chaidrimh sa dúlra agus **timthriallta éagsúla an dúlra**, agus an bealach **a mbíonn tionchar ag daoine, an dúlra agus an tsochaí ar a chéile**<br>• tuiscint ar an mbealach ar féidir le **roghanna difriúla a dhéanann daoine gach lá cur leis an bhforbairt inbhuanaithe**. |

# Ábhar, scileanna agus inniúlachtaí curaclaim i gcuraclam na bunscoile agus na meánscoile

Leagtar amach ábhar curaclaim le haghaidh OFI san oideachas bunscoile agus meánscoile ar bhealaí éagsúla sna sé dhlínse.

Níl aon riachtanas leathan ábhar le haghaidh OFI sa churaclam in Albain, sa Danmhairg ná sa tSualainn. Comhtháthaítear é sna riachtanais ábhair agus ráitis spriocanna le haghaidh roinnt réimse ábhair aonair sa churaclam ó aois 6 go 16, agus i roinnt riachtanas ábhair le haghaidh ábhair aonair faoi na ceithre chlár náisiúnta dóibh siúd idir 16 agus 19 mbliana d'aois sa Danmhairg. Tá OFI leabaithe sna aidhmeanna leathana curaclam in Albain agus sa tSualainn (m.sh. sna ceithre inniúlacht in Albain agus sna spriocanna agus treoirlínte foriomlána, agus tasc na scoileanna sa tSualainn), agus laistigh de riachtanais ábhair i réimsí curaclaim chomh maith. Nasctar an t-ábhar le domhandú agus le hidirnáisiúnú sa tSualainn, chomh maith le daonlathas, cúrsaí inscne, sláinte, féiniúlacht, éagsúlacht chultúrtha, agus saincheisteanna maidir le slite maireachtála.

Tá sé mar aidhm ag an tosaíocht thraschuraclaim um inbhuanaitheacht san Astráil tacú leis an gcuraclam a bheith ábhartha, comhaimseartha agus mealltach, agus a chinntiú go léiríonn sé comhthéacsanna réigiúnacha, náisiúnta agus domhanda. Leagtar amach ina 3 choincheap é i láthair na huaire: córais, cruinneshamhlacha agus todhchaí. Athróidh sé seo go ceithre choincheap: córais, cruinneshamhlacha, dearadh agus todhchaí in 2022, nuair a thabharfar an tosaíocht thraschuraclaim leasaithe isteach i ndiaidh an athbhreithnithe reatha ar Churaclam F-10 na hAstráile (aois 5-16). Sonraíonn tacar 'smaointe eagrúcháin' faoi gach coincheap ábhar an churaclaim tuilleadh. Tá sé beartaithe go mbeidh siad seo ina dtreoir le haghaidh chomhtháthú na hInbhuanaitheachta i ngach réimse curaclaim, agus mar chrann taca le haghaidh fhorbairt an eolais agus naisc a thógáil idir Inbhuanaitheacht agus ábhar foghlama.

Sa tSeapáin, is ionann bunfhealsúnacht OFI agus forbairt eolais, luachanna agus iompair le haghaidh forbairt chomhtháite chomhshaoil, gheilleagrach agus shochaíoch; agus ceangal agus iontas, meas don bheatha, freagracht shóisialta agus meon fiosrach. Áirítear le gnéithe aonair OFI sa churaclam an comhshaol; tuiscint idirnáisiúnta; éagsúlacht chultúrtha; láithreáin oidhreachta dhomhanda agus maoin chultúrtha áitiúil; síocháin; cearta daonna; comhionannas inscne; leas; táirgeadh agus caitheamh inbhuanaithe; athrú aeráide; bithéagsúlacht; aigéin; laghdú ar bhaol tubaiste; agus fuinneamh. Tá sé beartaithe go múinfí OFI ar bhealach idirdhisciplíneach iomlánaíoch, ag comhtháthú na réimsí gaolmhara staidéir, agus gníomhaíochtaí agus dearcthaí aonair a thugann aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol, síocháin, agus cearta daonna a chuimsíonn peirspictíochtaí comhshaoil, geilleagracha, sochaíocha agus cultúrtha.

Tá sé beartaithe go gcomhtháthófaí Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) sa Nua-Shéalainn chomh maith i gCuraclam na Nua-Shéalainne (aois 5-18). Áirítear leis trí phríomhghné – geilleagrach, soch-chultúrtha/sochpholaitiúil agus comhshaol (beartaithe chun é a chur ar chumas páistí agus daoine óga caidrimh idir daoine agus a dtimpeallachtaí a fhiosrú), agus tacaíocht á tabhairt ag ceithre phríomhchoincheap/smaoineamh mhóra (inbhuanaitheacht, cothroime, idirspleáchas, freagracht as gníomhartha). Is iad seo na smaointe móra agus tuiscintí, lena comhtháthú i gcuraclam na scoile áitiúla, a fhanfaidh leis na scoláirí ar feadh i bhfad, i ndiaidh dóibh an scoil a fhágáil.

Tugann Tábla 5 achoimre ar an eagrúchán agus tugann sé tuilleadh sonraí maidir leis an mbealach a leagtar ábhar curaclaim amach san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa tSeapáin. Tugann Tábla 6 achoimre ar na scileanna agus inniúlachtaí le haghaidh OFI, a bhfuil sé mar aidhm ag curaclam na sé dhlínse a fhorbairt.

## Tábla 5: Ábhar an churaclaim san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa tSeapáin

| An Dlínse | Mar seo a leagtar amach an t-ábhar: | Áirítear leis an ábhar: |
|---|---|---|
| An Astráil | Inbhuanaitheacht: tosaíocht thraschuraclaim lena n-áirítear trí phríomhchoincheap:<br>• Córais<br>• Cruinneshamhlacha<br>• Todhchaí | Taiscéalann córais idirspleáchas agus nádúr dinimiciúil na gcóras a thacaíonn leis an saol ar fad ar domhan agus le folláine choiteann. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Is córas dinimiciúil é an bithsféar a sholáthraíonn dálaí a chothaíonn an bheatha ar an Domhan.<br>• Tá na foirmeacha beatha uilig, beatha an duine san áireamh, ceangailte le chéile trí na héiceachórais a mbraitheann siad orthu dá bhfolláine agus dá marthanas.<br>• Braitheann patrúin shaoil inbhuanaithe ar an idirspleáchas de chórais shóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíocha sláintiúla.<br>Cumasaíonn cruinneshamhlacha éagsúlacht dearcthaí ar éiceachórais, ar luachanna agus ar cheartas sóisialta agus cuimsíonn siad na smaointe eagraithe:<br>• Tá cruinneshamhlacha a aithníonn spleáchas na nithe beo ar éiceachórais shláintiúla, agus luach na héagsúlachta agus an cheartais shóisialta riachtanach le haghaidh na hinbhuanaitheachta.<br>• Bunaítear cruinneshamhlacha ar eispéiris ag leibhéil phearsanta, áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda, agus tá siad nasctha le gníomhartha an duine agus an phobail i gcomhair na hinbhuanaitheachta.<br>Aidhmeanna todhchaíocha le haghaidh cumais a thógáil chun smaoineamh agus chun gníomhú ar bhealaí a chruthóidh todhchaí níos inbhuanaithe. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Baintear inbhuanaitheacht na gcóras éiceolaíoch, sóisialta agus eacnamaíoch amach trí ghníomh eolasach an duine agus an phobail a aithníonn luach an chothromais áitiúil agus dhomhanda chomh maith le luach na cothroime thar na glúnta sa todhchaí.<br>• Léiríonn gníomhartha um thodhchaí níos inbhuanaithe luachanna an chúraim, an mheasa agus na freagrachta, agus iarrann siad orainn timpeallachtaí a thaiscéaladh agus a thuiscint.<br>• Bíonn gá le meastóireacht ar chleachtais a bhí ann roimhe, le measúnú ar fhorbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta, agus le breithiúnais chothroma atá bunaithe ar éifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus timpeallachta todhchaíocha réamh-mheasta chun gníomh a dhearadh i gcomhair na hinbhuanaitheachta.<br>• Bíonn todhchaíochtaí inbhuanaithe mar thoradh de ghníomhartha a dearadh chun caighdeán agus sainiúlacht na dtimpeallachtaí a chaomhnú agus/nó a thabhairt ar ais. |

| An Dlínse | Mar seo a leagtar amach an t-ábhar: | Áirítear leis an ábhar: |
|---|---|---|
| An Astráil (Ar lean) | 4 phríomhchoincheap (ó 2022):<br>• Córais<br>• Cruinneshamhail<br>• Dearadh<br>• Todhchaí | Taiscéalann córais idirspleáchas chórais an Domhain (an geoisféar, an bithsféar, an hidrisféar agus an t-atmaisféar) a thacaíonn leis an saol ar fad ar domhan, agus na córais shóisialta agus eacnamaíocha. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Tá na foirmeacha beatha uilig, beatha an duine san áireamh, ceangailte le chéile trí chórais an Domhain a mbraitheann siad orthu dá bhfolláine agus dá marthanas.<br>• Bíonn úsáid fhreagrach na n-acmhainní, cothabháil an aeir ghlain, an uisce agus n-ithreacha, agus caomhnú nó tabhairt ar ais na dtimpeallachtaí sláintiúla de dhíth do phatrúin shaoil inbhuanaithe.<br>• Bíonn tionchar ag athruithe na gcóras sóisialta agus eacnamaíoch ar inbhuanaitheacht chórais an Domhain.<br>Déanann cruinneshamhail tagairt do ról na gcruinneshamhlacha (sraith dearcthaí, luachanna agus creideamh) i dtaca le smaointe an duine agus an phobail a mhúnlú maidir le conas a oibríonn an domhan agus ár ról féin sa domhan. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Tá cruinneshamhlacha a aithníonn idirspleáchas chórais an Domhain, agus luach na héagsúlachta, an chothromais agus an cheartais shóisialta riachtanach chun an inbhuanaitheacht a bhaint amach.<br>• Bunaítear cruinneshamhlacha ar eispéiris ag leibhéil phearsanta, áitiúla, náisiúnta agus domhanda, agus múnlaíonn siad gníomhartha an duine agus an phobail i gcomhair na hinbhuanaitheachta.<br>Ciallaíonn dearadh ról na nuálaíochta agus na cruthaitheachta i dtaca le réitigh a dhearadh ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear táirgí, timpeallachtaí agus seirbhísí, a dhéanann iarracht éifeachtaí faoi láthair agus sa todhchaí a laghdú agus córais thimpeallachta, shóisialta agus eacnamaíocha a chaomhnú nó a thabhairt ar ais. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Déanann táirgí, timpeallachtaí agus seirbhísí a dheartar ar bhealach inbhuanaithe iarracht an éifeacht ar chaighdeán agus ar éagsúlacht na gcóras timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíoch a laghdú agus iad a chaomhnú nó a thabhairt ar ais.<br>• Tá an dearadh nuálach agus cruthaitheach lárnach maidir le bealaí nua um shaol inbhuanaithe a aimsiú.<br>• Bíonn gá le feasacht ar áit, ar chleachtais a bhí ann roimhe, ar thaighde agus ar fhorbairtí teicneolaíochta, agus ar bhreithiúnais chothroma atá bunaithe ar éifeachtaí timpeallachta sóisialta agus eacnamaíocha réamh-mheasta le haghaidh an dearaidh inbhuanaithe. |

| An Dlínse | Mar seo a leagtar amach an t-ábhar: | Áirítear leis an ábhar: |
|---|---|---|
| An Astráil (Ar lean) | | Cuimsíonn an todhchaí bealaí smaointeoireachta agus gnímh a dhéanann iarracht daoine óga a chumasú chun gníomh a dhearadh a chruthóidh todhchaí atá cothrom, inbhuanaithe agus ionchuimsitheach. Cuimsíonn sé na smaointe eagrúcháin a leanas:<br>• Bainfear todhchaí inbhuanaithe amach trí ghníomh eolasach an duine agus an phobail a aithníonn luach an chothromais áitiúil agus dhomhanda chomh maith le luach na cothroime thar na glúnta sa todhchaí.<br>• Teastaíonn ó ghníomh an phobail um thodhchaí inbhuanaithe go mbíonn daoine aonair le prionsabail agus le luachanna roinnte ag comhoibriú, ag lorg eolais, ag aimsiú réiteach, ag feidhmiú mar thionchar ar dhaoine eile agus ag déanamh machnaimh chomh maith le measúnuithe ar ghníomhartha a glacadh roimhe agus iadsan ag obair i gcomhair athruithe atá uathu. |
| An tSeapáin | Is riachtanas traschuraclaim comhtháite é Oideachas don Inbhuanaitheacht a chuimsíonn réimse gnéithe faoi leith. | Cuimsíonn na gnéithe aonair:<br>• an timpeallacht<br>• éagsúlacht chultúrtha<br>• tuiscint idirnáisiúnta<br>• láithreáin oidhreachta domhanda agus airíonna cultúrtha<br>• síocháin<br>• cearta daonna<br>• comhionannas inscne<br>• leas<br>• táirgeadh agus caitheamh inbhuanaithe<br>• an t-athrú aeráide<br>• bithéagsúlacht<br>• aigéin<br>• laghdú ar bhaol tubaiste<br>• fuinneamh. |
| An Nua-Shéalainn | Cuimsíonn Oideachas don Inbhuanaitheacht 3 phríomhghné:<br>• Eacnamaíoch<br>• Soch-chultúrtha/ sochpholaitiúil<br>• Timpeallacht | • An ghné eacnamaíoch: dlí na timpeallachta, úsáid talaimh inbhuanaithe, forbairt thionsclaíoch inbhuanaithe, oideachas fiontair inbhuanaithe, bainistíocht acmhainní, caitheamh agus caomhnú fuinnimh, turasóireacht inbhuanaithe, tomhaltachas glas, dáileadh cóir acmhainní, trádáil chóir.<br>• An ghné shoch-chultúrtha/shochpholaitiúil: cothromas agus cothroime, dearcthaí cultúrtha, folláine iomlán, oideachas síochána, freagracht phearsanta agus shóisialta um ghníomh, cathanna na gcultúr dúchais.<br>• An ghné thimpeallachta: litearthacht thimpeallachta, athrú aeráide, córais tacaíochta saoil éiceolaíoch, taighde agus imscrúdú, eolas agus tuiscint ar bhithéagsúlacht, idirspleáchas, eolas ar an timpeallacht, speiceas a tugadh isteach. |

| An Dlínse | Mar seo a leagtar amach an t-ábhar: | Áirítear leis an ábhar: |
|---|---|---|
| An Nua-Shéalainn (Ar lean) | 4 choincheap/ smaoineamh mhóra:<br>• Inbhuanaitheacht<br>• Cothromas/ cothroime<br>• Idirspleáchas<br>• Freagracht um ghníomh | • Inbhuanaitheacht: cumas na ndaoine aonair, na ngrúpaí, na bpobal agus na sochaithe chun bealaí smaointeoireachta agus iompraíochta a chur in úsáid a ligeann dóibh a gcuid riachtanas agus spriocanna a bhaint amach gan aon rud a bhaint de chumas na nglúnta de gach ní beo a riachtanais siúd a bhaint amach.<br>• Cothromas/cothroime: cuimsíonn sé seo meas do na nithe beatha uilig, an ceartas sóisialta, an cothromas idirghlúine, agus bainistíocht chóir na n-acmhainní teoranta.<br>• Idirspleáchas: idircheangailteacht na ndaoine agus na dtimpeallachtaí a thuigtear trí smaoineamh ar éiceachórais/ bhithéagsúlacht, ar phobal, ar éagsúlacht chultúrtha, ar dhaonlathas, ar dhomhandú agus ar thrádáil chóir.<br>• Freagracht um ghníomh: na gníomhartha pearsanta agus sóisialta atá riachtanach le haghaidh saol inbhuanaithe, lena n-áirítear an choimirce (*kaitiakitanga*), gníomh a ghlacadh, an chinnteoireacht eolasach, an tsaoránacht, an tomhaltachas machnamhach, an tionscnaíocht agus an fhiontraíocht, an athléimneacht agus an athghiniúint. |

## Tábla 6: Scileanna agus inniúlachtaí OFI

| An Dlínse | Eagrúchán an churaclaim | Scileanna agus inniúlachtaí |
|---|---|---|
| An Astráil | Trí na príomhchoincheapa agus na smaointe eagrúcháin i gcomhair na hInbhuanaitheachta mar thosaíocht thraschuraclaim (aois 5-16), forbraíonn scoláirí an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na cruinneshamhlacha chun: | • córais éiceolaíocha agus dhaonna, chomh maith leis na bealaí ina mbíonn córais shóisialta, eacnamaíocha agus thimpeallachta ag idirghníomhú chun tacú le beatha an duine agus chun í a chothabháil a thuiscint, agus chun meas a bheith acu ar a n-idirspleáchas<br>• cruinneshamhlacha a fhorbairt chun gníomh a ghlacadh ar mhaithe le domhan atá níos córa go sóisialta agus go héiceolaíoch a chruthú<br>• éagsúlacht na ndearcthaí agus na luachanna a mbíonn tionchar acu ar an bhforbairt inbhuanaithe a thuiscint agus meas a bheith acu dóibh<br>• ról na nuálaíochta agus na cruthaitheachta i dtaca le réitigh a dhearadh a chaomhnaíonn córais thimpeallachta, shóisialta agus eacnamaíocha nó a thugann siad ar ais a thuiscint<br>• a bheith ag smaoineamh agus ag gníomhú ar bhealaí a chruthóidh todhchaí a bheidh cothrom, inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus cóir go sóisialta agus go héiceolaíoch, agus chun páirt chriticiúil chomh maith le gníomh cruthaitheach a ghlacadh maidir le bealaí saoil atá níos inbhuanaithe a aimsiú<br>• cinntí níos cothroime a dhéanamh atá bunaithe ar éifeachtaí reatha agus éifeachtaí amach anseo. |
| An Danmhairg | Trí staidéar a dhéanamh ar OFI taobh istigh de roinnt ábhar curaclaim aonair, foghlaimíonn scoláirí (aois 6-18/19) an t-eolas agus na scileanna chun: | • muinín a bheith acu maidir lena gcinnteoireacht agus a ngníomhartha i dtaca leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an idirghníomhaíocht dhaonna le dúlra, go háitiúil agus ar bhonn domhanda<br>• tuiscint ar ár gcultúr agus ár gcruinneshamhail a fhorbairt<br>• an idirghníomhaíocht idir daoine agus dúlra ina gcuid tíortha féin agus i dtíortha iasachta a thuiscint<br>• dearcadh machnamhach a ghlacadh ar an tsochaí agus ar a forbairt<br>• tuiscint ar éifeacht na sochaí ar dhaoine agus ar thionchar na ndaoine uirthi chomh maith le cumas bunluachanna daonlathacha agus 'rialacha an chluiche' a thuiscint chun páirt a ghlacadh sa tsochaí a fhorbairt. |

| An Dlínse | Eagrúchán an churaclaim | Scileanna agus inniúlachtaí |
|---|---|---|
| An tSeapáin | Is riachtanas traschuraclaim é OFI (aois 6-18) a fhorbraíonn an t-eolas, na scileanna agus na hiompraíochtaí le haghaidh forbairt chomhtháite a bhaineann leis an timpeallacht, chomh maith le cúrsaí eacnamaíochta agus cúrsaí sóisialta, a chuireann ar chumas na scoláirí: | • luachanna inbhuanaithe atá bainteach le forbairt a fhorbairt, amhail meas do dhaoine, meas don éagsúlacht, don ionchuimsitheacht, do chomhdheis agus meas don timpeallacht<br>• comhthéacs na bhfadhbanna agus na bhfeiniméan a thuiscint, trína bheith ag smaoineamh go córasach, agus trí dhearcadh ilghnéitheach, iomlánaíoch a ghlacadh dá bharr<br>• scileanna smaointeoireachta agus criticiúla malartacha; scileanna anailíse sonraí agus eolais; scileanna cumarsáide agus ceannaireachta a fhorbairt<br>• caighdeáin na smaointeoireachta cruthaithí, an fhiosraithe agus an fheidhmithe a fhorbairt chun an caidreamh idir iad féin, na daoine atá timpeall orthu, an tsochaí agus an dúlra a thuiscint<br>• luach a gceantair a aithint, chun smaoineamh faoina ról agus a ngníomhartha féin agus chun gníomhú go sábháilte agus mar is cóir<br>• meas a bheith acu ar an gcaidreamh atá ann idir iad féin agus an dúlra, agus chun a bheith ar an eolas faoi áilleacht an dúlra chomh maith le meas a bheith acu air<br>• dearcadh leathan a fhorbairt ar chruthú na sochaithe inbhuanaithe<br>• scileanna a fhorbairt chun smaoineamh faoi iarrachtaí áitiúla, náisiúnta agus domhanda chomh maith le comhoibriú idirnáisiúnta i gcomhair sochaithe inbhuanaithe a chruthú. |
| An Nua-Shéalainn | Trí ábhar atá dírithe ar na 3 phríomhghné d'Oideachas don Inbhuanaitheacht agus ar na 4 phríomhchoincheap, forbraíonn scoláirí (aois 5-18) na scileanna agus na hinniúlachtaí chun: | • na caidrimh idir daoine agus a dtimpeallacht a fhiosrú agus a thuiscint<br>• ceannaireacht a thaispeáint agus páirt a ghlacadh i gcinntí agus i ngníomhartha i gcomhair todhchaí inbhuanaithe<br>• smaointeoireacht agus gníomhartha a cheangal chun todhchaí thimpeallachta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch inbhuanaithe a chruthú<br>• smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach faoi shaincheisteanna agus faoi réitigh agus chun a gcumas gnímh agus a smaointeoireacht chriticiúil i dtaca le tionchar na ndaoine ar an timpeallacht a fhorbairt<br>• gníomhartha a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a mheas agus a anailísiú le haghaidh todhchaí inbhuanaithe<br>• amharc ar an domhan ó dhearcthaí difriúla, go háirithe na cinn atá ábhartha don Nua-Shéalainn<br>• a bheith muiníneach as an tuiscint atá acu ar a bhfreagracht as folláine a dtíre agus an domhain<br>• an chastacht a láimhseáil agus dul i ngleic le hathrú agus le héiginnteacht. |

| An Dlínse | Eagrúchán an churaclaim | Scileanna agus inniúlachtaí |
|---|---|---|
| Albain | Díríonn an Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht sna 4 inniúlacht den Curriculum for Excellence [Curaclam um Fheabhas] (aois 3-18) agus taobh istigh de réimsí curaclaim aonair ar scileanna agus ar inniúlachtaí a fhorbairt chun: | • tuiscint a fháil ar ionchur na hAlban maidir le geilleagar domhanda inbhuanaithe<br>• páirt a ghlacadh go freagrach sa saol polaitiúil, sa saol eacnamaíoch, sa saol sóisialta agus sa saol cultúrtha<br>• eolas agus tuiscint ar an domhan agus ar áit na hAlban taobh istigh de a fhorbairt<br>• meas a bheith acu ar dhaoine eile chomh maith le tuiscint a fháil ar éifeacht daoine eile ar a ngníomhartha agus a gcinntí féin, chomh maith le tionchar na gcinntí agus na ngníomhartha seo ar dhaoine eile<br>• creidimh agus cultúir dhifriúla a thuiscint, a gcuid creideamh agus a gcruinneshamhail féin a fhorbairt agus a dtuiscint ar an domhain a leathnú<br>• muinín a fhorbairt chun a seasamh féin maidir le saincheisteanna sóisialta, polaitiúla, stairiúla agus eacnamaíocha a léiriú, tuairimí a chur in iúl agus cinntí a dhéanamh faoi shaincheisteanna sóisialta, morálta, eiticiúla, eacnamaíocha agus timpeallachta<br>• an smaointeoireacht iniúchta, chruthaitheach agus chriticiúil a fhorbairt agus roghanna agus cinntí eolasacha a dhéanamh a bheidh ina gcúis le gníomh eolasach<br>• éirigh níos oilte le bheith ag smaoineamh an n-oibríonn nó nach n-oibríonn réitigh dhearaidh theicneolaíocha, má tá siad oiriúnach, agus éifeacht na réiteach ar an tsochaí agus ar an timpeallacht<br>• saincheisteanna timpeallachta, eolaíocha agus teicneolaíocha a mheas agus dearcthaí eolasacha, eiticiúla ar shaincheisteanna casta a fhorbairt. |

| An Dlínse | Eagrúchán an churaclaim | Scileanna agus inniúlachtaí |
|---|---|---|
| An tSualainn | Díríonn an OFI, mar a chuirtear san áireamh sna tascanna uileghabhálacha do scoileanna, i mbunspriocanna agus aidhmeanna an churaclaim, agus san ábhar lárnach agus sna riachtanais eolais do roinnt ábhar curaclaim, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a fhorbairt chun: | • an chaoi a mbíonn daoine, an tsochaí agus an dúlra ag idirghníomhú agus torthaí na hidirghníomhaíochta seo don dúlra agus do dhálaí maireachtála na ndaoine a thuiscint<br>• eolas a fhorbairt maidir le conas gur féidir linn tionchar a bheith againn ar an todhchaí i dtreo sochaí atá níos sásúla do chách<br>• a gcumas a fhorbairt maidir le hanailís a dhéanamh ar an gcaoi a gcruthaíonn agus a n-athraíonn próisis nádúrtha agus gníomhaíochtaí daoine timpeallachtaí maireachtála in áiteanna difriúla ar domhan<br>• réitigh ar shaincheisteanna timpeallachta agus forbartha éagsúla a mheas bunaithe ar cheisteanna maidir le cúrsaí eitice agus leis an bhforbairt inbhuanaithe<br>• a gcumas a fhorbairt maidir le heolas a imscrúdú, le dearcadh ar shaincheisteanna i dtaca le húsáid na n-acmhainní nádúrtha agus leis an inbhuanaitheacht éiceolaíoch a ghlacadh agus a chur in iúl, le réasúnaíocht eolasach a chur i bhfeidhm do shaincheisteanna amhail scaipeadh na bpobal, an imirce, an fásra agus an t-athrú aeráide agus a dtionchar ar dhaoine, ar an tsochaí agus ar an timpeallacht in áiteanna difriúla ar domhan<br>• saincheisteanna éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta inbhuanaitheachta difriúla a réasúnú agus moltaí eolasacha um réitigh a chruthú trí thorthaí do dhaoine, don tsochaí agus don dúlra a chur san áireamh<br>• tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfadh le gníomhartha ina saol laethúil a bheith mar thionchar ar an timpeallacht agus moltaí a sholáthar a d'fhéadfadh cur leis an bhforbairt inbhuanaithe<br>• tionchar na ndaoine ar an dúlra, go háitiúil agus ar bhonn domhanda, chomh maith le deiseanna do thomhaltóirí agus do shaoránaigh na sochaí páirt a ghlacadh san fhorbairt inbhuanaithe a thuiscint. |

## Snáitheanna agus miondifríochtaí coitianta maidir le hábhar an chúrsa, le scileanna agus le hinniúlachtaí OFI

Cé go léiríonn Táblaí 4-6 go mbíonn difríochtaí ann thar na dlínsí maidir le heagrúchán ábhar an churaclaim don OFI agus leis an téarmeolaíocht a bhíonn in úsáid chun eolas, ábhar, scileanna agus inniúlachtaí a chur in iúl, faightear snáitheanna coitianta san ábhar agus sna scileanna agus inniúlachtaí don OFI thar na céimeanna oideachais agus thar na dlínsí. Déantar achoimre orthu seo i bhFíor 5.

**Fíor 5: Treochtaí coitianta maidir le hábhar an chúrsa, le scileanna agus le hinniúlachtaí OFI**

### Ábhar an churaclaim

- Tionchar fhorbairt na ndaoine ar an timpeallacht
- Idircheangailteacht na bhfoirmeacha beatha agus na n-éiceachóras uilig
- Idirspleáchas na ndaoine agus na timpeallachta, chomh maith le hidirspleáchas chórais an Domhain agus na gcóras sóisialta, eacnamaíoch, éiceolaíoch, cultúrtha agus polaitiúil
- Tábhacht an chúraim, an mheasa agus na freagrachta don timpeallacht

### Scileanna agus inniúlachtaí

Baineann snáitheanna coitianta leis an gcumas maidir le:

- Intinn fhiosrach a fhorbairt, agus aghaidh a thabhairt ar an athrú agus ar an inbhuanaitheacht, dul i ngleic leo agus dearadh ar a son
- Rialacha agus róil, cearta agus freagrachtaí, agus srianta agus teorainneacha a aithint
- Rannpháirtíocht ghníomhaíoch, freagracht shóisialta, dearcadh áitiúil, náisiúnta agus domhanda agus saoránacht a léiriú

San Astráil agus sa Nua-Shéalainn, is gné faoi leith é d’ábhar curaclaim, de scileanna agus d’inniúlachtaí na bunscoile agus na meánscoile tuiscint ar chothromas agus ar chothroime i dtaca le OFI a fhorbairt.

Is snáithe coitianta é maidir le hábhar an churaclaim, le scileanna agus le hinniúlachtaí thar na dlínsí dearcadh an duine/pearsanta agus an dearcadh áitiúil ar OFI a leathnú agus a fhorbairt ar mhaithe le dearcadh náisiúnta agus domhanda a bhaint amach, chomh maith le tuiscint ar an gcomhoibriú idirnáisiúnta um inbhuanaitheacht agus cruinneshamhlacha. San Oideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) sa Nua-Shéalainn, díríonn dearcadh an domhain seo go follasach ar an Nua-Shéalainn. San OdI, forbraíonn scoláirí na scileanna chun ‘amharc ar an domhan ó dhearcthaí difriúla, go háirithe na cinn atá ábhartha go díreach don Nua-Shéalainn’ (New Zealand Ministry of Education, 2010). Baineann sé seo leis an gcúigiú prionsabal de na cúig threoirphrionsabal den Environmental Education for Sustainability Strategy and Action Plan 2017-2021 [Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Oideachas Timpeallachta don Inbhuanaitheacht 2017-2021] (New Zealand Department of Conservation, 2017), atá ‘ag glacadh dearcaidh a bhaineann go sainiúil leis an Nua-Shéalainn’. Seo é an prionsabal a léiríonn go dtosaíonn forbairt an eolais agus na tuisceana maidir leis an inbhuanaitheacht i gcomhthéacsanna san fhíorshaol, amhail saincheisteanna timpeallachta áitiúla nó náisiúnta a fhiosrú, nó éifeachtaí ón athrú aeráide ar an Nua-Shéalainn mar náisiún oileánda

Ag bogadh ar aghaidh ó intinn fhiosrach a fhorbairt sna blianta luatha, díríonn an OFI i gcuraclam na bunscoile agus na meánscoile ar pháistí agus ar dhaoine óga a chumasú chun scileanna na smaointeoireachta cruthaithí, an fhiosraithe agus an fheidhmithe a fhorbairt. Is éard atá i gceist leis seo ná a bheith ag smaoineamh go cruthaitheach agus go nuálach faoi shaincheisteanna na hinbhuanaitheachta agus faoi réitigh na saincheisteanna sin, chomh maith le gníomh eolasach a ghlacadh – ar bhealach atá freagrach go sóisialta, go heiticiúil agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de (an Astráil, an tSeapáin, an Nua-Shéalainn, Albain). San Astráil, tá béim faoi leith ar chumas a fhorbairt chun réitigh nuálacha a dhearadh a bheidh tábhachtach do bhealaí nua na maireachtála inbhuanaithe. In Albain, díríonn an Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) ar scoláirí a chumasú chun saincheisteanna timpeallachta, eolaíocha agus teicneolaíocha a mheas agus chun dearcthaí eolasacha, eiticiúla ar shaincheisteanna casta/ar fhadhbanna uafásacha (a ndéantar sainmhíniú orthu mar fhadhbanna atá mór, casta agus idircheangailte, amhail an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht agus an easpa bia) a fhorbairt.

# 6. Príomháisitheoirí do theagasc agus d'fhoghlaim an OFI

Níl aon ábhar curaclaim lárnach don OFI atá éigeantach thar na dlínsí, seachas aon ábhar a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar chuid d'ábhar aonair nó de shonraíochtaí cáilíochta (nó siollabais). Is faoina scoileanna atá an cinneadh maidir le treoracha curaclaim agus treoir OFI a léirmhíniú agus a thabhairt isteach.

Is ceart curaclaim é Foghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) in Albain, áfach, agus tá na cleachtóirí go léir ag cur FdI in iúl ina gcuid cleachtais mar chuid d'fhís na hAlban do FdI. Mar sin, tá sé curtha i bhfeidhm sna Caighdeáin Ghairmiúla Múinteoirí. Seo é ceann de na príomháisitheoirí chun tacú le hionchorprú FdI mar chuid de Curriculum for Excellence [Curaclam um Fheabhas] in Albain. Tacaíonn an Nua-Shéalainn le teagasc agus le foghlaim OFI i scoileanna chomh maith trí é a chur i bhfeidhm sa Code of Professional Responsibility and Standards for the Teaching Profession [Cód um Fhreagracht Ghairmiúil agus um Chaighdeáin] do Ghairm na Múinteoireachta. Leagann an Cód amach na dualgais, na freagrachtaí agus an iompraíocht a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí; cuireann na Caighdeáin síos ar ionchais an chleachtais múinteoireachta éifeachtaigh agus soláthraíonn siad creat um fhoghlaim agus um fhorbairt ghairmiúil.

Iarrann Rialtas na Sualainne ar an Swedish National Agency for Education [Gníomhaireacht Náisiúnta na Sualainne um Oideachas] (*Skolverket*) tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun OFI a chomhtháthú sa teagasc, trí acmhainní a sholáthar a chuireann ar chumas na múinteoirí na spriocanna domhanda um fhorbairt inbhuanaithe ó Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 agus spriocanna timpeallachta náisiúnta na Sualainne a nascadh lena gcuid teagaisc. Tá na hacmhainní ar fáil mar mhodúil um fhorbairt ghairmiúil ón nGníomhaireacht ar a Tairseach Foghlama.

Déanann **Tábla 7** achoimre ar réimse na bpríomháisitheoirí a thacaíonn leis an gcuimsiú de OFI sa churaclam thar na sé dhlínse. Cuimsíonn siad tacaíocht agus treoir curaclaim ar líne, atá oifigiúil (m.sh. curtha ar fáil ag an Aire/Roinn Oideachais) ach gan a bheith éigeantach, lena n-áirítear samplaí cleachtais, acmhainní ar líne, agus comhairle faoi oideolaíocht mholta. Sa tSeapáin, sa Nua-Shéalainn agus in Albain, tá cáipéisí treorach faoi leith atá dírithe ar an gcleachtas OFI sa tSeapáin, sa Nua-Shéalainn agus in Albain. Cuireann dlínsí tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí, déanann siad moltaí a bhaineann le cur chuige OFI sa scoil uile; nó tacaíonn siad le rannpháirtíocht i réimse líonraí, tionscnamh agus clár OFI chomh maith.

D'fhéadfadh le líonraí agus le tionscnaimh réigiúnacha, áitiúla agus idirnáisiúnta oifigiúla a bheith mar phríomhghné chun tacú le teagasc agus le foghlaim OFI sna sé dhlínse, lena n-áirítear tionscnaimh idirnáisiúnta a bhunaigh nó atá tacaithe ag EOECNA agus na Náisiúin Aontaithe.

Glacann na dlínsí go léir páirt i dtionscnaimh idirnáisiúnta, amhail trí Ionaid Réigiúnacha um Shaineolais (RCEanna) (Regional Centres of Expertise) na Náisiún Aontaithe do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de sa Líonra RCE Domhandaa óstáil; trí pháirt a ghlacadh sa chlár Eco-Schoolsdomhanda; nó trí bheith mar chuid den UNESCO Associated Schools Project Network) (ASPNet) [Líonra Tionscadail Scoileanna Comhlachaithe EOECNA].

Bíonn líonraí, cláir nó pobail chleachtais a bhunaigh eagraíochtaí oideachasúla neamhspleácha nó grúpaí sainleasa, roinnt acu dírithe ar ghnéithe OFI faoi leith (m.sh. Predator Free New Zealand), mar chuid de na dlínsí chomh maith. Ní chlúdaítear na cláir, na líonraí, na pobail cleachtais, ná na hacmhainní seo thíos.

## Tábla 7: Tacaíocht don OFI sa churaclam

| Tacaíocht, treoir agus acmhainní curaclaim OFI oifigiúil ar líne | |
|---|---|
| An Astráil (0-5)<br>Early Years Learning Framework (Creat Foghlama na Luathbhlianta) | Cuirtear samplaí ar fáil do mhúinteoirí maidir le páistí a chumasú chun an fhreagracht shóisialta a bhaint amach agus chun meas a thabhairt don timpeallacht m.sh. trí rochtain a chur ar fáil do réimse ábhar nádúrtha ina dtimpeallacht; trí bhealaí a aimsiú chun páistí a chumasú cúram a thabhairt don talamh agus a bheith ag foghlaim uaidh; agus tríd an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm i ngnáthaimh agus i gcleachtais laethúla. Moltar béim ar an oideolaíocht um 'theagasc beartaithe'[13] i dtimpeallacht foghlama atá gníomhach agus bunaithe ar shúgradh. |
| An Astráil (5-16)<br>F-10 Australian Curriculum | Dírítear aird ar dheiseanna do mhúinteoirí chun an Inbhuanaitheacht (agus na tosaíochtaí traschuraclaim eile) a fhorbairt laistigh de na réimsí curaclaim aonair sa chuntais agus sa mhíniúcháin ábhair de na cáipéisí curaclaim ar líne. Don Inbhuanaitheacht, cuirtear deilbhín de dhuilleog leo. Nascann na cuntais ábhair le hacmhainní teagaisc ar shuíomh gréasáin Sheirbhísí Oideachais na hAstráile (ESA) Scootle (taisclann foghlama dhigiteach náisiúnta le míreanna foghlama a bhaineann le réimsí lárnacha Churaclam na hAstráile).<br><br>Cuirtear Curriculum Connections [Ceangail Churaclaim] san áireamh mar chuid den churaclam ar líne chomh mhaith; acmhainní a ligeann do mhúinteoirí ceangailtí a tharraingt thar an churaclaim bunaithe ar théamaí coincheapúla éagsúla, lena n-áirítear an fhoghlaim lasmuigh. |
| An Nua-Shéalainn (5-18) | Cuireann na cáipéisí curaclaim agus an treoir a dtagann leo, amhail na 'smaointe agus leideanna teagaisc' agus na 'hacmhainní' ar na suíomhanna gréasáin a bhaineann le hOideachas don Inbhuanaitheacht (OdI) ar líne mar chuid de Churaclam na Nua-Shéalainne samplaí le haghaidh OdI a ionchorprú sa churaclam agus naisc chuig acmhainní ar fáil do mhúinteoirí. Molann siad oideolaíocht ghaolmhar chomh maith. Soláthraíonn na suíomhanna gréasáin a bhaineann leis na 'hacmhainní' OdI sinsearacha dara leibhéal, cuid den 'treoir teagaisc agus foghlama, OdI sinsearach dara leibhéal, rochtain chomh maith ar réimse smaointe acmhainne/smaointe do theagasc agus don fhoghlaim. Cuimsíonn an treoir réasúnaíocht do theagasc OdI, príomhchoincheapa, cuid oideolaíochta, agus codanna ar spriocanna foghlama, ar cheangail agus ar dhearadh clár foghlama chomh maith. |

[13] Déanann Creat Foghlama na Luathbhlianta sainmhíniú ar an teagasc beartaithe mar mhúnlú agus léiriú, mar cheisteanna oscailte, mar thuairimiú, mar mhíniú, mar pháirt a ghlacadh i smaointeoireacht roinnte agus mar réiteach fadhbanna chun smaointeoireacht agus foghlaim na bpáistí a leathnú (Australian Government Department of Education, Skills and Employment (2009), p.18).

| Tacaíocht, treoir agus acmhainní curaclaim OFI oifigiúil ar líne | |
|---|---|
| Albain (3-18) | Cuireann Oideachas na hAlban an-chuid acmhainní ar líne ar fáil chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim d'Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht mar chur chuige traschuraclaim. |
| An tSualainn (6-18/19) | Iarrann an Rialtas ar an Swedish National Agency for Education [Gníomhaireacht Náisiúnta na Sualainne um Oideachas] tacaíocht a thabhairt do scoileanna chun OFI a chomhtháthú sa teagasc, trí acmhainní a sholáthar a mhíníonn an nasc atá ann idir na spriocanna domhanda um fhorbairt inbhuanaithe ó Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 agus spriocanna timpeallachta náisiúnta na Sualainne, le cáipéisí rialaithe scoile. An aidhm atá ann ná foireann na scoile a chumasú chun a gcuid eolais maidir le Clár Oibre 2030 agus leis na spriocanna timpeallachta náisiúnta a fheabhsú, ionas go mbeidh siad in ann na trí ghné OFI – an ghné eacnamaíoch, shóisialta agus éiceolaíoch – a chomhtháthú ina gcuid teagaisc. Tá na hacmhainní ar fáil mar mhodúil um fhorbairt ghairmiúil ón nGníomhaireacht ar aTairseach Foghlama.<br><br>Cuireann an treoir churaclaim ar líne um fhorbairt inbhuanaithe[14] do mhúinteoirí réamhscoile samplaí ar fáil maidir leis an gcaoi ar féidir leo oibriú leis an inbhuanaitheacht mar chuid den teagasc, le chéile leis na páistí ina rang. |
| **Treoir OFI faoi leith** | |
| An tSeapáin | D'fhoilsigh an Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (MEXT) an Treoir um OFI a Chur Chun Cinn in 2016. Tá sé mar aidhm ag an treoir seo 'feidhmiú OFI iomlán sa seomra ranga a bhaint amach', agus tá sé dírithe ar bhoird oideachais atá freagrach as oiliúint OFI a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, agus ar mhúinteoirí an dara leibhéal agus ar cheannairí atá freagrach as scoileanna a bhainistiú. Cuirtear béim na treorach ar thábhacht OFI a chur in iúl, agus ar shamplaí de bhealaí praiticiúla chun é a chur i bhfeidhm i scoileanna a chur ar fáil do mhúinteoirí nach bhfuil cleachta le OFI ná leis an oideolaíocht a bhaineann leis. Míníonn sé an cúlra agus an gá i dtaca le OFI, cuimsíonn sé samplaí cleachtaidh, agus soláthraíonn sé cás staidéir ar theagasc na '3R-anna', is iad sin laghdaigh, athúsáid agus athchúrsáil, i mbunscoil, agus comhairle um ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí. |
| An Nua-Shéalainn (5-18) | Trína gcuraclam a dhearadh maidir le hOideachas don Inbhuanaitheacht (OdI), ní mór do scoileanna smaoineamh ar na Treoracha um Oideachas Timpeallachta, a forbraíodh ar dtús in 1999, agus ar na ceithre chóras a éascaíonn an fhoghlaim sna heolaíochtaí sóisialta – ceangal (le taithí na scoláirí féin), ailíniú, pobal agus suim. Maíonn na Treoracha go bhfreastalaíonn clár oideachais timpeallachta cothrom ar oideachas *sa* timpeallacht, ar oideachas *faoin* timpeallacht agus ar oideachas *don* timpeallacht. |

[14] Cuimsíonn an treoir moltaí don tsláinte agus don fholláine chomh maith.

| | |
|---|---|
| Albain<br>(3-18) | Is dea-threoir cleachtaidh do FdI é Opening up Great Learning – Learning for Sustainability [Foghlaim Den Scoth a Oscailt – Foghlaim don Inbhuanaitheacht] a dhíríonn ar an gcaoi go sásaíonn scoileanna agus suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí moltaí FdI náisiúnta. Tarraingíonn sé aird ar phríomhghnéithe an dea-chleachtais, amhail ligean do pháistí agus do dhaoine óga a gcuid foghlama a threorú; an fhoghlaim trí ghníomh a spreagadh chun rannpháirtíocht iomlán a ghríosú; agus ceangal a dhéanamh le pobail agus ról a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Tugann an treoir samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla do mhúinteoirí chomh maith. |
| **Caighdeáin ghairmiúla múinteoirí** | |
| An Nua-Shéalainn | Tá an inbhuanaitheacht leabaithe mar chuid de Thiomantas Freagrachta Gairmiúla 4 sa Code of Professional Responsibility and Standards for the Teaching Profession [Cód um Fhreagracht Ghairmiúil agus um Chaighdeáin] do Ghairm na Múinteoireachta sa Nua-Shéalainn. Seo tiomantas na múinteoirí don tsochaí agus maíonn sé:<br>*I will respect my trusted role in society and the influence I have in shaping futures by promoting and protecting the principles of human rights, sustainability and social justice; [...] fostering learners to be active participants in community life and engaged in issues important to the wellbeing of society (lch.12).*<br>Leagann an Cód amach na dualgais, na freagrachtaí agus an iompraíocht a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí; cuireann na Caighdeáin síos ar ionchais an chleachtais múinteoireachta éifeachtaigh agus soláthraíonn siad creat um fhoghlaim agus um fhorbairt ghairmiúil. |
| Albain | Is cuid d'Fhís na hAlban um Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) é go léiríonn na cleachtóirí go léir FdI ina gcuid cleachtais. Mar gheall air sin, tá sé leabaithe tríd an suíomh nuashonruithe de Chaighdeáin Ghairmiúla do mhúinteoirí na hAlban (General Teaching Council Scotland, 2021). Cé go raibh sé mar cheann de na príomhluachanna cheana féin a bhí mar bhonn faoi na Caighdeáin Ghairmiúla roimhe (General Teaching Council Scotland, 2012), neartaíodh a thábhacht, d'fhonn tacú le múinteoirí chun glacadh le prionsabail agus le cleachtais na hinbhuanaitheachta agus iad a chur chun cinn i ngach gné dá gcuid oibre. Tacaíonn Treoir Ghairmiúil um FdI leis na Caighdeáin Ghairmiúla (féach 'Tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil' thíos). |
| **Tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil** | |
| An Astráil | Cuimsíonn 'léirithe cleachtais' d'acmhainní um fhorbairt ghairmiúil ar líne, ó Institiúid um Theagasc agus um Cheannaireacht Scoile na hAstráile, samplaí Inbhuanaitheachta, m.sh. iniúchadh ar mhúirín, éifeachtúlacht fuinnimh. |
| An Danmhairg | Is rud toiliúil do mhúinteoirí í an fhorbairt ghairmiúil, ach d'fhéadfadh le tacaíocht forbartha a bhaineann le OFI a bheith san áireamh, curtha ar fáil ag eagraíochtaí oideachais timpeallachta, ag institiúidí oiliúna múinteoirí agus ag eagraíochtaí gairmiúla múinteoirí. Soláthraíonn na líonraí agus na tionscnaimh, atá mar fhócas tábhachtach den OFI sa Danmhairg (féach an fotheideal thíos) tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil chomh maith. |

| | |
|---|---|
| An tSeapáin | Caithfidh boird oideachais áitiúla oiliúint múinteoirí inseirbhíse a chur ar fáil, le thart ar 75 faoin gcéad de scoileanna ag fáil oiliúna múinteoirí i dtaca le hoideachas timpeallachta do mhúinteoirí nua, agus idir 22-30 faoin gcéad do mhúinteoirí i lár a ngairme, ag brath ar an leibhéal oideachais. (EOECNA, 2021c). |
| Albain | Chruthaigh an General Teaching Council for Scotland [Comhairle Ghinearálta Teagaisc na hAlban] Treoir Ghairmiúil ghearr um FdI. An cuspóir atá ann ná cuidiú a thabhairt do mhúinteoirí tuiscint a fháil ar a bhfreagracht d'fhonn FdI a chur i bhfeidhm ina gcleachtas, mar chuid de chur chuige sa scoil uile, agus ar na bealaí a ngríosaíonn agus a spreagann sé foghlaimeoirí chun dul i ngleic leis na dúshláin foghlama um mhaireachtáil taobh istigh de theorainneacha timpeallachta an domhain, agus maidir le sochaí chóir, chothrom agus shíochánta a chruthú. |
| An tSualainn | Ní dualgas gairmiúil oifigiúil é rannpháirtíocht na múinteoirí san fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ach tá comhaontú lárnach ann go bhfuil siad go léir in ann rochtain a fháil ar suas le 104 n-uair de CPD (forbairt ghairmiúil leanúnach) i ngach bliain scoile. Socraítear riachtanais go háitiúil, d'fhéadfadh le OFI a bheith san áireamh. Tacaítear leis an bhforbairt ghairmiúil um OFI ag leibhéal an ardoideachais, amhail an clár Máistreachta ar líne seo; trí thaighde comhoibritheach agus tionscadail forbartha, seimineáir taighde, comhdhálacha, ceardlanna, fóraim, agus cúrsaí oiliúna atá curtha ar fáil ag SWEDESD (the Swedish International Centre of Education for Sustainable Development for teachers and others dealing with wicked problems) [Ionad Oideachais Idirnáisiúnta um Fhorbairt Inbhuanaithe na Sualainne do mhúinteoirí agus do dhaoine eile a théann i ngleic le fadhbanna uafásacha]; agus tríd an tairseach foghlama *Skolverket* a chuimsíonn modúil forbartha gairmiúla um OFI le bheith in úsáid ó Bhliain 1 de *grundskola* éigeantach (aois 7) go céim uachtarach dara leibhéal. |
| **Cuir chuige scoile uile** | |
| An Astráil | Sa stát Victoria, tacaíonn an clár ResourceSmart Schools le scoileanna chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm i ngach rud a dhéanamh siad, m.sh. le feidhmiú ar bhealach níos inbhuanaithe trí airgead a shábháil ar bhillí leictreachais, uisce agus dramhaíola, agus trína n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d'fhonn a n-éifeacht ar an timpeallacht a íoslaghdú. Tacaíonn sé le scoileanna chomh maith chun an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm i ngach réimse curaclaim. |
| An tSeapáin | Molann MEXT sa Treoir um OFI a chur chun cinn (2016) cur chuige sa scoil uile maidir le OFI a theagasc, lena n-áirítear prionsabail OFI taobh istigh de spriocanna na scoile agus OFI a leabú taobh istigh de ghníomhaíochtaí speisialta, amhail gníomhaíochtaí ranga, tionscnaimh chomhairle na scoláirí, imeachtaí scoile, agus imeachtaí eile faoi bhainistiú na scoile. Molann an Treoir chomh maith gur féidir le príomhoidí na scoile príomhról a ghlacadh, ag taispeáint ceannaireachta trí OFI a ionchorprú sa straitéis bainistíochta scoile mar thionscnamh sa scoil uile, ina bhfuil na múinteoirí go léir páirteach ann agus ina bhfuil ról lárnach ag an bpríomhoide. |

| | |
|---|---|
| An Nua-Shéalainn | Molann an creat um cur chuige sa scoil uile don inbhuanaitheacht a fhorbairt (Teaching and Learning Research Initiative, 2009) cur chuige sa scoil uile maidir le OFI, a ghlacann cláir foghlama na scoile le chéile; leis na bealaí a n-oibríonn baill phobal na scoile le chéile; le cleachtais agus le polasaithe inbhuanaithe sa scoil; agus leis an gcaoi a dtugtar cúram don scoil agus dá fearann. Bunaítear an creat ar na 'ceithre P-anna' (*People*, *Programmes*, *Practices and Place*) a oibríonn le chéile chun scoil inbhuanaithe a chruthú agus chun tacú le teagasc agus foghlaim OFI. I scoil inbhuanaithe, oibríonn *daoine* go comhoibritheach agus cinntítear go mbíonn scoláirí páirteach i ndéanamh cinntí; díríonn *cláir* ar fhoghlaim faoin idirghníomhaíocht idir daoine agus an timpeallacht agus ar dhearcthaí agus ar iompraíochtaí le haghaidh todhchaí níos inbhuanaithe a fhorbairt; bíonn *cleachtais* inbhuanaithe a thosaíonn scoláirí agus foireann chun pobal níos láidre a chruthú don todhchaí mar chuid de chultúr na scoile; agus cruthaítear *áit* ina mbíonn scoláirí agus a bpobal ag obair le chéile dá dtoil féin i gcomhair a dtionchar ar an domhan a laghdú. |
| Albain | Is cuid d'fhís na hAlban é i dtaca le Foghlaim don Inbhuanaitheacht (FdI) go mbeidh cur chuige FdI sa scoil uile ag gach scoil, agus go dtacóidh foirgnimh, fearann agus polasaithe scoile go léir lei. Mar gheall air sin, iarrtar ar scoileanna agus ar údaráis áitiúla cur chuige sa scoil uile um inbhuanaitheacht a ghlacadh, lena n-áirítear gealltanas na n-údarás áitiúil go sásaíonn feabhsuithe eastáit na scoile na caighdeáin dheartha inbhuanaithe agus timpeallachta is airde. Cuimsíonn sé foirgnimh agus fearann chomh maith a thacaíonn le hoideolaíocht agus le cleachtas FdI, tríd an soláthar de spás glas a forbraíodh go cúramach a chur san áireamh chun tacú le foghlaim agus chun teagmháil laethúil leis an dúlra agus leis an súgradh nádúrtha a éascú. Beifear ag súil chomh maith go nglacfaidh foghlaimeoirí páirt iomlán sa phróiseas maidir le hinbhuanaitheacht an champais a fheabhsú. |
| **Líonraí agus tionscnaimh** | |
| An Astráil | Eagraíonn an Eagraíocht Chomhlathais um Thaighde Eolaíochta agus Tionsclaíoch (The Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation), gníomhaireacht rialtais náisiúnta, an clár Todhchaí Inbhuanaithe chun tacú le múinteoirí a oibríonn le scoláirí i mBliain 3-10 (aois 8-16). Cláraíonn múinteoirí chun rochtain saor in aisce a fháil ar acmhainní teagaisc digiteacha chun tacú le teagasc na hinbhuanaitheachta agus na timpeallachta. |
| | Tá cúig (as 179 ar domhan) **Ionad Réigiúnacha um Shaineolas** (RCEanna) na NA do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de san Astráil. De réir an Líonra RCE Domhanda, tugann RCEanna institiúidí ag leibhéal réigiúnach/áitiúil le chéile chun OFI a chur chun cinn i gcomhpháirt le chéile agus chun ardáin a chruthú ar maithe le heolas agus le heispéiris a roinnt d'fhonn plé i measc páirtithe leasmhara réigiúnacha/áitiúla a chur chun cinn trí chomhpháirtíochtaí um fhorbairt inbhuanaithe. |
| | Glacann an Astráil páirt chomh maith sa chlár idirnáisiúnta **Eco-Schools** (féach thíos). |

| | |
|---|---|
| An Danmhairg | Is príomhthionscnamh é an **Clár Eco-Schools** sa Danmhairg – clár domhanda um scoileanna inbhuanaithe le struchtúr idirnáisiúnta coitianta, á reáchtáil ag Foundation for Environmental Education (FEE) [Foras um Oideachas Timpeallachta] atá lonnaithe i gCóbanhávan, a thacaíonn le scoileanna chun gníomh a dhéanamh i dtaca leis an athrú aeráide agus le saincheisteanna timpeallachta chun an dámhachtain 'Brat Glas' a bhaint amach. Tá 250 Éicea-Scoil sa Danmhairg, suite i 72 bhardasacht (70 faoin gcéad de bhardasachtaí na Danmhairge go léir), agus tá an-chuid scoileanna rannpháirteacha ag glacadh páirt sa chlár ar feadh 10 mbliana nó níos mó. |
| | Tá líonra EOECNA-ASP na Danmhairge (**ASPNet**) tábhachtach chomh maith. Tá sé mar chuid den líonra UNESCO Associated Schools Project Network (ASP) [Líonra Tionscadail Scoileanna Comhlachaithe EOECNA] le thart ar 11,500 scoil agus institiúid oideachais i 180+ tír. Tá béim sa scoil uile ag scoileanna líonra EOECNA-ASP na Danmhairge ar dhaoine óga a ullmhú i gcomhair saoránachta dhomhanda agus forbartha inbhuanaithe.[15] |
| | Sna luathbhlianta, is é 'Green Sprouts' an 'Green Quality Mark' de Chomhairle Allamuigh na Danmhairge d'fheighlithe leanaí, do naíonraí agus do naíscoileanna (páistí idir 0-6). Díríonn sé seo ar an saol lasmuigh, ar an dúlra agus ar an timpeallacht agus ar chultúr glas agus sláintiúil sa saol laethúil. Tá réimse cúrsaí um fhorbairt ghairmiúil ar fáil tríd an tionscnamh. |
| | Is eagraíocht chomhpháirtíochta í an Danmhairg sa tionscnamh Education for Global Responsibility [Oideachas um Fhreagracht Dhomhanda] atá maoinithe ag an gCoimisiún Eorpachdo dhaoine idir 13-21. Cuimsíonn an tionscnamh curaclam breise (le hacmhainní nasctha) dírithe i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA, ach é mar chuspóir aige a bheith oiriúnach do churaclaim náisiúnta. |
| | Tá **Ionad Réigiúnach um Shaineolas** (RCE) na NA do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de sa Danmhairg chomh maith. |
| An tSeapáin | Is tionscnamh polasaí tábhachtach é an UNESCO Associated Schools Project Network (**ASPNet**) [Líonra Tionscadail Scoileanna Comhlachaithe EOECNA] sa tSeapáin chun scoileanna agus múinteoirí a spreagadh OFI a thabhairt isteach, le níos mó na 1000 Scoil Chomhlachaithe EOECNA sa tír i bhFeabhra 2018. Molann an Treoir MEXT um OFI a Chur Chun Cinn comhoibriú idir scoileanna ASPNet go náisiúnta agus i dtíortha eile; le tíortha eile ar mhaithe le tuiscint a fháil ar an ngá maidir le comhoibriú idirnáisiúnta do thodhchaí inbhuanaithe. Maíonn an Treoir chomh maith gur cheart do scoileanna ASPNet sa tSeapáin na tréithe agus na hinniúlachtaí ba mhaith leo a chothú trí OFI a shoiléiriú; curaclam a fhorbairt le béim faoi leith ar phróiseas foghlama a spreagann scoláirí le haghaidh fadhbanna a aimsiú agus a réiteach iad féin nó trí chomhoibriú le daoine eile; agus ábhar ábhartha le múineadh trí phlean teagaisc traschuraclaim a dhíríonn ar thréimhse an léinn chomhtháite a roghnú, má tá siad chun feidhmiú mar bhonn faoi OFI a chur chun cinn. |
| | Tá ocht (as 179 ar domhan) **nIonad Réigiúnacha um Shaineolas** (RCEanna) na NA do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de sa tSeapáin. |

[15] Tabhair faoi deara: as na tíortha atá san áireamh sa staidéar seo, tá líon níos lú chomh maith de scoileanna ASPNet san Astráil, sa Nua-Shéalainn, agus sa tSualainn. Is tionscnamh tábhachtach é sa tSeapáin.

| | |
|---|---|
| An Nua-Shéalainn | Is clár timpeallachta bunaithe ar ghníomh atá tábhachtach, tacaithe ag an Aireacht um Oideachas ar bhonn náisiúnta é an líonra Enviroschools sa Nua-Shéalainn, ina bhfuil idir aon trian agus leath de na scoileanna go léir páirteach (EOECNA, 2021c). Sa chlár, dearann daoine óga tionscadail na hinbhuanaitheachta, agus iad i gceannas orthu, ina scoileanna agus ina bpobail. |
| | Tá dhá (as 179 ar domhan) **Ionad Réigiúnacha um Shaineolas** (RCEanna) na NA do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de sa Nua-Shéalainn chomh maith. |
| Albain | Tá thart ar 98 faoin gcéad de scoileanna údarás áitiúil in Albain cláraithe leis an gclár idirnáisiúnta Eco-Schools, atá á reáchtáil ag Keep Scotland Beautiful ag leibhéal áitiúil na hAlban. |
| | Is é Learning for Sustainability Scotland [Foghlaim don Inbhuanaitheacht, Albain] an tIonad Réigiúnach um Shaineolas (RCE) de chuid na NA atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de do OFI in Albain. Cuireann sé deiseanna um fhoghlaim ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí chun cur lena gcleachtas trí FdI a ionchorprú ina gcuid suíomhanna oideachais. Cuimsíonn sé seo, mar shampla, cúrsa foghlaim ghairmiúil ar líne ar 'Cheangail a dhéanamh trí Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht', a dhíríonn ar chuidiú a thabhairt do mhúinteoirí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí (ELC), i scoileanna agus i gcoláistí chun Foghlaim don Chothromas agus don Inbhuanaitheacht a phleanáil agus a chur i bhfeidhm ina gcuid cleachtais. |
| An tSualainn | Tá ceithre (as 179 ar domhan) **Ionad Réigiúnacha um Shaineolas** (RCEanna) na NA do OFI atá creidiúnaithe ó thaobh ollscoile de sa tSualainn. Baineann scoileanna sa tSualainn páirt sa chlár idirnáisiúnta den **Eco-Schools** chomh maith. |

## Oideolaíocht agus dea-chleachtas a mholtar

Mar a aibhsítear i dTábla 7, tá réimse tacaíochta ann maidir le coinníollacha fabhracha a sholáthar don teagasc agus don fhoghlaim OFI, lena n-áirítear na cinn a mholann oideolaíochtaí tacaíochta. Léiríonn snáitheanna coitianta sna moltaí oideolaíochta um dhea-chleachtas seo na cinn a aimsíodh i dtaighde ar oideolaíocht OFI éifeachtach ó Learning for Sustainability Scotland (2016) [Foghlaim don Inbhuanaitheacht na hAlban]. Aibhsítear iad i bhFíor 6.

## Fíor 6: Ag tacú le hoideolaíocht OFI




Sa Danmhairg, cuireann an Tairseach Foghlama den Aireacht um Leanaí agus um Oideachas béim ar oideolaíocht atá bunaithe ar thaighde i dtaca leis an éicilitearthacht (Elf *et al.*, 2021). Tugann sé seo le fios go ndéantar an fhorbairt is fearr ar eolas agus ar thuiscint faoi chórais éiceolaíocha, faoin mbithéagsúlacht agus faoin inbhuanaitheacht nuair a bhunaítear é ar shaincheist áitiúil, atá fíor agus ábhartha i dtuairim an scoláire. Féadfar cur lena dtuiscint ansin. Bunaítear an teagasc ar dhearcadh an scoláire chomh maith agus baineann sé úsáid as próisis ghrúpa agus as an bhfoghlaim ghníomhach mar bhunchloch sa phróiseas foghlama. Tugann an oideolaíocht an ceann a moladh sa Nua-Shéalainn (aibhsithe i dTábla 7) le fios, a mholann go mbunaítear dearadh an churaclaim OFI ar cheangal, ar ailíniú, ar phobal agus ar shuim.

Sa tSeapáin, molann an Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta (MEXT) sa Treoir um OFI a Chur Chun Cinn (2016) chomh maith go dtosaíonn an teagasc ag an gcomhthéacs áitiúil, m.sh. trí thopaicí staidéir atá ábhartha don scoil agus don phobal a roghnú. Molann sé chomh maith comhoibriú leis an bpobal áitiúil, le hollscoileanna agus le comhlachtaí; cur chuige teagaisc agus foghlama a ligeann do scoláirí tionscnaíocht a ghlacadh agus gníomhaíochtaí grúpa agus comhoibritheacha eile a dhéanamh, á n-éascú ag múinteoirí; agus úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí atá bunaithe ar thaithí agus a bhaineann le réiteach fadhbanna.

Tá oideolaíocht OFI atá bunaithe ar chur chuige foghlama comhoibritheach, eispéireasach agus a bhaineann le fadhbanna agus le fiosrú an-tábhachtach sa Nua-Shéalainn. An aidhm atá ann ná páistí agus daoine óga a chumasú chun cumas gnímh a fhorbairt, trí úsáid a bhaint as comhthéacsanna foghlama domhanda, náisiúnta agus áitiúla atá ábhartha do shuimeanna agus do cheisteanna na scoláirí.Cuimsíonn an Environmental Education for Sustainability Strategy and Action Plan 2017-2021 [Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Oideachas Timpeallachta don Inbhuanaitheacht 2017-2021] (New Zealand Department of Conservation, 2017) múnla comhoibritheach oideachas pobail chomh maith, ina mbíonn naíscoileanna, scoileanna agus comhpháirtithe pobail ag obair le chéile chun caomhnú agus fís oideachais roinnte a bhaint amach. Is iad príomhphrionsabail an mhúnla ná comhthéacsanna barántúla teagaisc agus foghlama; comhoibriú thar na bliainghrúpaí, idir scoileanna agus leis an bpobal níos leithne; foghlaim faoi stiúir na scoláirí; cur chuige ilchéime ina bhfuil aistear foghlama leanúnach, traschuraclaim, agus na scoláirí ag bogadh ó naíscoil go meánscoil; agus forbairt agus tacaíocht ghairmiúil do mhúinteoirí.

Cuireann an taighde ó Learning for Sustainability Scotland (2016) [Foghlaim don Inbhuanaitheacht, Albain] béim chomh maith ar thábhacht na foghlama lasmuigh/na teagmhála leis an dúlra chun teagasc agus foghlaim OFI éifeachtach a chur i bhfeidhm. Léirítear seo chomh maith sa chur chuige oideolaíochta a mholtar sna dlínsí. Mar shampla, maíonn na Treoracha um Oideachas Timpeallachta, sa Nua-Shéalainn, a forbraíodh ar dtús in 1999, ach a moltar do scoileanna fós úsáid a bhaint astu, go bhfreastalaíonn clár oideachais timpeallachta cothrom ar oideachas *sa* timpeallacht, ar oideachas *faoin* timpeallacht agus ar oideachas *don* timpeallacht.

Díríonn an Outdoor Learning Curriculum Connection [Ceangal Curaclaim um Fhoghlaim Lasmuigh] san Astráil (é mar chuspóir aige tacú le múinteoirí chun ceangail a chruthú thar an gcuraclaim) ar dheiseanna a chur ar fáil do scoláirí le haghaidh tairbhí uathúla agus sainiúla a bhaint amach ón bhfoghlaim lasmuigh, agus le haghaidh scileanna agus tuiscintí a fhorbairt le linn dóibh meas a thabhairt do chaidreamh dearfach le timpeallachtaí nádúrtha agus úsáid inbhuanaithe na dtimpeallachtaí seo a chur chun cinn. Taispeánann an treoir ar líne an chaoi ar féidir ábhar ó réimsí curaclaim na sláinte agus an chorpoideachais, na ndaonnachtaí agus na n-eolaíochtaí sóisialta, na tíreolaíochta agus na heolaíochta i gCuraclam F-10 na hAstráile, agus óna hinniúlachtaí[16] ginearálta agus óna tosaíochtaí traschuraclaim a eagrú agus a sholáthar tríd an bhfoghlaim lasmuigh. Cuimsíonn sé naisc chomh maith chuig samplaí ábhartha d’obair scoláirí a léiríonn foghlaim an scoláire i dtaca le caighdeáin ghnóthachtála.

Aithníonn taighde na hAstráile roinnt gnéithe dea-chleachtais chomh maith um fhorbairt ghairmiúil agus um thacaíocht in OFI do mhúinteoirí gníomhacha. Cuimsíonn siad seo tacaíocht um fhorbairt ghairmiúil a fhorbraíonn scileanna, eolas agus inniúlacht chun OFI éifeachtach a sholáthar; ina mbíonn gníomhaíochtaí praiticiúla agus taithí ón bhfíorshaol amhail turais allamuigh; a thacaíonn leis an gcreatchuraclam; ina mbíonn líonrú le cleachtóirí eile laistigh agus lasmuigh den earnáil scoile; a chuimsíonn scoláirí i ngníomhaíochtaí um fhorbairt ghairmiúil nuair is cuí, amhail turais allamuigh; agus atá ábhartha dá gcomhthéacs teagaisc.

[16] Is iad na seacht n-inniúlacht ghinearálta ná litearthacht; uimhearthacht; inniúlacht TFC/litearthacht dhigiteach; smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; inniúlacht phearsanta agus shóisialta; tuiscint eiticiúil; agus tuiscint idirchultúrtha. Tugtar fúthu trí ábhar na réimsí curaclaim, cosúil leis na tosaíochtaí traschuraclaim.

# 7. Leasuithe a rinneadh le déanaí

As na sé dhlínse, rinneadh forbairtí/leasú maidir le hionchorprú Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe sa churaclam sa tSualainn, in Albain agus san Astráil le blianta beaga anuas.

Dhírigh forbairtí sa tSualainn agus in Albain ó 2019 ar aghaidh ar mhéadú béime ar thábhacht OFI mar ghné lárnach an teagaisc agus na foghlama.

Sa tSualainn, cuireadh an bhéim ar chéim thosaigh an oideachais, áit inar tugadh coincheap na forbartha inbhuanaithe isteach sa Churaclam Réamhscoile athbhreithnithe (2018) (páistí 0-6 mbliana d'aois), a cuireadh i bhfeidhm in 2019, mar gheall ar a thábhacht don todhchaí.

In Albain, bhí béim áirithe ar an taobh eile den raon aoise, ina gcuireann an Learning for Sustainability Action Plan 2019 [An Plean Gníomhaíochta um Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht] (Education Scotland, 2019b) ceangal ar Údarás Cáilíochtaí na hAlban (Scottish Qualifications Authority) agus ar Oideachas na hAlban (Education Scotland) cinntiú go smaoinítear ar ionchuimsiú ábhair a bhaineann le FdI nuair a dhéantar athbhreithniú ar cháilíochtaí. Tugann sé seo Moladh 14 ón Vision 2030+ Report [Tuarascáil Físe 2030+] (Education Scotland, 2016), le fios a leagann síos an fhís FdI do 2030, a gheallann córais a chur i bhfeidhm chun cinntí go dtacóidh gach athbhreithniú cáilíochtaí sa todhchaí le FdI; spreagadh agus am a chur ar fáil do chleachtóirí agus d'fhoghlaimeoirí chun oideolaíocht agus modhanna FdI a ghlacadh, an fhoghlaim lasmuigh san áireamh; agus creidiúnú cuí a sholáthar chun gaiscí FdI na ndaoine óga a aithint agus chun iad a ullmhú don saol oibre. An cuspóir atá ann ná ardán a sholáthar don phobal teagaisc chun topaicí a bhaineann le FdI a chur ar fáil mar phríomhghné de chleachtas teagaisc agus foghlama, trí inneachar ábhair so-aimsithe faoi leith, trí chomhthéacsanna, nó trí dheiseanna um phearsantú agus um rogha i dtopaicí obair chúrsa.

Tá sé mar aidhm athbhreithnithe reatha ar Churaclam F-10 na hAstráile (aois 5-16) an curaclam a 'ghlanadh amach' trí ábhar a bheachtú, a athailíniú, agus a laghdú. Cuimsíonn sé seo feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na tosaíochtaí traschuraclaim agus ábhar na réimsí curaclaim aonair, ionas go mbeidh múinteoirí in ann díriú ar bhunábhar a theagasc, m.sh. trí léirithe barántúla amháin a chur sna cáipéisí curaclaim maidir le conas a d'fhéadfadh tosaíochtaí traschuraclaim tacú le hábhar an réimse curaclaim a theagasc agus a fhoghlaim. Díríonn an t-athbhreithniú ar fheabhas a chur ar na smaointe eagraithe do na tosaíochtaí curaclaim chomh maith (féach Tábla 5 thuas) le tagairt don taighde reatha. Is éard na leasuithe faoi leith le haghaidh thosaíocht traschuraclaim na hInbhuanaitheachta le bheith curtha i bhfeidhm nuair a thugtar isteach an curaclam nuashonruithe in 2022 ná:

- tagairtí níos leithne don inbhuanaitheacht thimpeallachta chun córais an domhain go léir a chur san áireamh, seachas an bithsféar amháin
- béim ar idirspleáchas inbhuanaitheacht na gcóras timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíoch
- leathnú béime ar dhearadh inbhuanaithe na dtáirgí, na dtimpeallachtaí agus na seirbhísí

- gníomhartha níos leithne don inbhuanaitheacht chun laghdú éifeachtaí na ndaoine agus athbhunú na dtimpeallachtaí, in éineacht le caomhnú, a chur san áireamh
- tacaíocht níos soiléire chun breathnú ar an gcaoi gur féidir le daoine aonair agus le pobail gníomhú agus athrú dearfach a chur i bhfeidhm.

Léiríonn na leasuithe seo an tuiscint atá ag athrú ar na coincheapa a fheidhmíonn mar bhunús na hinbhuanaitheachta agus ar ghnéithe an oideachais éifeachtaigh don inbhuanaitheacht. Díríonn siad chomh maith ar thosaíocht traschuraclaim na hInbhuanaitheachta san Astráil a chur le tagairt níos cóngaraí do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus do Dhearbhú Oideachais Alice Springs (Mparntwe) (2019). Tá dhá phríomhsprioc ag an dara rud thuas:

1. Cuireann córas oideachais na hAstráile feabhas agus cothromas chun cinn.

2. Fásann gach Astrálach óg ina nduine muiníneach agus cruthaitheach, ina bhfoghlaimeoir rathúil ar feadh an tsaoil, agus ina mball gníomhach agus eolasach den phobal.

# 8. Ceisteanna conclúide

Tá an t-iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta seo ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe tráthúil ar bhealaí éagsúla.

Tá sé lonnaithe i gcomhthéacs idirnáisiúnta ina leanann EOECNA lena iarrachtaí leanúnacha d'fhonn OFI a chur chun tosaigh chun tacú le spriocanna Chlár Oibre na Náisiún Aontaithe 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach. Tá sé seo á dhéanamh aige trína phlean chun OFI a chur i bhfeidhm faoi 2030, a foilsíodh in 2020, agus trína réimse tionscnamh, amhail an comhthionscnamh maidir leis an Global Teacher Forum on Climate Action [Fóram Múinteora Domhanda um Ghníomhú ar son na hAeráide], a spreagann múinteoirí i gcomhair comhoibrithe ar oideachas aeráide thar na teorainneacha agus thar na cultúor, agus plean a fhorbairt chun léargas treorach a chur i bhfeidhm sna seomraí ranga, sna córais oideachais agus sna polasaithe.

Is comhthéacs é inar thug tuarascáil (IPCC, 2021) an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide ó Lúnasa 2021 rabhadh go bhfuil an t-athrú aeráide go forleathan, go bhfuil sé gasta agus go bhfuil sé ag éirí níos measa, cé go bhféadfadh laghdú leanúnach ar astaíochtaí srian a chur leis. Is comhthéacs é chomh maith ina bhfuil scoileanna in úsáid ag dlínsí mar thúsphointe don obair maidir le hathrú iompraíochta suntasach atá riachtanach a chur i bhfeidhm chun freastal ar a dtiomantais leis an ídiú carbóin a laghdú. Is príomhspreagadh é seo do thogra reachtaíochta reatha i Sasana, mar shampla, chun an t-athrú aeráide agus an saoránacht inbhuanaithe a dhéanamh mar ábhar éigeantach sna scoileanna go léir.

Thar aon rud eile, do CNCM, áfach, tá coimisiúnú an iniúchta curaclaim seo tráthúil i gcomhthéacs fhorbairt an dara straitéis náisiúnta maidir le hOideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn chuig 2030, a thiocfaidh in ionad na straitéise reatha (2014-2020) (ROS, 2014). Tabharfaidh léargais an iniúchta ar na socruithe don teagasc agus don fhoghlaim OFI san Astráil, sa Danmhairg, sa tSeapáin, sa Nua-Shéalainn, in Albain agus sa tSualainn eolas ar threo straitéiseach CNCM sa churaclam chuig 2030 a bhíonn ag athrú i gcónaí. B'údar suime é ábhar an iniúchta chomh maith do lucht déanta polasaithe agus do lucht deartha curaclaim in áiteanna eile, atá freagrach as forbairt OFI sa churaclam.

Tá an curaclam á athdhearadh faoi láthair ar fud 11 bhliainghrúpa sa réimse oideachais (bunscoil agus sraith shinsearach) in Éirinn. Cuimsíonn sé seo athbhreithniú ar churaclam na bunscoile, athfhorbairt na sraithe sinsearaí, nuashonrú ar chreatchuraclam na luathbhlianta, agus tacaíocht leanúnach do chur chun feidhme na sraithe sóisearaí. Is féidir le torthaí an iniúchta eolas díreach a thabhairt don obair agus don phlé tacaíochta seo, do dhíospóireacht agus do chinnteoireacht maidir le conas gur féidir tacú níos fearr le OFI mar chuid d'fhoghlaim na bpáistí/na ndaoine óga agus, sa deireadh, a smaointeoireacht agus a ngníomhartha i dtaca leis an inbhuanaitheacht, mar shaoránaigh a bheidh fíoréifeacht acu ar an domhan a mhúnlú sna blianta amach romhainn.

Scrúdaigh an staidéar deisce na príomhcheisteanna atá i gceist sna sé dhlínse, lena n-áirítear na sainmhínithe, na físeanna, na haidhmeanna, na tosaíochtaí agus na prionsabail don teagasc agus don fhoghlaim OFI; conas a léirmhíníonn agus a ionchorpraíonn na dlínsí na tosaíochtaí OFI seo sa churaclam; an t-ábhar a chuireann siad san áireamh, na scileanna agus na hinniúlachtaí a dhéanann an teagasc agus an fhoghlaim OFI iarracht a chothú; an chaoi a ndéanann dlínsí iarracht tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim OFI agus é a chumasú; agus an spreagadh agus gnéithe maidir leis na hathruithe agus na nuálaíochtaí is déanaí. Cumasaíonn a fhócas trasearnála (traschéim) CNCM chun tuiscint a fháil ar conas a ionchorpraítear OFI ó oideachas na luathóige go hoideachas na hiar-bhunscoile.

Cuireann an t-iniúchadh léargas ar fáil i dtaca le conas a léirmhínítear gnéithe Sprioc 4.7 ó Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA do OFI thar na dlínsí. Léiríonn sé a mbéim ar an bprionsabal Brundtland um fhorbairt inbhuanaithe mar fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cumas na nglúnta atá fós le teacht a chur i mbaol chun a gcuid riachtanas féin a bhaint amach (na Náisiúin Aontaithe, 1987). Tarraingíonn sé aird chomh maith ar thábhacht na trí ghné OFI idircheangailte ó EOECNA thar na dlínsí – an fhás eacnamaíoch; an fhorbairt shóisialta, lena n-áirítear an fhorbairt pholaitiúil agus chultúrtha; agus an fhorbairt timpeallachta. Léiríonn sé chomh maith cur chuige na ndlínsí maidir le ceisteanna atá ábhartha ag leibhéal áitiúil a nascadh le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Trí imscrúdú a dhéanamh ar na tréithe OFI i ndlínsí eile, tharraing an t-iniúchadh aird ar roinnt ceisteanna a d’fhéadfadh le CNCM smaoineamh orthu agus a threo straitéiseach do OFI sa churaclam á athrú agus á fhorbairt acu.

### Ag féachaint ar an bhfianaise ón Astráil, ón Danmhairg, ón tSeapáin, ón Nua-Shéalainn, ó Albain agus ón tSualainn:

- Conas gur féidir na príomhaidhmeanna, tosaíochtaí agus prionsabail do bheartas curaclaim OFI i suíomhanna luath-óige agus i scoileanna na hÉireann a chur in iúl thar na céimeanna oideachais uilig?
- Cén chomparáid atá ann idir an t-ábhar, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá tábhachtach do OFI i gcuraclam na hÉireann agus an méid atá ar eolas againn ó dhlínsí eile, agus cad gur féidir linn a fhoghlaim ón gcomparáid seo?
- An bhfuil gnéithe OFI gur cheart a sholáthar do na daltaí/scoláirí go léir mar chuid dá gclár staidéir? Má tá, cad é an chaoi is fearr chun na riachtanais seo a ionchorprú sna cáipéisí curaclaim?
- Conas gur féidir linn a chinntiú nach mbeidh daoine den tuairim go bhfuil an curaclam róphlódaithe agus na riachtanais iomarcach mar gheall ar aon riachtanas do OFI?
- Cé chomh tábhachtach is ba chóir don OFI a bheith mar thosaíocht traschuraclaim thar na céimeanna oideachais ar fad?
- Cad iad na córais tacaíochta a d'fhéadfadh a bheith ar na córais is úsáidí chun coinníollacha fabhracha don teagasc agus don fhoghlaim OFI a chruthú, agus chun ionchorprú OFI sa churaclam thar na céimeanna oideachais uilig a chumasú?
- Cad iad na príomhghnéithe is rathúla den oideolaíocht atá ann cheana chun an teagasc agus an fhoghlaim OFI a éascú agus an bhfuil scóip ann chun iad seo a fhorbairt? Ar cheart do CNCM ról níos lárnaí a ghlacadh maidir le comhairle a thabhairt d'oideolaíocht agus sampla a bhaint aisti chun tacú le hobair na suíomhanna/na scoileanna ar OFI?
- Conas gur féidir linn sa todhchaí tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí maidir le hOideachas um Shaoránacht Dhomhanda (GCED) ionas go mbeidh múinteoirí in ann eolas agus scileanna maidir le forbairt inbhuanaithe, le stíleanna maireachtála inbhuanaithe, le cearta daonna, le comhionannas inscne, le cur chun cinn an chultúir síochána neamhfhoréigin, le saoránacht dhomhanda, agus le meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar obair an chultúir ar son na forbartha inbhuanaithe a sholáthar do gach foghlaimeoir?
- An bhféadfaimis ár mianta do OFI a ionchorprú sa cháipéisíocht curaclaim in Éirinn - de réir earnála agus ábhair - ar bhealach níos úsáidí/inúsáidte?
- An bhfuil scóip/gá maidir leis an bhfoghlaim allamuigh a fhorbairt níos mó chun tacú le OFI sa churaclam thar na céimeanna agus thar na hábhair?

Soláthraíonn fianaise an staidéir deisce túsphointe do phlé agus do bhreithniúchán na gceisteanna seo.

Nuair a dhéantar machnamh orthu seo agus ar cheisteanna eile i dtaca leis an bhfianaise ón staidéar deisce seo agus leis an gcomhthéacs Éireannach, tá sé tábhachtach chomh maith smaoineamh ar an gcomhthéacs sna sé dhlínse staidéir. Tá gach ceann uathúil, cé go bhfuil fócas idirnáisiúnta ar OFI, agus cé go bhfuil, mar a d'aimsigh an staidéar, roinnt snáitheanna coitianta sa chaoi a gcuireann na sé dhlínse deiseanna ar fáil do fhoghlaim agus do theagasc OFI. Léiríonn na Táblaí Tíre mionsonraithe, a chuireann bunús ar fáil don tuarascáil ar phríomhthorthaí seo, an comhthéacs an-tábhachtach seo chomh maith le mionsonraí agus miondifríochtaí na gcóras go léir.

# Aguisín 1: Ceisteanna taighde

| Ceist taighde | Príomhcheisteanna |
|---|---|
| Mar gheall ar an sainmhíniú leathan ar OFI mar a leagtar amach i sprioc SDG 4.7, cad í an aidhm nó an cuspóir atá léirithe do OFI (an t-oideachas um athrú aeráide san áireamh) sa straitéis OFI, nó sa pholasaí curaclaim/sa chreatchuraclam d'oideachas sna luathbhlianta, na bunscoile nó na meánscoile? | • Conas a léirmhínítear sprioc SDG 4.7, m.sh. trí straitéis náisiúnta nó trí fhís do OFI; conas a léirítear é seo sa pholasaí curaclaim/sa chreataí?<br>• Cad iad na haidhmeanna uileghabhálacha atá luaite do OFI?<br>• Cad iad na tosaíochtaí atá luaite do OFI sa churaclam; agus an athraíonn sé seo ó chéim go céim? |
| Cén áit ina bhfuil OFI (an t-oideachas um athrú aeráide san áireamh) laistigh de chreat(aí)churaclam/de cháipéisí polasaí?<br><br>Conas a chomhtháthaítear OFI (an t-oideachas um athrú aeráide san áireamh) sa churaclam? | • An bhfuil aon mholadh ann maidir le conas OFI a chuimsiú sa churaclam agus an athraíonn na moltaí seo ó chéim go céim?<br>• Conas a léirítear, a léirmhínítear agus a chomhtháthaítear sprioc SDG 4.7 agus/nó an straitéis OFI náisiúnta sa pholasaí curaclaim/sna creatchuraclaim, m.sh.: trí luachanna agus trí phrionsabail an chreatchuraclaim/an pholasaí uileghabhálaigh; mar riachtanas ábhair traschuraclaim; mar churaclam/mhodúil churaclaim aonair; mar spriocanna gnóthachtála laistigh de réimsí ábhair curaclaim faoi leith; mar riachtanais scrúdaithe? |
| Cén t-eolas ábhair OFI (an t-oideachas um athrú aeráide san áireamh) a chomhtháthaítear sna creatchuracla(i)m/sna cáipéisí polasaí? Cad í an bhéim ar OFI sna creatchuracla(i)m/sna cáipéisí polasaí? | • Cad iad an t-eolas ábhair, na luachanna, na hinniúlachtaí agus na scileanna OFI a chuirtear san áireamh/a gcuirtear béim orthu sna creatchuracla(i)m/ sna cáipéisí polasaí?<br>• An leagtar amach eolas ábhair faoi leith?<br>• Cén t-eolas ábhair ag a bhfuil an chuid is mó/is lú spáis sa churaclam?<br>• Cén bonn cirt, má tá ceann, a chuirtear ar fáil maidir le heolas ábhair faoi leith a chuimsiú sa churaclam?<br>• An athraíonn sé seo ó chéim go céim?<br>• Conas a thacaítear le leanúnachas agus le dul chun cinn, má dhéantar é seo, thar na curaclaim agus na céimeanna? |
| Conas a spreagtar agus a thacaítear le OFI sa churaclam (an t-oideachas um athrú aeráide san áireamh)/cad iad na príomháisitheoirí a thacaíonn le OFI sa churaclam? | • An moltar cineálacha eispéireas foghlama nó oideolaíochta faoi leith chun cuidiú le OFI/hoideachas um athrú aeráide a chur chun cinn sa churaclam agus an athraíonn siad seo ó chéim go céim?<br>• Conas a thacaítear le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí? Cén tionscnaimh um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí atá i bhfeidhm?<br>• Aon bhfuil aon riachtanais um fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí do OFI, m.sh. mar chuid d'inniúlachtaí múinteoirí? |

# Gluais na dtéarmaí agus na ngiorrúchán

| | | |
|---|---|---|
| CfE | Curaclam um Fheabhas [Curriculum for Excellence] | Curaclam na hAlban - clúdaíonn sé an réimse aoise ó 3 go 18 agus díríonn sé ar chuidiú a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga an t-eolas, na scileanna agus na tréithe atá riachtanach do shaol an 21ú haois a bhaint amach. |
| FGL | Forbairt ghairmiúil leanúnach | |
| ROS | An Roinn Oideachais agus Scileanna. Éire | |
| OCLÓ (ECEC) | Oideachas agus cúram luath-óige (an Danmhairg) (Early childhood education and care) | |
| OTdI (EEfS) | Oideachas Timpeallachta don Inbhuanaitheacht (an Nua-Shéalainn) (Environmental Education for Sustainability) (mar a ndéantar cur síos air sa straitéis uileghabhálach agus sa phlean gníomhaíochta do OFI sa Nua-Shéalainn agus mar a chuimsítear é i *Te Whāriki* – an curaclam luath-óige). | |
| OdI | Oideachas don Inbhuanaitheacht (an Nua-Shéalainn) (Education for Sustainability) (mar a chuimsítear é i gCuraclam na Nua-Shéalainne). Baintear úsáid as an téarma san Astráil chomh maith. | |
| ELC | An luathfhoghlaim agus cúram leanaí (Albain) (Early learning and childcare) | |
| OFI (ESD) | Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (Education for Sustainable Development) | Úsáidtear an téarma sa sainmhíniú ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) cuspóir 4.7 (EOECNA, 2020). Baintear úsáid as an téarma i gcuraclam na Danmhairge, na Seapáine agus na Sualainne chomh maith. |
| E&Oanna | Taithí agus Torthaí, Albain (Experiences and Outcomes) | Is sraith ráiteas é na Taithí agus Torthaí ar fhoghlaim agus ar dhul chun cinn na bpáistí i ngach réimse curaclaim, thar na Leibhéal CfE ó aois 3 go 15. |
| HPE | Oideachas sláinte agus fisiciúil (Health and physical education) | Ceann d'ocht réimse foghlama i gCuraclam na Nua-Shéalainne don aoisghrúpa 5-18. |
| HSC | Teastas ardscoile (Higher school certificate) | An ardteistiméireacht shinsearach dara leibhéal in New South Wales (an Astráil). |
| | *grundskola* | An scoil éigeantach (bunscoil-meánscoil) do pháistí ó 7-16 sa tSualainn. |
| | *kaitiaki* | An Nua-Shéalainn: caomhnóirí/cosantóirí na timpeallachta (féach thíos). |
| | *kaitiakitanga* | Prionsabal na caomhnóireachta/maoirseachta, an chosanta agus an chaomhnaithe in Oideachas Timpeallachta don Inbhuanaitheacht/Oideachas don Inbhuanaitheacht sa Nua-Shéalainn. Is cuid den churaclam OtdI/OdI é ó na luathbhlianta ar aghaidh. |

| | | |
|---|---|---|
| FdI | An Fhoghlaim don Inbhuanaitheacht (Albain) (Learning for Sustainability) | Déantar sainmhíniú uirthi mar chur chuige don saol agus don fhoghlaim le haghaidh foghlaimeoirí, oideachasóirí, scoileanna agus á gcuid pobal níos leithne a chumasú chun sochaí atá cóir go sóisialta, inbhuanaithe agus cothrom a chruthú. Fíonn sé an tsaoránacht dhomhanda, an t-oideachas um fhorbairt inbhuanaithe agus an fhoghlaim lasmuigh le chéile, agus é mar aidhm aici taithí foghlama atá ciallmhar, tairbheach agus bunathraitheach a chruthú. |
| | *Mana whenua* | Muintearas: ceann de na cúig shnáithe i *Te Whāriki* – Creatchuraclam na Luath-Óige sa Nua-Shéalainn. |
| MEXT | An Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta, (An tSeapáin) (Ministry of Education, Culture, Sports, Science and Technology) | |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (Éire) | |
| NCEA | Teastas Oideachais Náisiúnta (National Certificate of Educational Achievement) | An cháilíocht shinsearach dara leibhéal do dhaoine óga sa Nua-Shéalainn. Cáilíocht bunaithe ar chreidiúintí, atá ar fáil ag Leibhéal 1, 2 agus 3 de Chreat Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne, a dhíríonn ar na scoláirí go léir is cuma cén chonair ghairme/acadúil atá acu. Aithníonn sé réimse cúrsaí, cáilíochtaí agus conairí – acadúil agus gairme. |
| QCE | Teastas Oideachais Queensland (Queensland Certificate of Education) | An ardteistiméireacht shinsearach dara leibhéal i Queensland (an Astráil). |
| | *Skolverket* | Gníomhaireacht Oideachais Náisiúnta na Sualainne, atá freagrach as curaclam agus measúnú, agus as forbairt agus obair feabhsúcháin i scoileanna agus i réamhscoileanna. |
| SFIanna | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe | Na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe, ar ghlac Ballstáit na Náisiún Aontaithe go léir leo in 2015, agus atá i gcroílár an treoirphlean roinnte um shíochán agus rath do dhaoine agus don domhan. Is Oideachas Ardchaighdeáin atá i gceist le SDG 4 agus baineann cuspóir SDG 4.7 le sealbhú eolais agus scileanna na bhfoghlaimeoirí go léir atá riachtanach chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn faoi 2030. |
| SQA | Údarás Cáilíochtaí na hAlban (Scottish Qualifications Authority) | An foras cáiliúcháin agus creidiúnaithe náisiúnta d'Alban. |

| | | |
|---|---|---|
| | *Te Whāriki* | Creatchuraclam na Luath-Óige do pháistí ó aois 0-5 i soláthar oideachais na luath-óige sa Nua-Shéalainn. |
| | Creatchuraclam na Nua-Shéalainne ar Líne (The New Zealand Curriculum Online) | An creatchuraclam do dhaltaí i scoileanna Béarla ó Bhliain 1-13, agus ó aois 5-18. |
| NA | Na Náisiúin Aontaithe | |
| VCE | Teastas Oideachais Victorian (Victorian Certificate of Education) | An ardteistiméireacht shinsearach dara leibhéal in Victoria (an Astráil). |
| WCED | An Coimisiún Domhanda um Thimpeallacht agus um Fhorbairt (World Commission on Environment and Development) | D'fhoilsigh sé an tuarascáil Brundtland, in 1987, a bhunaigh na treoirphrionsabail don fhorbairt inbhuanaithe. |
| | Fadhbanna uafásacha | Fadhbanna atá mór, casta agus idircheangailte, amhail an t-athrú aeráide, an bhochtaineacht agus an easpa bia. |

## Tagairtí


Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (2021a). *Australian Curriculum Review Consultation: Cross-Curriculum Priorities* [ar líne]. Ar fáil: https://australiancurriculum.edu.au/consultation/cross-curriculum-priorities/ (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (2021b). *Australian Curriculum Review: Cross-Curriculum Priorities. Sustainability. Consultation – Introductory Information and Organising Ideas* [ar líne]. Ar fáil: https://australiancurriculum.edu.au/media/7018/ccp_sustainability_consultation.pdf (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (2020). *Terms of Reference – Review of the Australian Curriculum F-10* [ar líne]. Ar fáil: https://australiancurriculum.edu.au/media/6880/terms-of-referrence-for-the-review.pdf (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *F-10 Curriculum: Cross-Curriculum Priorities* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/cross-curriculum-priorities/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *F-10 Curriculum: Curriculum Connections. Outdoor Learning* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/resources/curriculum-connections/portfolios/outdoor-learning/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *F-10 Curriculum: Learning Areas* [ar líne]. Ar fáil: https://australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/learning-areas/ (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *F-10 Curriculum: Sustainability* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/cross-curriculum-priorities/sustainability/ (rochtain ar an 11 Lúnasa, 2021).

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority (ACARA) (gan dáta). *Senior Secondary Curriculum* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiancurriculum.edu.au/senior-secondary-curriculum/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Australian Education for Sustainability Alliance (AESA) (2014). *Education for Sustainability and the Australian Curriculum Project* (Final report for research phases 1 to 3) [ar líne]. Ar fáil: http://www.aaee.org.au/wp-content/uploads/2017/08/AAEE-Education-for-Sustainability-and-the-Australian-Curriculum-Project-Final-Report-2015.pdf (rochtain ar an 17 Lúnasa 2021).

Australian Government Department of Education, Skills and Employment (2019) (mionathraithe 2020). *The Alice Springs (Mparntwe) Education Declaration* [ar líne]. Ar fáil: https://www.dese.gov.au/alice-springs-mparntwe-education-declaration/resources/alice-springs-mparntwe-education-declaration (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

Australian Government Department of Education, Skills and Employment (2009) (mionathraithe 2019). *Belonging, Being & Becoming: the Early Years Learning Framework for Australia* [ar líne]. Ar fáil: https://www.dese.gov.au/national-quality-framework-early-childhood-education-and-care/resources/belonging-being-becoming-early-years-learning-framework-australia (rochtain ar an 11 Lúnasa, 2021).

Australia's Nature Hub (2019). *Australia's Strategy for Nature 2019-2030* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiasnaturehub.gov.au/national-strategy (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Comhlathas na hAstráile (2019). *Australia's Strategy for Nature 2019-2030* [ar líne]. Ar fáil: https://www.australiasnaturehub.gov.au/sites/default/files/2020-11/australias-strategy-for-nature.pdf (rochtain ar an 18 Lúnasa, 2021).

Commonwealth Scientific and Industrial Research Organisation (CSIRO) (Astráil) (gan dáta). *Sustainable Futures* [ar líne]. Ar fáil: https://www.csiro.au/en/education/programs/sustainable-futures (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Aireacht na Danmhairge um Oideachas agus Leanaí (2020a). *The Strengthened Pedagogical Curriculum: Framework and Content* [ar líne]. Ar fáil: https://emu.dk/sites/default/files/2021-03/8077%20SPL%20Hovedpublikation_UK_WEB%20FINAL-a.pdf (rochtain ar an 11 Lúnasa, 2021).

Aireacht na Danmhairge um Oideachas agus Leanaí (2020b). *Folkeskolen's Subjects* [ar líne]. Ar fáil: https://www.uvm.dk/folkeskolen/fag-timetal-og-overgange/fag-emner-og-tvaergaaende-temaer/folkeskolens-fag (rochtain ar an 20 Lúnasa 2021).

Aireacht um Oideachas na Danmhairge (2009). *Education for Sustainable Development: a Strategy for the United Nations Decade 2005-2014* [ar líne]. Ar fáil: Education for Sustainable Development | Børne– og Undervisningsministeriet (uvm.dk) (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2021a). *A Summary of Learning for Sustainability Resources* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/improvement/learning-resources/a-summary-of-learning-for-sustainability-resources (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2021b). *Curriculum for Excellence: Benchmarks* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/improvement/learning-resources/curriculum-for-excellence-benchmarks/ (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2021c). *Curriculum for Excellence: Experiences and Outcomes* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/education-scotland/scottish-education-system/policy-for-scottish-education/policy-drivers/cfe-building-from-the-statement-appendix-incl-btc1-5/experiences-and-outcomes/ (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2021d). *What is Curriculum for Excellence?* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/education-scotland/scottish-education-system/policy-for-scottish-education/policy-drivers/cfe-building-from-the-statement-appendix-incl-btc1-5/what-is-curriculum-for-excellence (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2019a). *Climate Change in Scottish Education Briefing* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/improvement/self-evaluation/climate-change-in-scottish-education/ (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2019b). *Learning for Sustainability Action Plan* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/media/cx1lwhvu/learningforsustainability-vision2030actionplan.pdf (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2016). *Vision 2030+ Concluding Report of the Learning for Sustainability National Implementation Group* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/media/ulodcmfl/res1-vision-2030.pdf (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2015a). *How Good is Our School?* (4ú eagrán) [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/nih/Documents/Frameworks_SelfEvaluation/FRWK2_NIHeditHGIOS/FRWK2_HGIOS4.pdf (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Education Scotland (2015b). *Opening Up Great Learning: Learning for Sustainability* [ar líne]. Ar fáil: https://education.gov.scot/media/qcmmw0m3/sci17_openinguplearningsust.pdf (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Education Services Australia (ESA) (2021). *Scootle* [ar líne]. Ar fáil: http://www.scootle.edu.au/ec/p/home (rochtain ar an 20 Lúnasa 2021).

Elf, N., Svabo, C. and Skovgaard, T. (2021). *Ecoliteracy: Environmental Learning Based on the Local* [ar líne]. Ar fáil: https://emu.dk/grundskole/paedagogik-og-didaktik/oekoliteracy-miljoelaering-med-afsaet-i-det-lokale?b=t5-t22-t2565 (rochtain ar an 17 Lúnasa, 2021).

Foundation for Environmental Education (FEE) (gan dáta). *Eco-Schools* [ar líne]. Ar fáil: https://www.ecoschools.global/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

General Teaching Council for Scotland (GTC Scotland) (2021). *Professional Standards 2021 for Scotland's Teachers* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gtcs.org.uk/professional-standards/professional-standards-for-teachers.aspx (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

General Teaching Council for Scotland (GTC Scotland) (2012). *The Standards for Registration: Mandatory Requirements for Registration with the General Teaching Council for Scotland* [ar líne]. Ar fáil: http://www.gtcs.org.uk/web/FILES/the-standards/standards-for-registration-1212.pdf (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

General Teaching Council for Scotland (GTC Scotland) (gan dáta). *Learning for Sustainability: a Professional Guide for Teachers* [ar líne]. Ar fáil: https://www.gtcs.org.uk/professional-standards/learning-for-sustainability.aspx (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

Oifigí Rialtais na Sualainne (2021). *Fact Sheet: Education for Sustainable Development* [ar líne]. Ar fáil: https://www.government.se/information-material/2021/05/fact-sheet-societyeducation-for-sustainable-development/ (rochtain ar an 11 Lúnasa, 2021).

Intergovernmental Panel on Climate Change (IPCC) (2021). *'Climate change widespread, rapid and intensifying - IPCC', 9 August* [ar líne]. Ar fáil: https://www.ipcc.ch/2021/08/09/ar6-wg1-20210809-pr/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Éire: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES) (2014). *'Oideachas don Inbhuanaitheacht': an Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn 2014-2020* [ar líne]. Ar fáil: https://assets.gov.ie/24587/c82be92cea214b0789ce668c2c082c57.pdf (rochtain ar an 4 Samhain, 2021).

Éire: An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRA) (2012). *Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn* [ar líne]. Ar fáil: https://developmenteducation.ie/resource/our-sustainable-future-a-framework-for-sustainable-development-in-ireland/ (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (MEXT) (2018). *The Third Basic Plan for the Promotion of Education (Aistriúchán Sealadach)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.mext.go.jp/en/policy/education/lawandplan/title01/detail01/1373799.html (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (MEXT) (2016). *A Guide to Promoting ESD (Education for Sustainable Development)* (1ú eagrán) [ar líne]. Ar fáil: https://www.mext.go.jp/component/english/__icsFiles/afieldfile/2016/11/21/1379653_01_1.pdf (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (MEXT) (2008). *Course of Study for Kindergarten* [ar líne]. Ar fáil: https://www.mext.go.jp/component/english/__icsFiles/afieldfile/2011/04/07/1303755_002.pdf (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (MEXT) (gan dáta). *ESD (Education for Sustainable Development)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.mext.go.jp/en/unesco/title04/detail04/sdetail04/1375695.htm (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Aireacht Oideachais, Cultúir, Spórt, Eolaíochta agus Teicneolaíochta na Seapáine (MEXT) (gan dáta). *2017/30/31 Revised Course of Study (text, commentary)* [ar líne]. Ar fáil: https://www.mext.go.jp/a_menu/shotou/new-cs/1384661.htm (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Learning for Sustainability Scotland (2016). *Learning for Sustainability – Effective Pedagogies (Learning for Sustainability Research into Action Briefings)* [ar líne]. Ar fáil: https://blogs.glowscotland.org.uk/glowblogs/public/lfsblog/uploads/sites/2744/2018/01/Learning-for-Sustainability-effective-pedagogies-LfS-Research-Briefings-No.4.pdf (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Department of Conservation (2017). *Environmental Education for Sustainability: Strategy and Action Plan 2017-2021* [ar líne]. Ar fáil: https://www.doc.govt.nz/about-us/our-policies-and-plans/education-strategies/environmental-education-for-sustainability-strategy-and-action-plan/strategy-and-action-plan-20172021/ (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2021a). *Education for Sustainability: Learning Programme Design. (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Learning-programme-design (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2021b). *Education for Sustainability: Resources (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Resources (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020a). *Education for Sustainability: Learning Objectives (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Learning-objectives (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020b). *The New Zealand Curriculum Online: Education for Sustainability* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-resources/Education-for-sustainability (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020c). *The New Zealand Curriculum Online. Education for Sustainability: Resources* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-resources/Education-for-sustainability/Resources (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020d). *The New Zealand Curriculum Online. Education for Sustainability: Teaching Ideas and Tips* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-resources/Education-for-sustainability/Teaching-ideas-and-tips (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020e). *The New Zealand Curriculum Online: Future Focus Principle* [ar líne]. Available: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Principles/Future-focus-principle (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020f). *The New Zealand Curriculum Online: Key Competencies* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Key-competencies (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2020g). *The New Zealand Curriculum Online: Principles* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Principles (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2017). *The New Zealand Curriculum Online* [ar líne]. Ar fáil: https://nzcurriculum.tki.org.nz/The-New-Zealand-Curriculum (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2015a). *Developing Key Competencies in EfS (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Pedagogy/Developing-key-competencies-in-EfS (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2015b). *Education for Sustainability Teaching and Learning Guide (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (2015c). *Guidelines for Environmental Education in New Zealand Schools* [ar líne]. Available: https://nzcurriculum.tki.org.nz/Curriculum-resources/Education-for-sustainability/Resources/Guidelines-for-Environmental-Education-in-New-Zealand-Schools (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021). [Seo iad na buntreoracha don oideachas timpeallachta i scoileanna na Nua-Shéalainne, a forbraíodh in 1999. Tá siad fós ar fáil ar mhaithe le heolas úsáideach a sholáthar do scoileanna chun oideachas a phleanáil um chláir teagaisc agus foghlama na hinbhuanaitheachta.]

New Zealand Ministry of Education (2010). *Rationale: Why Study Education for Sustainability? (New Zealand Curriculum Guides: Senior Secondary)* [ar líne]. Ar fáil: https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Education-for-sustainability/Rationale (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021)

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). *NCEA Education for Sustainability Assessment Resources* [ar líne]. Ar fáil: https://ncea.tki.org.nz/Resources-for-Internally-Assessed-Achievement-Standards/Social-sciences/Education-for-sustainability (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). *Te Whāriki Online* [ar líne]. Ar fáil: https://tewhariki.tki.org.nz/en/early-childhood-curriculum/ (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). *Te Whāriki Online: Sustainability* [ar líne]. Ar fáil: https://tewhariki.tki.org.nz/en/teaching-strategies-and-resources/belonging/sustainability/ (rochtain ar an 13 Lúnasa, 2021).

New Zealand Qualifications Authority (NZQA) (gan dáta). *NCEA* [ar líne]. Ar fáil: https://www.nzqa.govt.nz/ncea/ (rochtain ar an 18 Lúnasa, 2021).

New Zealand Teaching and Learning Research Initiative (TLRI) (2009). *A Framework for Developing Whole-school Approaches to EfS* [ar líne]. Ar fáil: http://www.tlri.org.nz/sites/default/files/projects/9245_Appendix%20A.pdf (rochtain ar an 12 Lúnasa 2021).

OECD, UNESCO, Education International (gan dáta). *Global Teaching Insights: Climate Action* [ar líne]. Ar fáil: https://www.globalteachinginsights.org/channel/Climate+Action/212779523 (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Scottish Qualifications Authority (SQA) (gan dáta). *National Qualifications* [ar líne]. Ar fáil: https://www.sqa.org.uk/sqa/79156.html (rochtain ar an 18 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (2018a). *Curriculum for the Compulsory School, Preschool Class and School-age Educare 2011: revised 2018* [ar líne]. Ar fáil: https://www.skolverket.se/getFile?file=3984 (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (2018b). *Curriculum for the Preschool: Lpfö 2018* [ar líne]. Ar fáil: https://www.skolverket.se/getFile?file=4049 (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (2013). *Curriculum for the Upper Secondary School* [ar líne]. Ar fáil: https://www.skolverket.se/getFile?file=2975 (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (gan dáta). *Curriculum, Programmes and Subjects in High School* [ar líne]. Ar fáil: https://www.skolverket.se/undervisning/gymnasieskolan/laroplan-program-och-amnen-i-gymnasieskolan (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (gan dáta). The Learning Portal: All Module Areas – Sustainable Development [ar líne]. Ar fáil: https://larportalen.skolverket.se/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Skolverket Sweden (gan dáta). *Sustainable Development as well as Health and Movement in Preschool* [ar líne]. Ar fáil: https://www.skolverket.se/skolutveckling/inspiration-och-stod-i-arbetet/stod-i-arbetet/hallbar-utveckling-samt-halsa-och-rorelse-i-forskolan (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an tSualainn (2020). *The Environmental Objectives System* [ar líne]. Ar fáil: https://www.naturvardsverket.se/en/environmental-work/environmental-objectives/ (rochtain ar an 4 Samhain, 2021).

Aireacht Oideachais na Sualainne (2019). *The Government Wants to Increase Knowledge about Agenda 2030 and the National Environmental Goals in Schools* [ar líne]. Ar fáil: https://www.regeringen.se/pressmeddelanden/2019/04/regeringen-vill-oka-kunskapen-om-agenda-2030-och-de-nationella-miljomalen-i-skolan/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

Teaching Council of New Zealand (2017). *Our Code Our Standards: Code of Professional Responsibility and Standards for the Teaching Profession* [ar líne]. Ar fáil: https://teachingcouncil.nz/professional-practice/our-code-our-standards/ (rochtain ar an 16 Lúnasa, 2021).

UK Parliament House of Lords Library (2021). *Education (Environment and Sustainable Citizenship) Bill [HL]* [ar líne]. Ar fáil: https://lordslibrary.parliament.uk/education-environment-and-sustainable-citizenship-bill-hl/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

EOECNA (2021a). *UN Decade of ESD* [ar líne]. Ar fáil: https://en.unesco.org/themes/education-sustainable-development/what-is-esd/un-decade-of-esd (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

EOECNA (2021b). *Global Action Programme on Education for Sustainable Development (2015-2019)* [ar líne]. Ar fáil: https://en.unesco.org/globalactionprogrammeoneducation (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

EOECNA (2021c). *Learn for Our Planet: a Global Review of How Environmental Issues are Integrated in Education* [ar líne]. Ar fáil: https://unesdoc.unesco.org/in/documentViewer.xhtml?v=2.1.196&id=p::usmarcdef_0000377362&file=/in/rest/annotationSVC/DownloadWatermarkedAttachment/attach_import_084f4799-b640-4797-a96a-371b3c841034%3F_%3D377362eng.pdf&locale=en&multi=true&ark=/ark:/48223/pf0000377362/PDF/377362eng.pdf%20-%20INT_253.11_EduEnviroment_12May2021_final.indd%3A.236545%3A3211 (rochtain ar an 12 Lúnasa, 2021).

EOECNA (2020). *Education for Sustainable Development: a Roadmap* [ar líne]. Ar fáil: https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374802.locale=en (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

EOECNA (gan dáta). *UNESCO Associated Schools Project Network* [ar líne]. Ar fáil: https://aspnet.unesco.org/en-us (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

EOECNA (gan dáta). *What is Education for Sustainable Development?* [ar líne]. Ar fáil: https://en.unesco.org/themes/education-sustainable-development/what-is-esd (rochtain ar an 10 Lúnasa, 2021).

Na Náisiúin Aontaithe (1987). *Our Common Future: Report of the World Commission on Environment and Development* (the Brundtland Report) [ar líne]. Ar fáil: https://www.are.admin.ch/are/en/home/media/publications/sustainable-development/brundtland-report.html (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

United Nations Department of Economic and Social Affairs (gan dáta). *Sustainable Development: the 17 Goals* [ar líne]. Ar fáil: https://sdgs.un.org/goals (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

United Nations Department of Economic and Social Affairs (gan dáta). *Transforming our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [ar líne]. Ar fáil: https://sdgs.un.org/2030agenda (rochtain ar an 9 Lúnasa, 2021).

United Nations University (gan dáta). *Global RCE Network: Education for Sustainable Development* [ar líne]. Ar fáil: https://www.rcenetwork.org/portal/ (rochtain ar an 20 Lúnasa, 2021).

**Sharon O'Donnell & Catherine Higginson, 4 Samhain 2021**

**Is leis an údar an tuairim a léirítear sa tuarascáil seo agus ní gá go dtugann sé tuairim, dearcthaí ná beartas na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le fios.**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment